
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023

## Clár 2023


A.T.&Co.Ltd.

Uimhir S 1367
1923.

SAORSTÁT ÉIREANN.

Ainm, Gov. Gen.

Gno, League of Nations

Meeting of Executive Council - 16/8/23.

Extract from Minutes. C.1/144.

LEAGUE OF NATIONS.


The appointment of three Delegates and three substitute Delegates to represent the Free State at the forthcoming Session of the Assembly of the League of Nations at Geneva in September next was approved, and the following six names provisionally approved in this connection :-

The President (Mr. Cosgrave),
Minister of External Affairs (Mr. Fitzgerald),
" " Education (Professor McNeill),
" General (Mr.H.Kennedy),

League of Nations at Geneva:-
President.
Minister of External Af
Minister of Education.
Attorney General.
Marquis McSwiney.
Mr. O Grattan Esmond

It was decided also should be accompanied by
Mr. Kevin O'Shiel (As
Mr. Diarmuid O'Hegart to the Executive
Mr. G. McGann (Secr
Colonel J. O'Reill

IAN.



*"Le feiceáil sa ghrianghraf tá an slad a thit amach de dheasca na mianach talún a scrios droichead Phort Mearnóg ar Mhór-Iarnród an Tuaiscirt oíche Déardaoin seo chaite." Grianghraf le J. Kilpatrick. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, NPA CW5.*

# Clár


Réamhrá ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán 3

Focal ó Chathaoirleach an tSainghrúpa Chomhairligh um Chomórthaí Céad Bliain 4

Focal ó Leas-Chathaoirleach an tSainghrúpa Chomhairligh um Chomórthaí Céad Bliain 5

Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2023 6

- Cuspóirí an Chláir
- Téamaí an Chláir
- Snáitheanna an Chláir

SNÁITHE SEARMANAIS STÁIT 12

SNÁITHE STAIRIÚIL 15

SNÁITHE POBAIL 51

SNÁITHE NA SAMHLAÍOCHTA CRUTHAITHÍ 69

Príomhtheagmhálaithe agus acmhainní


*Íomhá Clúdaigh:*
*Bileog Miontuairiscí ó Iarratas 'Rialtas Sealadach na hÉireann' ar Chonradh na Náisiún. Le caoinchead ón gCartlann Náisiúnta, TSCH/3/S3332/3.*

# Réamhfhocal



**Ba mhór an phribhléid dom a bheith i gceannas ar an gcéim dheiridh de Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán, a thiocfaidh chun críche i mí Mheán Fómhair agus comóradh á dhéanamh ar chéad bliain ó ligeadh Saorstát Éireann isteach i gConradh na Náisiún.**

I mbliana freisin déanfar comóradh céad bliain ar chuid de na hainghníomhartha is mó a thit amach i gCogadh na gCarad, a bhfuil a rian fágtha acu ar ár gcuimhne choiteann agus ar an tírdhreach áitiúil. Is gá go ndéanfar scrúdú iomlán ar na himeachtaí sin laistigh dá gcomhthéacsanna cearta, bunaithe ar an bhfianaise stairiúil agus ar na bunfhoinsí. Déanfaimid comóradh ar gach duine a fuair bás sa choimhlint agus déanfaimid machnamh ar a hoidhreacht thrámach bhuan. Déanfar ceiliúradh ar phríomhéachtaí cultúir, mar shampla Duais Nobel i Litríocht a bronnadh ar W.B. Yeats.

Is iomaí buaicphointe a bhí ann ó cuireadh tús le Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán in 2012. Sa chlár *Céad Bliain Éireann 2016*, a rinne comóradh ar chéad bliain ó Éirí Amach 1916, tugadh saoránaigh na tíre sa bhaile agus thar lear le chéile ar bhealach nach bhfacthas riamh cheana, agus tacaíocht láidir acu ó na páirtithe leasmhara go léir ar fud na n-earnálacha polaitíochta, cultúir, pobail, oideachais agus fiontraíochta agus i bpobal domhanda na hÉireann.

Rinneadh taighde freisin ar na hinsintí casta a bhaineann le rannpháirtíocht na hÉireann sa Chéad Chogadh Domhanda, agus ar thaithí fhir agus mhná na hÉireann a thug seirbhís agus a thug a n-anam, rud nár léiríodh ar feadh blianta fada nó a ligeadh i ndearmad ar fad.

Rinneadh faillí agus beag is fiú de na rudaí tábhachtacha ar thug mná fúthu sa stair le blianta fada freisin. Mar sin féin, tá taighde nua, aimsithe cartlainne, agus tionscnaimh tharraingteacha i rith Dheich mBliana na gCuimhneachán, tar éis ról agus eispéiris na mban le linn na tréimhse réabhlóidí a athbheochan agus béim a leagan orthu.

Le linn Dheich mBliana na gCuimhneachán, tugadh dearcadh nua ar imeachtaí a shíl muid a thuig muid cheana féin. Thug muid aghaidh le chéile ar dhúshláin agus ar chastachtaí, go háirithe agus muid ag déanamh ár mbealaigh tríd an gcéim dheiridh seo, agus muid ag marcáil teacht chun cinn Stát neamhspleách na hÉireann i lár Cogadh Cathartha trámach. Cé go mb'fhéidir go raibh éagsúlacht ag baint le peirspictíochtaí, rinneadh díospóireacht agus plé ar bhealach measúil, agus tacaíocht in úsáid ó raidhse ábhair léinn agus ábhair ó chartlanna náisiúnta agus áitiúla, lena n-áirítear foinsí nua-dhigitithe.

Tá sé tráthúil anois, aitheantas a thabhairt d'obair iontach ár gcomhpháirtithe thar iliomad disciplíní a rinne an stair choiteann inrochtana agus tarraingteach do gach duine, agus léargais úra agus tuiscint níos saibhre á gcur i láthair ar an stair. Trí staraithe, coimeádaithe cartlainne, leabharlannaithe, institiúidí cultúir náisiúnta, institiúidí foghlama, pobail áitiúla agus údaráis áitiúla, eagraíochtaí meán agus craolacháin, agus pobail chruthaitheacha agus ealaíne, léiríodh dúinn go bhfuil go leor bealaí éagsúla ann chun plé leis an stair ar bhealach údarach. Molaim agus tréaslaím lenár gcomhpháirtithe go léir, a chuir tionscnaimh uaillmhianacha, bhuana, agus shamhlaíocha chomórtha le chéile chun lucht féachana de gach aois a mhealladh – a leithéid d'oidhreacht iontach do na glúnta atá le teacht.

Tacaíocht fhíorluachmhar don Rialtas ba ea prionsabail threoracha agus comhairle an tSainghrúpa Chomhairligh um Chomórthaí Céad Bliain agus go deimhin do gach duine a raibh baint acu le comóradh i rith Dheich mBliana na gCuimhneachán. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Dr Maurice Manning agus leis an Dr Martin Mansergh – an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach – agus le baill an tSainghrúpa as a maoirseacht mhachnamhach, a dtiomantas, agus a seirbhís phoiblí. Caithfidh mé a lua freisin an méid ollmhór a rinne an Dr Éamon Phoenix, nach maireann, a bhraitheann gach duine a raibh sé de phribhléid acu a bheith ag obair leis uathu é.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an Ghrúpa Comhairliúcháin Uile-Pháirtí do Chomórthaí, as a rannpháirtíocht, a ranníocaíochtaí agus a dtacaíocht le linn na tréimhse comórtha seo.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a ghabháil le gach duine, sa bhaile agus ar fud an domhain, a bhí ag plé le Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán le hionracas, cothroime, díograis, agus comhbhá. Rinneadh go leor iniúchta agus díospóireachta, agus muid ag scrúdú miondifríochtaí ár linne go measúil agus go tuisceanach agus muid ar an aistear a ghlac muid mar Stát ceannasach le 100 bliain anuas. Ligeann an t-am agus an t-achar dúinn peirspictíochtaí nua agus tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar an tréimhse chasta sin. Creidim gur ghlac muid go hiomlán leis an deis seo agus gur thosaigh muid ar an bpróiseas chun casaoidí stairiúla na hoidhreachta a leigheas – turas a chuaigh go mór chun ár leasa.

**Catherine Martin, TD**
*An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán*

# Focal ó Chathaoirleach an tSainghrúpa Chomhairligh um Chomórthaí Céad Bliain



Is cúis mhór bhróin dom bás ár gcara agus ár gcomhghleacaí mór, an Dr Éamon Phoenix a lua. Chuir Éamon go mór le Deich mBliana na gCuimhneachán. Tugtar faoi deara a scoláireacht mhór, a phaisean, a scileanna cumarsáide agus a chothroime agus a ionracas mór pearsanta san ómós a léirítear air ó bhásaigh sé agus táimidne, a chomhghleacaithe ar an Sainghrúpa Comhairleach, faoi chomaoin aige as a chomhairle agus a léargais chríonna a chabhraigh leis an oiread sin dá ndearna muid a mhúnlú. Go ndéana Dia trócaire air.

Táimid ag teacht anois chuig na céimeanna deiridh de Dheich mBliana na gCuimhneachán agus tá sé tráthúil machnamh a dhéanamh ar an deich mbliana sin agus ar an méid atá bainte amach - nó nach bhfuil bainte amach againn.

Ag tús na ndeich mbliana bhí go leor ceisteanna deacra le plé agus le réiteach...

Ba é an phríomhcheist ná cibé an mbeadh sé de mhisneach againn aghaidh a thabhairt ar ár stair, ach ní hamháin sin ach an mbeadh an toil, an oscailteacht, an fhlaithiúlacht agus níos tábhachtaí fós, na scileanna againn, aghaidh a thabhairt uirthi agus glacadh léi ar bhealach macánta, bunaithe ar fhianaise, cuimsitheach agus fiúntach.

Má chaithimid súil arís ar chuid de chlúdach na meán ag an am ní raibh muinín dá leithéid ann. Dhírigh cuid mhaith de chlúdach na meán ag an am ar na deacrachtaí a bheadh romhainn. Agus muid ag smaoineamh ar chomóradh caoga bliain 1966, bhí tuar ann faoi chur isteach agus ionramháil pholaitiúil. Bhí eagla ar go leor daoine a scríobh ag an am go ndéanfaí an comóradh a thógáil isteach in imeachtaí polaitiúla reatha agus go n-úsáidfí é mar uirlis chun tacú le staideanna polaitiúla reatha, agus go ndéanfaí sean-achrainn neamhréitithe agus searbhas oidhreachta a aithris.

Agus bhain imní mhór dháiríre le croílár na ceiste... - an mbeimis in ann na daoine a mhealladh? ... a mhealladh ar bhealach a bhí inchreidte, macánta agus faisnéiseach, á gcur ar a suaimhneas maidir lena stair féin, a castacht, a héagsúlacht, a teipeanna, agus ina fírinne shearbh.

Sílim gur féidir linn a rá anois go raibh lucht an amhrais mícheart. Tá staireagrafaíocht na hÉireann le deich mbliana anuas an-saibhir. Má dhéanaimid breithiúnas ar na deich mbliana maidir le taighde agus foilseacháin nua, teacht chun cinn glúin nua scoláirí cumasacha nuálacha misniúla, rinneadh neamhaird nó seachnaíodh teorainneacha na n-ábhar go dtí seo – ról na mban, an chaoi a gcaitear le mionlaigh, ceisteanna deacra sóisialta agus sochaíocha, ealaíona agus cultúr, gan ach cúpla ceann a lua. Tá cuid mhaith den obair go dtí seo fíor-cheannródaíoch – agus leanfar ar aghaidh leis an obair sin.

Agus ba chóir dúinn a thabhairt faoi deara freisin an méid a chuireann na meáin ar fáil, áit a mbíonn cláir faisnéise teilifíse agus raidió ina mbíonn saothar mór taighde, go leor ar ardchaighdeán, agus go leor forlíontaí nuachtáin a chabhraigh le heolas ar imeachtaí casta a scaipeadh ar lucht féachana an-leathan.

Cé nach bhfuil siad chomh soiléir sin, tá tábhacht ollmhór ag baint le tionscnaimh ár n-údarás áitiúil. Agus tacaíocht acu ón rialtas, tá na húdaráis áitiúla ar na chéad daoine chun tabhairt faoi go leor tionscnamh, tionscnaimh shamhlaíocha go minic, agus iad ag scrúdú thionchar imeachtaí na ndeich mbliana ar an bpobal féin. Agus ba cheart dom trácht a dhéanamh freisin ar an méid a chuir cumainn staire áitiúla le pobail agus iad ag foghlaim faoina stair féin.

Ba mhaith liom a lua anseo an eagla ar thagair mé di níos luaithe, eagla go n-athdhéanfaí imeachtaí 1966, inar rialaigh an Rialtas na himeachtaí. Níor tharla sé sin. Cháin roinnt daoine an Rialtas fiú as gan a bheith réamhghníomhach, ach ón tús, tugadh ómós do chinneadh an Taoisigh Enda Kenny ag an am, go ndéanfaí imeachtaí a imfhalú ó chur isteach an Rialtais.

Ní hé sin le rá nár thacaigh an Rialtas leis. Tacaíonn agus cabhraíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ó thaobh airgid de gan aon ionchur eagarthóireachta, díreach mar a tharla leis na comhdhálacha éagsúla náisiúnta agus áitiúla agus freisin ina tacaíocht airgeadais don oiread sin de thionscnaimh chultúrtha shamhlaíocha na ndeich mbliana.

Ar ndóigh bhí conspóidí agus easaontais agus cáineadh ann. Ní fhéadfaí é sin a sheachaint, ach dar liomsa an ghné ba shuntasaí de na deich mbliana go dtí seo ná nach raibh aon choinneáil siar ann. Ní raibh aon ábhar nach raibh cead a phlé – idir cheist shaighdiúirí na hÉireann sa Chogadh Mór ag tús na ndeich mbliana, agus Cogadh na gCarad lena dheacrachtaí brúidiúla ar fad, ní raibh aon siar ná aniar againn leo. Osclaíodh na cartlanna, féachadh ar gach pointe dearcaidh, craoladh agus rinneadh meastóireacht ar eipeasóid phianmhara - agus a bhuíoch de gach duine thug muid an spás agus an meas a bhí ag teastáil dá chéile.

Mar fhocal scoir - faoi láthair – fágaim sibh leis an méid a scríobh an staraí cáiliúil Simon Schama le déanaí in *Financial Times* gurb iad an Ghearmáin agus Éire an dá thír san Eoraip is fearr a láimhseáil a stair le déanaí. Murab ionann agus tíortha eile, níor fhéach muid lenár stair a úsáid mar arm, ach chaith muid le meas léi.

**An Dr Maurice Manning**
*Cathaoirleach an tSainghrúpa Chomhairligh um Chomórthaí Céad Bliain*

# Focal ó Leas-Chathaoirleach an tSainghrúpa Chomhairligh um Chomórthaí Céad Bliain



**Is é Deich mBliana na gCuimhneachán, a chlúdaíonn na blianta achrannacha tar éis an Tríú Bille Rialtais Dúchais in 1912, go dtí bunú Stát neamhspleách Éireann in 1922 agus scaradh Thuaisceart Éireann, an clár comórtha is uaillmhianaí a cuireadh le chéile riamh in Éirinn. Leagann sé an bhunchloch chun cuimhneamh ar imeachtaí móra agus ar na daoine a ghlac páirt iontu agus iad a mharcáil de réir mar a shroichtear a gcomórthaí céad bliain sna blianta amach romhainn.**

D'éirigh go han-mhaith le Deich mBliana na gCuimhneachán agus iad faoi stiúir triúr Taoiseach, an Uachtaráin agus airí cultúir, agus níl ach bliain amháin fágtha. Mealladh spéis fhorleathan an phobail agus rannpháirtíocht an phobail. Ghlac eagraíochtaí ionadaíocha, institiúidí cultúir, coláistí agus na meáin páirt an-ghníomhach sna comórthaí. Phléigh siad leo ar bhealach tairbheach ag gach leibhéal, rud a chabhraíonn linn i bhfad níos mó a fhoghlaim faoi phríomhthréimhse athraithe san am atá thart. Ba mhór an chabhair an rialtas ó tharla gur thug sé tús áite d'acmhainní Bhiúró na Staire Míleata a dhéanamh inrochtana ar líne. Tugann sé seo beocht do na cuimhní scríofa a taifeadadh ar go leor daoine a ghlac páirt sa Streachailt ar son an Neamhspleáchais, ní hamháin daoine mór le rá, ach líon mór gnáthshaighdiúirí nach raibh aithne ag mórán daoine orthu seachas a dteaghlach agus muintir a gceantair féin, baill de Chumann na mBan ina measc, nár aithníodh go minic mar chomhpháirtithe comhionanna de chuid na bhfear. Ar bhealach, daonlathaíodh an chuid seo dár stair go cuimsitheach agus osclaíodh do gach duine í.

Ní bhaineann Deich mBliana na gCuimhneachán le stair oifigiúil Stáit ná ceartchreideamh nua a bhunú. Aithnítear go bhfuil go leor insintí éagsúla ann. Bhain na deich mbliana le comhbhrón a chur in iúl ó thuiscint níos leithne, gan a cheangal ar aon duine a ndílseacht a thréigean. Ní dhearnadh aon iarracht costais na réabhlóide a chur i bhfolach, i measc na bhfíor-éachtaí atá le ceiliúradh.

Is iomaí buaicphointe a bhí ann. Thosaigh na deich mbliana le hiniúchadh ar Ghéarchéim an Rialtais Dúchais, an cosán chuig réiteach síochánta ar choimhlint bhunreachtúil a cuireadh bac air, agus cuireadh imeachtaí ina ionad. Ba é Frithdhúnadh 1913 an t-am bunaidh i stair lucht oibre na hÉireann. Cuimhníodh go forleathan ar íobairtí an oiread sin Éireannach sa Chéad Chogadh Domhanda ar fud an oileáin.

Ba í buaicphointe na nDeich mBliana comóradh céad bliain Éirí Amach na Cásca, a tharla i gcaitheamh seachtaine nach mór, agus ina ndearna daoine misniúla agus spreagúla íobairtí, cé gur cailleadh go leor sibhialtach, go háirithe leanaí, a bhí gafa i lár an achrainn, agus scriosadh go leor de lár chathair Bhaile Átha Cliath. Is é Forógra 1916, ar go leor bealaí, cairt bhunaidh an Stáit.

Ba é an cúlra a bhain le bua Shinn Féin in Olltoghchán 1918 cumasc an pháirtí agus na n-óglach an bhliain roimhe sin, an freagra láidir poiblí ar chur chun báis 1916 agus bagairt an choinscríofa, agus teacht chun cinn náisiúnstáit nua ó fhothracha impireachtaí cloíte de réir theagasc an fhéinchinntiúcháin agus chearta na náisiún beag a chuir Uachtarán na Stát Aontaithe Wilson in iúl, tar éis do Mheiriceá dul isteach sa chogadh. Leathnaíodh na cearta vótála go leor freisin, agus bhí cead ag mná vótáil den chéad uair, rud nach ndearna aon dul chun cinn níos leithne ar chearta na ar feadh i bhfad, mban ar an drochuair.

Tharla dhá imeacht a chuir tús leis an streachailt chun aitheantas a thabhairt do neamhspleáchas na hÉireann an lá céanna, an 21 Eanáir 1919, cruinniú na Chéad Dála i dTeach an Ard-Mhéara agus an luíochán i Sulchóid Bheag taobh amuigh de Thiobraid Árann. Bhain cruthú rialtais mhalartaigh le feachtas treallchogaíochta a fhorbairt. Ní éireodh le ceachtar acu leo féin. I Sulchóid Bheag, cuimhníodh ar theaghlaigh na n-óglach, lucht oibre na comhairle, agus an bheirt oifigeach de chuid Chonstáblacht Ríoga na hÉireann a scaoileadh marbh i searmanas sollúnta céad bliain a d'eagraigh an pobal.

Fuair go leor daoine bás le heipidéim mharfach fliú 1918-9. Chuir paindéim COVID céad bliain ina dhiaidh sin srian ar fhormhór na n-imeachtaí lasmuigh a bhí beartaithe go háitiúil chun comóradh a dhéanamh ar phríomhimeachtaí chogadh na saoirse, ach cuimhníodh orthu i bhforlíontaí nuachtáin agus irise, i gcláir teilifíse agus raidió, agus i léachtaí agus comhdhálacha ar líne.

Clúdaíodh idirbheartaíocht agus díospóireacht an chonartha go cuimsitheach. Ar an 16 Eanáir 2022, rinneadh ceiliúradh ar aistriú siombalach Chaisleán Bhaile Átha Cliath idir na Sasanaigh agus Micheál Ó Coileáin sa Chlós Uachtarach. Tugadh léargas ar an gcogadh cathartha, chomh maith leis an bhforéigean a tháinig le teacht chun cinn Thuaisceart Éireann agus rinneadh mhachnamh air. Reáchtáladh searmanais agus comhdhálacha chun cuimhneamh ar dheireadh 1922 agus Saorstát Éireann ag teacht ar an bhfód, tar éis an chéad bhunreacht a rith le linn imeachtaí tragóideacha. In 1923, ghlac an Saorstát a áit i gConradh na Náisiún. Ó shin i leith, is iomaí dúshlán a bhí roimh stát daonlathach na hÉireann, agus léiríodh luach an neamhspleáchais agus na n-iarrachtaí ar fad a rinneadh chun é a bhunú.

An **Dr Martin Mansergh**
*Leas-Chathaoirleach an tSainghrúpa Chomhairligh um Chomórthaí Céad Bliain*

# Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2023

## In 2023, cuimhneoidh an Stát ar roinnt comórthaí céad bliain suntasacha.

**I measc cuid de na príomhchomórthaí céad bliain áirítear:**

- Chogadh na gCarad
- Éire ag dul isteach i gConradh na Náisiún
- Duais Nobel a bronnadh ar WB Yeats

Is é cur chuige an Rialtais i leith na tréimhse dúshlánaí sin de Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán cúrsaí a leagan síos ar bhealach stuama measúil cuimsitheach a spreagfaidh an pobal féachaint ar stair na tréimhse sin trí thionscnaimh shuimiúla agus shamhlaíocha. Cabhróidh an cur chuige seo le tuiscint níos doimhne a spreagadh ar chomhthéacs na linne, agus glacfar leis na peirspictíochtaí éagsúla ar ár stair choiteann agus neartófar an tsíocháin agus an t-athmhuintearas ar oileán na hÉireann.

Tá an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán freagrach as comhordú agus forbairt clár trasrialtasach cuí a stiúradh chun cuimhneamh ar imeachtaí agus téamaí suntasacha stairiúla le linn Dheich mBliana na gCuimhneachán. Tá na prionsabail a leag an Sainghrúpa Comhairleach um Chomórthaí Céad Bliain amach ina **Ráiteas Bunaid**h (a foilsíodh in 2012), **an Dara Ráiteas** (a foilsíodh in 2017) agus a **threoir ina dhiaidh sin** (a foilsíodh in Eanáir 2019) mar bhonn leis an gclár. Tá an tAire ina chathaoirleach freisin ar an nGrúpa Comhairliúcháin Uile-Pháirtí do na Cuimhneacháin Chéad Bliain maidir le pleananna an Rialtais don Chlár. Is fóram úsáideach é an Grúpa chun réimse leathan tuairimí a fhiosrú agus chuir sé go mór leis an gClár seo.

Is é 2023 an bhliain dheireanach de Dheich mBliana na gCuimhneachán. Tá sraith choitianta téamaí i ngnéithe an Chláir chomh maith le smaointe leathana ach déantar iad a nuachóiriú gach bliain ionas go bhféadfaí cuimhneamh ar chomóradh céad bliain ar leith ar bhealaí éagsúla. Cuirfear roinnt téamaí breise san áireamh in 2023 agus an tréimhse chuimhneacháin seo ag druidim chun deiridh. Leagfar amach na téamaí do 2023 ar leathanaigh 8 agus 9.

Ag teacht le téama lárnach an chláir 'Éire agus an Domhan Níos Leithne', scrúdaítear na roghanna atá ann chun aitheantas cuí a thabhairt don ról a bhí ag diaspóra na hÉireann sa tréimhse seo dár stair inar fágadh lorg láidir orainn..

Cruthaíodh an Clár seo do 2023 mar thoradh ar chomhoibriú ar fud an Rialtais, na nInstitiúidí Cultúir Náisiúnta, institiúidí foghlama, údaráis áitiúla, comhpháirtithe ealaíon agus cultúir agus príomhpháirtithe leasmhara eile. Tugann sé léargas ar an tréimhse agus forbrófar é tuilleadh le linn 2023 agus smaointe nua agus comhpháirtíochtaí nua forbartha de réir mar is cuí agus de réir chuspóirí nuashonraithe an Chláir.



*Toscaireacht Shaorstát Éireann ag teacht ar an nGinéiv don cheathrú Tionól de Chonradh na Náisiún. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, KEN11.*

# Cuspóirí an Chláir

Is é cuspóir an Rialtais cur chuige cuimsitheach, measúil, iontaofa, tomhaiste agus comhairleach a chur chun cinn maidir le comórthaí, lena spreagfar tuiscint níos doimhne ar chomhthéacs an ama, agus lena n-aithneofar peirspictíochtaí éagsúla ar ár stair choiteann chun síocháin agus athmhuintearas a neartú ar oileán na hÉireann.

Tá cur chuige an Rialtais bunaithe ar na prionsabail a leag an Sainghrúpa Comhairleach um Chomórthaí Céad Bliain amach ina Ráiteas Bunaidh (a foilsíodh in 2012), an Dara Ráiteas (a foilsíodh in 2017), agus treoir an ghrúpa ina dhiaidh sin (a foilsíodh in Eanáir 2019).


**Ráiteas Bunaidh an tSainghrúpa Chomhairligh:** https://www.decadeofcentenaries.com/wp-content/uploads/publications/Initial/Initial/index.html

**An Dara Ráiteas Prionsabal** (a dtugtar Ráiteas Misin an Dara Céim air freisin): https://www.decadeofcentenaries.com/wp-content/uploads/publications/Mission2017-23/Mission2017-23/index.html

**Treoir an tSainghrúpa Chomhairligh don Dara Céim** (2018-2023): https://www.decadeofcentenaries.com/wp-content/uploads/publications/Guidance2018/Guidance2018/index.html

D'fhan cuspóirí Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán mar an gcéanna ón tús dóibh siúd go léir a bhfuil baint acu leis an bpróiseas comórtha agus seo a leanas iad:

- Díriú ar théamaí an athmhuintearais agus ar chuimhneachán orthu siúd go léir a cailleadh le linn na tréimhse sin;
- Tuiscint níos doimhne a chur chun cinn ar imeachtaí suntasacha stairiúla na tréimhse sin, agus a aithint gur eascair insintí agus cuimhní difriúla as eispéiris choiteanna stairiúla na mblianta sin;
- Machnamh a spreagadh faoin bhféiniúlacht, na traidisiúin agus na peirspictíochtaí iomadúla atá mar chuid d'eispéireas stairiúil foriomlán na hÉireann;
- Freagairt go tuisceanach don chomhthéacs stairiúil áitiúil, agus a aithint nach raibh aon taithí mar an gcéanna laistigh de chontaetha ná ar fud oileán na hÉireann; agus
- Leanúint ar aghaidh ag cur cur chuige comhairleach oscailte chun cinn maidir le comórthaí, a fhéachann leis an tsíocháin agus an t-athmhuintearas a neartú ar fud oileán na hÉireann. Is príomhghné den athmhuintearas é aitheantas a thabhairt do chiall na dtraidisiún ar fad ar an oileán a tharraingíonn a bhféiniúlacht agus a gcuimhne chomhchoiteann ónár stair choiteann.



*Radharc ar Halla Naomh Pádraig, Caisleán Bhaile Átha Cliath, agus Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann á sheoladh, an 27 Meitheamh 2022.*
*Le caoinchead ó Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, D25333-0073.*

# Téamaí an Chláir

Tá na téamaí leathana seo a leanas bunaithe ar an Treoir ón Sainghrúpa Comhairleach um Chomórthaí Céad Bliain mar a foilsíodh i mí Eanáir 2019. Tá sé i gceist acu cabhrú le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara a dtionscnaimh agus a dtionscadail a fhorbairt agus leibhéal comhsheasmhachta a spreagadh maidir le cur chuige i leith forbairt clár agus insintí solúbtha léirmhínithe, faoi stiúir an phobail, fós á gceadú. Is é 2023 an bhliain dheireanach i gclár Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Is iad seo a leanas na téamaí do 2023:

1

**Machnamh -**

- Comóradh agus machnamh faoi stiúir an phobail; agus muid ag cuimhneamh ar oidhreachtaí áitiúla, daoine mór le rá, áiteanna, imeachtaí agus téamaí a bhfuil tábhacht ar leith leo laistigh de chontaetha, paróistí agus pobail.
- Machnamh ar Dheich mBliana na gCuimhneachán– Spléachadh eile ar an stair agus ar an gcomóradh.

2

**Cuimhneachán -** Cuimhneachán measúil, tuisceanach agus neamh-chlaonpháirteach orthusan go léir a d'fhulaing agus a fuair bás le linn na tréimhse ó 1921-1923.

3

**Críochdheighilt na hÉireann -** Iniúchadh a dhéanamh ar thionchar agus ar oidhreacht na n-imeachtaí a tharla le linn na tréimhse sin ar phobail a bhí ina gcónaí feadh na teorann nuabhunaithe agus níos faide i gcéin.

4

**Éire agus an Domhan Mór -** Iniúchadh a dhéanamh ar an ngné idirnáisiúnta, lena n-áirítear naisc áitiúla, eisimirce, agus ról Dhiaspóra na hÉireann sna himeachtaí a tharla le linn na tréimhse réabhlóidí. Chomh maith leis sin, iniúchadh a dhéanamh ar theacht chun cinn institiúidí uile-oileáin tar éis na críochdheighilte.

5

**Conradh na Náisiún -** Saorstát na hÉireann á cheadú isteach i gConradh na Náisiún sa bhliain 1923.

6

**Eispéiris na mBan -** Iniúchadh a dhéanamh ar eispéiris na mban le linn na tréimhse sin agus an méid a chuir siad leis na himeachtaí a tharla, lena n-áirítear a ról athraitheach sa tsochaí.

7

**Ord Nua a bhunú -**

- Iniúchadh a dhéanamh ar thábhacht athchóiriú an rialtais áitiúil agus ar theacht chun cinn struchtúir nua pholaitiúla agus riaracháin ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil;
- Institiúidí éagsúla Shaorstát Éireann a bhunú (lena n-áirítear an Státseirbhís, Óglaigh na hÉireann, an Garda Síochána, seirbhísí breithiúnacha, agus cúirteanna);
- Bonneagar nua a fhorbairt (iompar, cumarsáid, seirbhísí poist); agus
- Leanúint leis an traidisiún parlaiminteach – iniúchadh a dhéanamh ar na daoine mór le rá agus ar shaincheisteanna áitiúla a bhaineann le toghcháin le linn na tréimhse sin, e.g. olltoghcháin 1922 agus 1923; agus
- An próiseas a bhaineann le **náisiún a atógáil** – machnamh a dhéanamh ar leigheas, deisiú, agus atógáil i ndiaidh an Chogaidh Chathartha. Glacfar le cur chuige leathan anseo, agus muid ag déanamh machnamh ar dhaoine, ar phobail, ar áiteanna, chomh maith leis an taobh praiticiúil.

# Téamaí an Chláir

8

**Sochaí a bhí ag athrú le linn na tréimhse sin,** lena n-áirítear:


- Gluaiseacht an lucht oibre lena n-áirítear cead isteach an Stáit nua in Eagraíocht Idirnáisiúnta an Lucht Oibre, an chéad eagraíocht idirnáisiúnta a ndeachaigh an Saorstát nua isteach inti;
- Gluaiseachtaí sóisialta, cultúir agus cathartha coitianta;
- Aicme shóisialta agus inscne;
- An Ghaeilge;
- Ceist na Talún;
- Tábhacht an spóirt i bpobail le linn na tréimhse sin;
- An fhreagairt dhaonnúil le linn thréimhse 1921 – 1923;
- Taithí daoine in Éirinn le linn na tréimhse sin a d'aithneodh inniu mar chuid den phobal LGBTQ+;
- Ról an chreidimh le linn na tréimhse seo;
- Taithí grúpaí eitneacha mionlaigh in Éirinn le linn na tréimhse sin; agus
- Nuálaíocht agus forbairtí i réimsí na talmhaíochta, na tionsclaíochta, na heolaíochta, na tráchtála, na sláinte, an leighis, agus an oideachais.

9

**Smaointeoireacht chruthaitheach agus na healaíona -** Filíocht, litríocht, ceol, amharclannaíocht, agus foirmeacha ealaíne eile, 1921 – 1923.

10

**Mothúcháin, eispéiris, agus ionchais -** An méid a bhí le brath agus an méid a rabhthas ag súil leis trí réabhlóid, cogadh cathartha agus tuilleadh.



"OGHLAIGH NA h-EIREANN"
(Irish Republican Army)

General Headquarters,
DUBLIN.

April 27th. 1923

Dept. C.S. Ref. No. Special Army Order.
To O.C.'s Commands and Independent Brigades.

"Suspension of Offensive"

1. In order to give effect to decision of the Government and Army Council embodied in attached Proclamation of this date, you will arrange the suspension of all offensive operations in your area as from noon Monday, April 30th.

2. You will ensure that - whilst remaining on the defensive - all units take adequate measures to protect themselves and their munitions.

Frank Aiken.
Frank Aiken, Chief of Staff.

*27 Aibreán 1923, ordú Frith-Chonartha IRA "Ionsaí ar Fionraí" le Frank Aiken, Ceann Foirne. Le caoinchead ó Ard-Mhúsaem na hÉireann Ref: HA:2022.24*

# Comóradh ar 1923

**Thit cuid de na heachtraí ba thrámaí agus ba bhrúidiúla de Chogadh na gCarad amach sa bhliain 1923. Seo an bhliain dheireanach i nDeich mBliana na gCuimhneachán agus i mbliana beimid ag cuimhneamh orthusan go léir a d'fhulaing agus a cailleadh - na daoine a d'éag agus iad i mbun comhraic, a fuair bás de bharr scuad lámhaigh, agus iadsan a cailleadh ar stailc ocrais. Táimid ag cuimhneamh leis ar na sibhialtaigh sin a bhí gafa sna heachtraí seo mar a tharla cúrsaí. Cuireadh na mílte daoine a bhí i gcoinne Shaorstát Éireann i bpríosúin agus i gcampaí éagsúla sa bhliain 1923. Is é an toradh a bhí ar an méid sin ná gur éirigh a dtuairimí agus a gcairdeas ní ba láidre agus bhíothas fós go glórach i gcoinne an Stáit nuabhunaithe.**

I mí Bealtaine 1923, scríobh Éamon de Valera ina litir chuig 'léigiún an iargharda': '*Saothar in aisce a bheadh ann an bheatha a íobairt a thuilleadh, ó thaobh leas na tíre de, is dícheíllí leanúint ar aghaidh leis an ngleic armáilte, a thiocfadh salach ar a bhfuil i ndán don chúis seo againne*'. Eisíodh an litir taobh leis an éileamh ó Frank Aiken fáil réidh le hairm. Faoi mhí na Nollag, 1923, ní raibh ach líon beag príosúnach fós i bpríosún astu sin a bhí i gcoinne Shaorstát Éireann.

Agus chóir a bheith deich mbliana de choimhlint thart, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, bhí cuid mhór de mhuintir na hÉireann ag súil go dóchasach le síocháin leochaileach. Bhí daoine ann a bhí dóchasach go ndéanfadh Coimisiún na Teorann athruithe ar oileán a bhí scoilte. Bhí daoine ag gluaiseacht ó áit go háit: ó thuaidh, ó dheas, soir agus siar; léiriú é sin ar thionchar na n-eachtraí sna deich mbliana díreach roimhe sin. Bhí athrú ag teacht ar shaol an uile lae ar fud na hÉireann: sna sráidbhailte, i mbailte móra agus i gcathracha. Ní an phéint úr ar na boscaí poist amháin ba chúis leis.

Bhí tús curtha leis an bpróiseas athbhunaithe, próiseas a thógfadh blianta fada. Agus riarachán á chur le chéile de réir Bhunreacht nua Shaorstát Éireann (cé gurbh iadsan a bhí i státseirbhís na Breataine roimhe sin ba mhó a bhí ann), saoránaigh seachas géillsinigh a tugadh ar an bpobal. Bhíothas tar éis ceart vótála comhchoiteann a thabhairt isteach agus, i mí Lúnasa, i ndiaidh Olltoghcháin, chuir W.T. Cosgrave an ceathrú Dáil Éireann ar bun. Ó tharla gur mar Phoblachtaigh a sheas cuid mhór acu sin a toghadh, níor ghlac siad lena n-áit sa Dáil.

Chuaigh Éire isteach i gConradh na Náisiún ar an 10 Meán Fómhair 1923 agus, mar sin, cuireadh tús le hionadaíocht idirnáisiúnta Shaorstát Éireann. Tugadh isteach an Bille Airí agus Rúnaithe a d'fhág go rabhthas in ann Airí a cheapadh agus Ranna a reáchtáil. Bhí Éire i láthair ar an gComhdháil Impiriúil sa bhliain 1923 mar Thiarnas. I mí Feabhra, scríobh Desmond FitzGerald chuig Tim Healy, Seanascal Shaorstát Éireann, lena chur ar an eolas gur Ghníomhaire dá Aireacht ab ea an tOllamh Timothy Smiddy a bhí in Washington *'le staidéar a dhéanamh ar mhodhanna an riaracháin phoiblí' agus 'le cúram a dhéanamh de leas airgeadais Rialtas Shaorstát Éireann sa tír sin.' Glacadh lena dhintiúir an bhliain dár gcionn, ar an 7 Deireadh Fómhair 1924. Mar a scríobh an tAmbasadóir Anderson faoin gcás, 'suaitheadh i gcreatlach na hImpireachta' a bhí ann agus 'thiocfadh a mhaíomh gur thábhachtaí taispeáint na ndintiúr an iarraidh seo ná aon uair eile i stair na taidhleoireachta in Éirinn.'*

Rinneadh ceiliúradh go hidirnáisiúnta ar shaol cultúir na hÉireann nuair a bronnadh Duais Nobel na Litríochta ar an Seanadóir W.B. Yeats ar an 14 Samhain 1923. Ceannlíne nuachtáin amháin a bhí ann ná *'A Tribute to Irish Civilisation'*. Rinneadh comhghairdeas le Yeats i Seanad Éireann agus gabhadh buíochas leis sna focail seo: *'an t-aitheantas atá faighte ag an náisiún as bheith ag cur go suntasach le cultúr na cruinne de thairbhe a bhfuil bainte amach aigesean.'*
Idir an dá linn, bhí Mary Harriet Jellett ag déanamh staidéar ar stíl an nua-aoiseachais, níl a thugtaí uirthi, agus bhí taispeántas aici dá saothar *Decoration, Tempera on Wood* (Gailearaí Náisiúnta na hÉireann) i mBaile Átha Cliath, a bhí ar an gcéad sampla den phéintéireacht theibí ar taispeáint ag an ngrúpa Cumann Phéintéirí Bhaile Átha Cliath. Is é a scríobhadh faoi san Irish Times, *"don té a thuigeann an ealaíon is nua-aimseartha ar fad, tuigfidh sé ní éigin as ach, domsa...tomhas gan sárú a bhí ann."* Céad bliain tar éis sin, tá saothar Mainie Jellett le feiceáil sna Bailiúcháin Náisiúnta in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, sa Hugh Lane, Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath, i nGailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh, agus i mBailiúchán Niland sa Mhodhscoil, Sligeach, agus sa bhailiúchán buan i nGailearaí Butler, Cill Chainnigh.

**An Dr Sinéad McCoole**
*Staraí Cónaithe*

*"don té a thuigeann an ealaíon is nua-aimseartha ar fad, tuigfidh sé ní éigin as ach, domsa...tomhas gan sárú a bhí ann"*

*Mary Harriet Jellett via The Irish Times*


# Snáitheanna an Chláir

**D'fhonn cuspóirí an Chláir a bhaint amach, agus d'fhonn creat a chur ar fáil don chur chuige téamach, cuimsíonn Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2021–2023 ceithre shnáithe théamacha:**



## SNÁITHE SEARMANAIS STÁIT

Cuimsíonn an Snáithe Searmanais Stáit líon teoranta gníomhartha siombalacha cuimhneacháin náisiúnta a dhíríonn ar théamaí cuimhneacháin agus athmhuintearais agus ar chomóradh gach duine a fuair bás le linn na tréimhse sin.



## SNÁITHE STAIRIÚIL

Cuimsíonn an Snáithe Stairiúil réimse éagsúil gníomhaíochtaí a dearadh chun fiosrúchán stairiúil iontaofa a spreagadh faoin tréimhse sin agus úsáid foinsí cartlainne príomhúla a chur chun cinn. Forbrófar tionscnaimh i gcomhar le comhpháirtithe Stáit, le hInstitiúidí Cultúir Náisiúnta, le hinstitiúidí foghlama, agus le páirtithe leasmhara eile.



## SNÁITHE POBAIL

Beidh cur chuige comhoibríoch i gceist leis an Snáithe Pobail, idir an Stát, líonra na n-údarás áitiúil agus eagraíochtaí pobail, Tuaisceart Éireann san áireamh.



## SNÁITHE NA SAMHLAÍOCHTA CRUTHAITHÍ

Leanfar ar aghaidh i Snáithe na Samhlaíochta Cruthaithí ag spreagadh léiriú ealaíonta agus cruthaitheach i gcuimhne ar imeachtaí suntasacha stairiúla na tréimhse ó 1921 go 1923 agus orthusan ar fad a fuair bás.

# 1 Snáithe Searmanais Stáit

**Cuimsíonn an Snáithe Searmanais Stáit líon teoranta gníomhartha siombalacha cuimhneacháin náisiúnta a dhíríonn ar théamaí cuimhneacháin agus athmhuintearais agus ar chomóradh gach duine a fuair bás le linn na tréimhse sin.**



*Imeacht le comóradh a dhéanamh ar chothrom céad bliain ó aistriú Chaisleán Bhaile Átha Cliath. Grianghraf le Julian Behal Photography.*

## SNÁITHE SEARMANAIS STÁIT

Le linn chéim dheiridh Dheich mBliana na gCuimhneachán, athraíodh an fócas ó imeachtaí comórtha foirmiúla faoi stiúir an Stáit go himeachtaí comórtha faoi stiúir an phobail, agus aitheantas, tacaíocht agus rannpháirtíocht chuí acu ón Stát. Bhí ról an-tábhachtach ag comórthaí faoi stiúir an phobail maidir le cuimhneamh ar imeachtaí, daoine mór le rá, agus oidhreachtaí a bhfuil tábhacht ar leith leo laistigh dá gcontaetha agus dá bparóistí, go háirithe le linn an phróisis a bhain le bunú an Stáit nua neamhspleáigh i lár Chogadh na gCarad. I rith Dheich mBliana na gCuimhneachán, b'éigean do phobail aitheantas a thabhairt do go leor imeachtaí íogaire a raibh pian fós ag baint leo. Tá comóradh cuí déanta ar na hócáidí comórtha céad bliain seo agus táimid chun leanúint ar aghaidh ar an dóigh chéanna in 2023. Aithnítear a leanas: '*The State's task is to encourage a reflective and a reconciliatory tone that recognises that neither side had the monopoly of either atrocity or virtue and this was true of words as well as actions...*' Beidh an lucht eagraithe, agus tacaíocht acusan ó chomhordaitheoirí Dheich mBliana na gCuimhneachán, ag leanúint ar aghaidh ar an tslí chéanna agus cur chuige smaointeach, caolchúiseach, tuisceanach, neamhchlaonta ann i leith na hoibre.

Reáchtáladh ócáid chultúir chuimhneacháin agus mhachnaimh faoi stiúir an Stáit dóibhsean go léir a fuair bás le linn Chogadh na gCarad sa Cheoláras Náisiúnta ar an 17 Meán Fómhair 2022 agus craoladh beo é ar RTÉ. Labhair an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn, an Taoiseach ag an am Micheál Ó Mairtín T.D., agus an Tánaiste ag an am Leo Varadkar T.D., le linn na hócáide sin, a raibh ceol traidisiúnta Gaelach agus clasaiceach, filíocht agus amhráin mar chuid di. Tá Roinn an Taoisigh ag déanamh forbairt ar chlár feiliúnach le go mbeidh searmanas foirmiúil ar leith ann níos moille i mbliana ina mbeifear ag díriú ar an athmhuintearas agus le cuimhne a choinneáil ar gach duine a fuair bás i gCogadh na gCarad, searmanas a chuirfidh leis an imeacht cultúir a bhí sa Cheoláras Náisiúnta anuraidh.



*Le linn an imeachta le cothrom céad bliain ó aistriú Chaisleán Bhaile Átha Cliath a chomóradh, seo an Taoiseach Micheál Martin agus an Tánaiste Leo Varadkar ag caint le Elizabeth Berny née Mulcahy a rugadh sa bhliain 1921, arb í an iníon is sine í a bhí ag Richard Mulcahy, ceann foirne Óglaigh na hÉireann le linn Chogadh na gCarad. Grianghraf le Julian Behal Photography.*




*Oifigigh nua-choimisiúnaithe an Gharda Síochána. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, HOG73.*

# 2 Snáithe Stairiúil

**Tá cur chuige an Stáit maidir le cuimhneamh ar an tréimhse a bhaineann le Deich mBliana na gCuimhneachán bunaithe go dtí seo ar éiteas na húdarachta, na hionchuimsitheachta agus na comhpháirtíochta. Cabhróidh an Clár le cláir shamhlaíocha agus fhaisnéiseacha a fhorbairt agus a chomhordú, an pobal a mhealladh ar bhealaí nua agus saoránaigh a spreagadh agus a threorú chun tionchar na míre ríthábhachtaí seo dár stair a léirmhíniú.**

**Leanfaimid orainn ag tacú le tionscnaimh a spreagann taighde leanúnach agus rochtain phoiblí saor in aisce ar fhoinsí stairiúla iontaofa, lena n-áirítear foinsí cartlainne áitiúla, taighde áitiúil agus cúrsaí léinn.**


Vigil
at
dy of Perpetual Succour's Altar
Mountjoy – 1922 (November)

the altar in the flickering light
eath your picture in the quiet night.
ithout, the crack of fire from bitter gun
nother life perchance its course has run.
many a soul within the prison gloom
Keeps watch, awake, the morn mayhap his doom
And in the world outside the fight for right
Raging and struggling through the darksome nigh
. . . . . . .
I kneel beneath your holy face and see
The Infinite in His sweet infancy.
He turns aside from the dread cross of p
He must endure, His Kingdom to maintai
I pray you intercede for one dear life
– This brilliant torch amid the crimson str
Flashing its rays that Eire safe may see
At last her dream – unfettered liberty
. . . . .
But when my eyes fall on your Infant
In peace I see the cross dim shadowing

*Dán dar teideal 'Vigil at Our Lady of Perpetual Succour's altar: Mountjoy – 1922', an 10 Márta 1923.*
*Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, MS 41,501/2/6.*

## MACHNAMH 100 - MACHNAMH COMORTHÁ CÉAD BLIAIN UACHTARÁN NA hÉIREANN

**Is tionscnamh de chuid an Uachtarán Mhichíl D. Ó hUiginn é Machnamh 100 a thógann ar an obair chuimsitheach atá déanta aige go dtí seo ar Dheich mBliana na gCuimhneachán.**

Is téarma ársa Gaeilge é an focal 'Machnamh' a chuimsíonn meabhrú, marana agus smaoineamh. Le dhá bhliain anuas, d'óstáil an tUachtarán Ó hUiginn sraith seimineár, a spreag machnamh ar Chogadh na Saoirse, ar Chaibidlíochtaí an Chonartha, ar an gCogadh Cathartha, ar Chríochdheighilt na hÉireann, agus ar Cruthú dhá rialtas nua ar oileán na hÉireann, faoi raon téamaí.

Thug scoláirí ó chúlraí éagsúla agus le raon dearcthaí léargas ar chomhthéacs agus imeachtaí na tréimhse sin céad bliain ó shin a raibh tionchar ollmhór aici agus ar nádúr an chuimhneacháin féin.

Rinneadh machnamh i sé sheimineár Machnamh 100 ar na téamaí seo a leanas:

- ***Challenges of Public Commemoration*** (4 Nollaig 2020)
- ***Empire: Instincts, Interests, Power and Resistance*** (25 Feabhra 2021)
- ***Land, Social Class, Gender and the Sources of Violence; Recovering ReImagined Futures*** (27 Bealtaine 2021)
- ***Settlements, Schisms and Civil Strife*** (25 Samhain 2021)
- ***Constitutional, Institutional and Diplomatic Foundations: Complexity and Contestation*** (26 Bealtaine 2022)
- ***Acts of Commemoration: Pride, Pain and Perspective*** (17 Samhain 2022)

Is féidir féachaint ar na seimineáir saor in aisce ar https://president.ie/en/media-library/video agus Seinnteoir RTÉ Player.

Tá an méid a dúradh sna chéad trí sheimineár le fáil i ***Machnamh 100 President of Ireland, Centenary Reflections Volume 1 (Seminars 1–3)*** a foilsíodh i mí na Samhna 2021 agus atá ar fáil ar www.president.ie. Tá an méid a dúradh sna trí sheimineár eile le foilsiú i ***Machnamh 100 President of Ireland, Centenary Reflections Volume 2 (Seminars 4–6)*** i mí Aibreáin 2023.



BEYOND 2022

# Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann

Sheol an Taoiseach ag an am, Micheál Martin T.D., agus an tAire Catherine Martin T.D., Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann an 27 Meitheamh 2022. Céad bliain i ndiaidh léirscrios Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn sa chéad chomhrac de Chogadh na gCarad, tá faill ag an bpobal na taifid a fheiceáil agus tuiscint níos fearr a fháil ar stair mhionsonraithe na hÉireann. Tionscadal samhlaíoch ceannródaíoch atá sa Mhaoinchiste Samhalta atá ina thoradh buan agus fás air ó Dheich mBliana na gCuimhneachán ina dtugtar eolas ar nach mór gach áit sa tír. Féadfaidh daoine a úsáideann é atá ar gach leibhéal taithí cuardach a dhéanamh ar a mbaile, ar ainm an teaghlaigh nó ar ábhar taighde faoi leith, agus tiocfaidh siad ar thorthaí as na céadta agus na mílte cáipéisí agus breis agus 6,000 atá ar fáil ar líne saor in aisce. Tá corradh le caoga milliún focal de théacs inchuardaithe sna bailiúcháin trína ndéantar cur síos ar scéal an oileáin agus a mhuintire.

Tá an pobal in ann dul isteach, ar bhealach fíorúil, chun na cartlainne seo a bhí caillte den chéad uair le 100 bliain. Féadfaidh tú feidhm a bhaint as ríomhaire glúine, táibléad nó fón cliste agus cuairt a thabhairt ar an Seomra Léitheoireachta ciúin le taifid shamplacha a fágadh ar na deasca a léamh agus ansin ar aghaidh leat le lán na súl a bhaint as Maoinchiste na n-Annála dochreidte agus sé urlár de sheilfeanna miotail agus bealaí siúil ann, go díreach mar a bhí siad sular tharla léirscrios 1922. Cuireann an taithí éachtach 3-D seo beocht i bhforas tábhachtach a cailleadh in uafás catha, go deo de réir cosúlachta.

Agus Deich mBliana na gCuimhneachán ag teacht chun deiridh, tugann Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann léargas ar stair mhionsonraithe na hÉireann agus ar mhuintir na tíre, baintear leas as comhoibriú níos doimhne le cartlanna chun cúrsaí rochtana a dhéanamh daonlathach, déantar taighde úr a chumasú, déantar forbairt ar theicneolaíocht nuálach agus táthar ag plé leis an bpobal ar bhealaí nua spreagúla.

Bhí clúdach fairsing ar sheoladh Mhaoinchiste na nAnnála sna meáin chlóite, meáin chraolta agus sna meáin ar líne ar fud oileán na hÉireann agus teagmháil déanta le breis agus 11 milliún léitheoir agus breathnóir go náisiúnta agus 268 milliún acu ar fud an domhain, a bhí dochreidte ar fad. Tá an dúshuim i stair na hÉireann agus an nasc leis an lucht eisimirceach fós le fáil sa Bhreatain, san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh, san Astráil agus sa Nua-Shéalainn, cibé áit a ndeachaigh muintir na hÉireann.

I gcroílár Mhaoinchiste na nAnnála tá dlúth-chomhpháirtíocht atá forbartha idir cartlann an stáit i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste agus i Londain, agus níos mó ná seachtó cartlann, leabharlann agus músaem ar fud na cruinne. Leis an mbailiúchán seo táthar tar éis cóipeanna agus tras-scríbhinní na mílte cáipéisí a scaipeadh i gcaitheamh na mblianta a thabhairt le chéile arís. Mar thoradh ar thaighde dochreidte sa Ríomheolaíocht tá cáipéisí digitithe ag teacht chugainn ó chomhpháirtithe ar fud na cruinne ar ais chuig seilfeanna fíorúla Mhaoinchiste na nAnnála. Tá an obair fós ar bun agus cistiú leanúnach á fháil ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin gclár Tionscadal Éireann 2040, agus bailiúcháin thábhachtacha eile á gcur leis ó chartlanna ar fud an domhain.



*Cnuasach de mhíreanna facsamhla chun na próisis a bhí ag Státchiste na hÉireann sna meánaoiseanna a léiriú. Le feiceáil tá rolla le hadmhálacha a thaifeadadh, bataí adhmaid scóir a d'úsáidtí mar admhálacha sa Státchiste, sparán leathair a d'úsáidtí le nithe a iompar agus le nithe a stóráil agus a chartlannú, agus léaráid de Shéala John agus é mar Thiarna Éireann, c. 1185 © An Chartlann Náisiúnta, an Ríocht Aontaithe. Le caoinchead ó Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, D25333-0137.*

BEYOND 2022

# Clár 2023

Tá an fhlaithiúlacht atá á léiriú ag cartlanna ar fud an domhain agus an tsuim mhór atá á léiriú ag pobal na hÉireann i gcéin is i gcóngar i gcónaí mar inspioráid againn inár gcuid taighde agus muid sa tóir ar thuilleadh cáipéisí lena gcur ina n-áit sin a cailleadh sa bhliain 1922. Is é an toradh a bheidh ar obair i gcomhar le comhpháirtithe nua ná go cuirfear leis na bailiúcháin sa Mhaoinchiste Samhalta.

Ó 2023 ar aghaidh, beimid ag féachaint inár gcuid oibre ar réimsí taighde spreagúla nua ina mbeifear ag plé le taifid ionaid a bhaineann le teacht na Normannach go dtí na blianta roimh an nGorta Mór. Cuirfidh an Maoinchiste Samhalta ar a gcumas don phobal mionscrúdú níos doimhne a dhéanamh ar na cáipéisí seo ná mar a bhíothas in ann a dhéanamh i gcás Mhaoinchiste na nAnnála roimh 1922 le teacht ar na guthanna sin nach bhfuil chomh héasca céanna le fáil sa chartlann oifigiúil. Rachaimid sa tóir ar shaol na mban, saol na mbocht faoin tuath agus sna bailte móra, saol na n-imirceach, na ndeoraithe agus grúpaí a bhí imeallaithe ag an tsochaí. Bainfidh an fhoireann leas as na taifid ón tréimhse is luaithe (1200 go 1550) chun saol an phobail Ghaelaigh a thabhairt ar ais arís le solas a chaitheamh ar chás na hÉireann mar choilíneacht sna meánaoiseanna. Mar thoradh ar iniúchadh a dhéanamh ar bhailiúchán na Stát-Pháipéar atá i Londain, ar an gcomhfhreagras idir rialtas Shasana agus Caisleán Bhaile Átha Cliath, léireofar léamh níos mionsonraithe agus níos casta ar scéal an tsaoil in Éirinn ó 1509 go 1782. Blianta de ráfla, raic agus réabhlóid a bhí sna blianta idir deireadh an ochtú haois déag agus tús an naoú haois déag. Is é is cuspóir dúinn, agus muid ag tabhairt na dtaifead ó Oifig an Phríomh-Rúnaí atá á gcoinneáil i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste le chéile arís, achar seo na polaitíochta radacaí a nochtadh le go ndéanfaidh an pobal a fhiosrú, idir na hÉireannaigh Aontaithe agus an tAontas leis an mBreatain. Sa taighde nua ó 2023 ar aghaidh beifear ag díriú i gcónaí ar cheantair agus ar na pobail iontu. Déanfar taifid a shonrú a thabharfaidh léargas ar an bpobal i gcoitinne agus ar shaol an uile lae acu ionas go mbeidh daoine a bhfuil suim acu i stair a ndúiche féin an scéal a fhiosrú níos fearr ná riamh..

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh gréasáin
https://www.virtualtreasury.ie/
Nó ar ardáin éagsúla ar na meáin shóisialta:
Twitter @VirtualTreasury
Facebook https://www.facebook.com/Virtualtreasury
Instagram https://www.instagram.com/virtualtreasury
YouTube @virtualtreasury4649



*Léaráid de Shéala John agus é mar Thiarna Éireann, c. 1185*
*© An Chartlann Náisiúnta, an Ríocht Aontaithe.*
*Le caoinchead ó Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, D25333-0003.*




*An Dr Peter Crooks, Stiúrthóir Mhaoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, agus an Dr Linda Doyle, Propast, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus iad ag taispeáint athchruthú fíorúil an Mhaoinchiste Annála, a loiteadh sa bhliain 1922, don Taoiseach, Micheál Martin, TD, agus do Catherine Martin, TD, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Na Seomraí Stáit, Caisleán Bhaile Átha Cliath, an 27 Meitheamh 2022.*
*Le caoinchead ó Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, D25333-0062.*

## BAILIÚCHÁN NA PINSEAN SEIRBHÍSE MÍLEATA (1916-1923)

D'éascaigh Bailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata (1916-1923) (MSPC) cuid den taighde is dinimiciúla le déanaí ar thréimhse réabhlóideach na hÉireann. Mar gheall ar nádúr agus ar ábhar na mbailiúchán cartlainne ceadaíodh cur chuige níos cruinne i leith staidéar na tréimhse agus tacaíodh le réimsí nua taighde a chruthú lena n-áirítear leibhéil ghníomhachais a mheas, costais an fhoréigin a fulaingíodh a scrúdú agus taighde a dhéanamh ar stair na n-aicmí nó na n-inscní.

Táthar ag súil go leanfar ar aghaidh, tríd an mbailiúchán luachmhar sin, ag cur le staidéar ar an stair shóisialta, cuimhne choiteann agus cuimhne aonair, 'gnáthshaol', tráma, saol iarchoimhlinte, obair chomparáideach agus staidéir gheografacha a bhaineann leis an tréimhse réabhlóideach.


Cinntíodh le hinfhaighteacht acmhainní ar líne go leanfaí le taighde agus le rannpháirtíocht le linn na paindéime le déanaí.

Go dtí seo eisíodh dhá ábhar déag faoin tionscadal MSPC. Tá an t-ábhar is déanaí a eisíodh i mí na Samhna 2022 thar a bheith suntasach agus áirítear ann cothromaíocht ar éirigh léi agus nár éirigh léi araon maidir le héilimh phinsin seirbhíse a chuir mná isteach.

Go dtí seo, rinneadh catalógú ar 113,500 comhad agus astu sin, rinneadh 45,750 a dhigitiú agus is féidir iad a íoslódáil anois ar líne (www.militaryarchives.ie). Tá os cionn 2,400,000 leathanach d'ábhar cartlainne digitithe agus curtha ar fáil saor in aisce ar líne.

In 2022, d'fhorbair foireann an Tionscadail ardán nua chun staidéar a dhéanamh ar Chogadh na gCarad ag baint úsáid as na sonraí atá ar fáil sna comhaid MSPC. Tá léarscáil inchuardaithe de bhásanna ann (a nascann siar chuig bunachar sonraí MSPC ina bhfuil cur síos cartlainne iomlán agus is féidir an comhad a íoslódáil), liosta de dhaoine a cuireadh chun báis le linn Chogadh na gCarad mar thoradh ar a seirbhís leis na fórsaí frith-Chonartha (agus a bhfuil a gcomhaid sa Bhailiúchán), agus rannóg atá tiomnaithe do staidéar ar roinnt cásanna cleithiúnaithe ('Scéalta na gCleithiúnaithe') a bhfuil sé mar aidhm aige scéalta na gcleithiúnaithe a maraíodh le linn Chogadh na gCarad a insint.

Léiríonn na cásanna an tionchar a bhíonn ag an mbás ar theaghlaigh agus déantar iniúchadh ar ghnéithe sóisialta agus ar ghnásanna sóisialta an tsaoil sa Stát nua atá ag teacht chun cinn. Tarraingíonn siad aird freisin ar na hidirghníomhaíochtaí giorraisce agus maorlathacha go minic idir teaghlaigh a bhíonn ag streachailt mar gheall ar bhás agus oifigigh rialtais.


"All I ask of you is, that wherever you may be you will remember me at the Altar of the Lord."


In Loving Memory
of
DANIEL MURPHY,
Knocknagoshel Co. Kerry,
Who was taken out of his home by Free State Soldiers and shot dead
On 24th March, 1923,
AGED 31 YEARS.
R. I. P.

O Gentlest Heart of Jesus, ever present in the Blessed Sacrament, ever consumed with burning love for the poor captive souls in Purgatory, have mercy on the soul of Thy servant, DANIEL, bring him from the shadows of exile to the bright home of Heaven, where, we trust, Thou and Thy Blessed Mother have woven for him a crown of unfading bliss. Amen.

He is gone, but not forgotten,
Never shall his memory fade,
Sweetest thoughts shall ever linger,
Round the grave where he is laid

We miss his dear familiar form,
We miss his smiling face,
For there is none in all this world,
Can fill our dear one's place.

*Daniel Murphy, ar mharaigh fórsaí an tSaorstáit é cionn is go raibh líomhain ann go raibh baint aige leis an mianach gaiste ar Chnoc na gCaiseal (an 6 Márta 1923; DP8259). Le caoinchead ón gCartlann Mhíleata.*


He little thought that he would meet
Mulcahy's murder gang,
[illegible] the spys were thick around
His hour of death was near the
Free State blood hounds did surround
The [illegible] S. V.
Oh how the tigers did rejoice
They gloated in their prey
The sagart vainly raised his voice
They marched him quick away
To Barnarig's ancient wood
The devils then drew near
Oh how they thirsted for the blood
Of the Black S[illegible] Volunteer
He quickly knew their business
When he prayed to God on high
The shots re-echoed through the wood
And bleeding he did lie
Ten bullets pierced his body through
God help his mother dear. He lived & died
For Ireland. The B[illegible] S. V.


*I gcomhad Daniel Murphy (DP8259).*
*Le caoinchead ón gCartlann Mhíleata.*

## BAILIÚCHÁN NA PINSEAN SEIRBHÍSE MÍLEATA (1916-1923)

Is mian leis an Tionscadal MSPC leibhéal ard rannpháirtíochta poiblí a choinneáil, ní hamháin chun tacú le taighde oscailte ach chun leas agus rannpháirtíocht ghinearálta an phobail a spreagadh. Baintear é seo amach trí léachtaí poiblí, cainteanna éagsúla, na meáin shóisialta (@mspcblog) agus blag MSPC ([militarypensions.wordpress.com](militarypensions.wordpress.com)), Baintear é sin amach freisin trí chomhpháirtíocht agus comhoibriú le hinstitiúidí éagsúla a úsáideann sonraí na mbailiúchán do thionscadail speisialta. Déanann an fhoireann monatóireacht ghníomhach freisin ar chláir acadúla náisiúnta agus idirnáisiúnta le haghaidh deiseanna rannpháirtíochta i réimsí an taighde cartlainne, na scoláireachta digití agus léann stair na hÉireann.

In 2023, díreoidh foireann an Tionscadail ar dhá sciar mhóra ábhair a eisiúint (eisiúintí 14 agus 15). Tá ullmhúcháin ar bun freisin d'fhoilseachán nua ina bhfuil saothar taighdeoirí mór le rá.

Chun féachaint ar na bailiúcháin nó chun tuilleadh a fhoghlaim, tabhair cuairt ar an suíomh gréásáin anseo: [https://www.militaryarchives.ie/collections/online-collections/military-service-pensions-collection-1916-1923](https://www.militaryarchives.ie/collections/online-collections/military-service-pensions-collection-1916-1923)



MINUTE SHEET.

M.S.B. (Argumist.

Reference 3/D/164.

Mrs. Dunne, in an interview to-day, stated that at the time of her son's death she and her daughter lived together at Casino Terrace, Clontarf.

The daughter, at that time, was employed in the Savoy Chocolate Factory where she earned on an average 15/- to 18/- per week - an amount which was quite insufficient to fully maintain her.

Subsequent to the son's death the mother and daughter were compelled, for financial reasons, to move from Casino Terrace to Lr. Mount Street.


It would therefore appear, that at the time of her son's death Mrs. Dunne was wholly dependent on him for her own maintainance; and that her daughter was also partially dependent on the Deceased's contributions to the household to augment her own meagre earnings.

R. J. Cleary

28th March, 1924.

34, Molesworth Street,
Dublin.

*Iarratas Catherine Dunne ar liúntas cleithiúnaí i dtaca lena mac, an Captaen Michael Dunne ón Arm Náisiúnta, a maraíodh nuair a pléascadh mianach gaiste ar Chnoc na gCaiseal, Contae Chiarraí, ar an 6 Márta 1923 le linn Chogadh na gCarad. Maraíodh an Captaen Edward Stapleton, an Saighdiúir Singil Laurence O'Connor agus an Saighdiúir Singil Michael Gallivan sa phléascadh céanna chomh maith. Tháinig an Saighdiúir Singil slán as ach é gortaithe go dona (3D164). Le caoinchead ón gCartlann Mhíleata.*



A.P. 37.

Reference No. DP9198 (Wound or Disease). Expiry of current Award.

MEDICAL REPORT ON an ex-member of Cumann na mBan

Name Miss Sarah Sheehy Army No. Rank Member

Unit and Corps Cumann na mBan, Kerry 1, 2, 3 Brigade area. Age last Birthday 72

Date of entry into Service 1917 Date of discharge from Service 1923

Former trade or occupation Home Address 3 Urban Terrace, Boherbee, Tralee, Co Kerry

NOTE: —The foregoing particulars are to filled in by the Medical Board before the man presents himself for examination by the Board.

Statement of Case by the Medical Board.

1. State concisely the essential facts of the history of each disability recorded in the man's Medical History and other relevant official documents, giving (a) date and place of origin of the disability, and other relevant particulars of the history; to these should be added (b) any supplementary details given by the man himself; when such details are from the man's own statements only, this will be clearly indicated.

Applicant is in receipt of a disability pension under the Army Pensions Acts since 1937 for Neurasthenia and V.D.H., attributable to service in Cumann na mBan 1917-1923.

At her examination by the Army Pensions Board in 1937 her disability was assessed at 60%. She was granted a final award.
Miss Sheehy has now applied under the Army Pensions Act 1973 for review of her claim and re-assessment of her disability.

2. Was an operation performed? If so, when, and what was its nature?

3. If an operation was advised and declined, was the refusal unreasonable?

*Éileamh Sarah Sheehy ar phinsean mar gheall ar chréacht/galar faoin Acht Arm-Phinsean, 1932 (tuairisc liachta; DP9198). Le caoinchead ón gCartlann Mhíleata.*

**Katherine McSharry,** Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i rith Dheich mBliana na gCuimhneachán anois ina Stiúrthóir ar Oidhreacht Chultúrtha i Leabharlann UCD

# 'The past is never dead. It's not even past.'

William Faulkner

Ag 10am ar an 21 Márta 2012, sheas mé i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag smaoineamh ar siúl díreach amach an doras agus mo phost a fhágáil. Tháinig na céadta duine - i bhfad níos mó ná mar a shamhlaímid - chun páirt a ghlacadh i lá bailithe pobail, iad ag iompar málaí plaisteacha agus fillteáin sheanchaite ina raibh séada fine teaghlaigh a raibh baint acu leis an gCéad Chogadh Domhanda. Chomh maith leis na boinn agus na boscaí tobac agus litreacha agus dialanna, thug siad leo cuimhní grámhara orthusan a ghlac páirt sa chogadh, mar aon le diongbháilteacht a gcuid scéalta a roinnt.

Sa deireadh, ní raibh orm rith amach, mar ghlac an fhoireann ar fad ag an Leabharlann Náisiúnta na hÉireann páirt chun an líon daoine a bhainistiú, agus reáchtáladh ócáid a gcuimhneofar uirthi. Mar thúsphointe ar dheich mbliana de mhachnamh agus cuimhneachán, chuimsigh an lá sin cuid mhaith de na rudaí a théann i bhfeidhm orm anois faoin eispéireas náisiúnta thar na blianta ina dhiaidh sin.

Léirigh sé an spéis ollmhór phoiblí chun labhairt agus smaoineamh ar an am atá thart, agus lorg na staire sa lá atá inniu ann. Micreacosma a bhí ann ar an gcaoi a n-oibreodh líon mór daoine san earnáil phoiblí agus taobh amuigh de go hiontach le chéile chun an comhrá sin a bheith acu, agus chun scéalta a bhí i bhfolach nó a ligeadh i ndearmad a thabhairt chun solais. Léirigh sé go dtabharfadh fiosracht agus comhghleacaíocht agus diongbháilteacht muid ar bhóthar dosheachanta lán le baic agus neamhchinnteachtaí.

Níl aon scéal amháin ar leith faoin stát, ná faoi na deich mbliana ba chúis lena bhunú. Bíonn insintí difriúla ann i gcónaí, agus éagsúlacht guthanna, agus is féidir le níos mó ná rud amháin contrártha a bheith fíor ag an am céanna. Táim bródúil go raibh ról ríthábhachtach ag leabharlanna agus ag cartlanna chun é sin a mheabhrú dúinn, agus go raibh sé de phribhléid agam a bheith páirteach ann.



*An taispeántas 'Éire agus an Cogadh Domhanda'.*
*Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.*


*Seó Bóthair bunaithe ar an gCéad Chogadh Domhanda.*
*Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.*


*Léiriú i gculaith ag plé leis an gCéad Chogadh Domhanda.*
*Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.*

## MNÁ100

Acmhainn ilmheán ar líne is ea Mná100 atá dírithe ar mhná na hÉireann agus ar na heachtraí is tábhachtaí sa tréimhse 1921-1923, an tréimhse dheireanach i gclár Dheich mBliana na gCuimhneachán. Tá Mná100 ag teacht sna sála ar an taispeántas '100 Bliain de Mhná sa Pholaitíocht agus sa Saol Poiblí: 1918 go 2018' a glacadh ar camchuairt chuig gach cúige in Éirinn. Tá acmhainní breise ar an suíomh a chuireann leis na cinn a fuarthas ar dtús don tionscadal seo a bhfuil duaiseanna buaite ar a shon. Déantar cur síos ar an suíomh gréasáin ar ról na mban sa tréimhse chinniúnach seo i stair an náisiúin. Tá dearcthaí polaitíochta, míleata, gairmiúla agus sóisialta ann agus rinneadh a chinntiú go bhfuil aithris ar a scéal siadsan ar bhealach tuisceanach neamhchlaonta bunaithe ar an bhfianaise staire cheart chruinn.

Tá taighde déanta mar chuid de Mná100 go dtí seo ar chomóradh céad bliain a bhaineann le mná i rith 2021 agus 2022. I measc na mbuaicphointí tá an tsraith podchraoltaí Mná100 a seoladh in 2021. Is féidir éisteacht leis na podchraoltaí ar fad ar www.mna100.ie nó cibé áit a n-éisteann tú le podchraoltaí.

Tá an comhar agus an mheitheal tar éis a bheith mar bhunchloch faoi Mná100. Léirigh Mná100 físeán ar an méid a rinne Siobhán Bean an Phaoraigh le haghaidh Lá Fhéile Pádraig. I gcomhar le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, chuir Mná100 píosa nua taighde agus scríbhneoireachta ar fáil faoin ealaíontóir Estella Solomon a raibh sliocht as 'Estella' leis an scannánóir Steve Woods ann a forbraíodh go speisialta. Taispeánadh an clár faisnéise ina iomláine i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann agus, ina dhiaidh, bhí comhrá ann idir coimeádaí Mná100 an Dr Sinéad McCoole agus an Stiúrthóir Steve Woods.

Thug Mná100 i mbun oibre den chéad uair leis an Músaem Náisiúnta Cló in 2022 le ceardlanna clódóireachta do dhaltaí bunscoile a chur ar fáil. Dhear daltaí póstaeir le ceiliúradh a dhéanamh ar an dís bhan a toghadh sa bhliain 1922 agus chun an Ceart Vótála Comhchoiteann a chomóradh. Beidh an chomhpháirtíocht seo ag leanúint ar aghaidh in 2023 agus dhá cheardlann eile le bheith ann.

Ar chlár Mná100 in 2023 tá gearrscannán a rinneadh go speisialta ina ndéanann an tOllamh Lindsey Earner Byrne scrúdú ar an bhforéigean gnéasach i gcoinne na mban le linn Chogadh na gCarad. Tá an tOllamh Earner Byrne dírithe ar chuntas pearsanta ó Mary M ar tháinig sí air i gCartlanna Dheoise Bhaile Átha Cliath.

Tá scannán déanta ag Mná100 i gcomhar le hAmbasáidí na hÉireann san India le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Fhéile Bríde. Baineann an scannán le saol agus oidhreacht Margaret 'Gretta' Cousins (1878-1954) agus an méid a rinne sí ar son cheart vótála na mban agus ar son oideachas na mban agus cailíní.

Déanfaidh Mná100 téamaí a fhiosrú cuir i gcás na toghcháin áitiúla agus náisiúnta agus príosúnacht na mban sa tréimhse seo. Beidh imeacht comhstádais ann ina dtabharfar le chéile daoine de mhuintir na ndaoine a cuireadh chun báis chun féachaint ar thionchar an bhásaithe sin agus chailliúint na beatha ar na glúnta a tháinig ina dhiaidh. Agus Éire ag dul isteach i gCraobh na Náisiún sa bhliain 1923, beifear ag féachaint mar chuid de Mná100 ar thionchar mhná na hÉireann go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Beidh Mná100 ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais le ról na mban san Fhoireann Cigireachta a fhiosrú níos moille i mbliana.

Acmhainn do chách is ea www.mna100.ie a thugtar chun dáta go rialta. Rinneadh an suíomh gréasáin a athdhearadh le gairid a fhágann go bhfuil sé níos fusa teacht ar thionscadail roimhe seo agus cuardach a dhéanamh ar mhná tábhachtacha ar mian leat tuilleadh eolais a fháil ina leith. Coinnigh súil ar mheáin shóisialta na Roinne agus féach www.mna100.ie go rialta le go mbeidh tú ar an eolas faoi na tionscadail is deireanaí atá againn.




*Daltaí ó Scoil Mhuire ar an gClochán páirteach i gCeardlann Phrintéireachta Mná100. Le caoinchead ó Mná100.*




*Íomhá ó We Two Together le James H Cousins agus Margaret Cousins. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, NLI A12171.*

# Comóradh ar Phríosún Chill Mhaighneann 1916

Ar a trí a chlog tráthnóna ar an 24 Aibreán 1923, rinne na 270 príosúnach mná i bPríosún Chill Mhaighneann comóradh ar sheacht mbliana ó bhí Éirí Amach 1916 ann. Bhí baill teaghlaigh de chuid na gceannairí a cuireadh chun báis agus de chuid na muintire sin a fuair bás sa chomhrac i measc na bpríosúnach faoin am sin. Bhí áit lárnach ag cuid mhór de na mná seo san fheachtas ar son an neamhspleáchais, iad i bpríosún anois ó bhí siad in éadan Shaorstát Éireann.

Leag Grace Plunkett, baintreach Joseph Mary Plunkett, fleasc olóige i gClós na mBristeoirí Cloch, an áit ar mharaigh scuad lámhaigh a fear céile.

Nell Humphreys, ar maraíodh a dheartháir Michael i gcomhrac; 'The O'Rahilly' a thugtaí air. Duine de bhunaitheoirí na nÓglach é, agus cé nach raibh sé i bhfách leis an Éirí Amach ag dul ar aghaidh, chuaigh sé amach mar cheannasaí ar na fir ar chuir sé féin oiliúint orthu. Mar a scríobh W.B. Yeats air – '*Because I helped to wind the clock I come to hear it strike.*' D'aithris siad an paidrín ansin, Nell i dtosach. Duine acu sin a bhí ann, Hanna O'Connor, scríobh sí faoin ócáid: *'gan aon scol trumpaí ann – ná buabhall – ach ina n-ionad sin glórtha na gcéadta príosúnach mná, scoilteadh na spéire is an paidrín á rá 'nár máthairtheanga.'*

Taobh istigh, thug iníon James Connolly, Nora, óráid, agus labhair Lily O'Brennan, deirfiúr chéile Éamonn Ceannt. Aithrisíodh mionn na bPoblachtach, osclaíodh bratach na hÉireann agus léadh an tAifreann.

Reáchtáladh ceolchoirm an oíche sin agus aithrisíodh sleachta as dráma leis an bPiarsach, *'The Singer'*, agus as dán dá chuid, *'The Wayfarer'*. Chan Kathleen Carroll 'Battle Hymn of the Republic' leis an gCuntaois Markievicz agus chan Kathleen Murphy *'The Foggy Dew'*. Sula raibh an oíche thart, tháinig na hamhránaithe sin a chan amhrán ina n-aonar le chéile le *'Wrap the Green Flag'* a chanadh mar ghrúpa. Dhear cuid de na príosúnaigh cláir lámhscríofa agus tá samplaí díobh sin le feiceáil anois sa Chnuasach i Músaem Phríosún Chill Mhaighneann.


PROGRAMME COMMEMORATION:
Held by Republican women prisoners of war in Kilmainham gaol on April 24th 1923.
The seventh anniversary of the Proclamation of the Irish Republic.

9. A. M.
Requiem Mass for the men executed in 1916.

3. P. M.
Procession to the place of execution, placing of laurel wreath by Mrs Joseph Plunkett.
Rosary recited in Irish.

In THE PRISON COMPOUND
Unfurling of the tri-colour.
Hymn "Faith of our Fathers"

SPEECHES.
"Kilmainham in 1916" by Lily O'Brennan
"Joseph Plunkett" by Mrs Joseph Plunkett
"The Proclamation of the Republic" Nora Connolly O'Brien

THE REPUBLICAN OATH

CONCERT & PLAY:
Song "The Battle Hymn" Countess Markievicz – Kathleen O'Carroll
Poem "Treason! treason!" Joseph Plunkett – Mrs Kirwin
Song "They are calling" James Connolly – Kathleen O'Carroll
Poem "Renunciation" Padraig Pearse – Lily O'Brennan
Song "The Foggy Dew" – Katty Murphy
Poem "The Fool" Padraig Pearse – Iseult Stuart
Song "The sound of the trumpet" – Hannah O'Connor
Recitation "Macdonagh's address to the jury" – Máire O'Halloran
Song "The Dublin Brigade" – Doty Barry
Song "The Wayfarers" Padraig Pearse – Nora Connolly O'Brien
Poem "Lux Perpetua Luceat Eis" Father Browne – Dorothy MacArdle
Song "Wrap the green flag" – Kathleen O'Carroll: D. Barry: Hannah O'Connor: K. Murphy

*Clár lámhscríofa ó chomóradh na bpríosúnach mná ar an gcomóradh 7ú Bliain ar Éirí Amach na Cásca, 1916. Le caoinchead ó Mhúsaem Phríosún Chill Mhaighneann, OPW KMGLM.2016.0030.*

Le súil a chaitheamh ar phríosúnacht na mban le linn Chogadh na gCarad in Éirinn, tá Mná100 tar éis dul i gcomhar le hIonad Oideachais Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath i bPríosún Mhuinseo le haiste grianghraf a chruthú. Déantar saol na mban a bhí i bPríosún Mhuinseo in 1922 agus 1923 a fhiosrú san aiste grianghraf seo. In eipeasóid nua den phodchraoladh, amharcfaidh Mná100 go domhain ar thréimhse phríosúnacht na sluaite i bPríosún Mhuinseo, i bPríosún Chill Mhaighneann agus in Aontas Bhaile Átha Cliath Thuaidh, a chuimseoidh an comóradh a rinne siad ar an 7ú bliain tar éis Éirí Amach 1916 in Aibreán 2023.

COMHDÁIL COGADH NA gGARAD

# Stair, Cuimhne agus Oidhreacht – Cogadh na gCarad i gCiarraí agus níos faide i gcéin: Comhdháil Céad Bliain

23/24/25 Feabhra 2023. Amharclann Siamsa Tíre, Trá Lí, Co. Chiarraí.

**I gcomhar le Comhairle Contae Chiarraí, Leabharlann Chontae Chiarraí agus Staidéar Inscní i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, réachtáladh comhdháil chomórtha trí lá chun cuimhneamh ar chomóradh céad bliain Chogadh na gCarad in Éirinn agus bhí sé ar siúl i dTrá Lí, Co Chiarraí, ar an 23, 24 agus 25 Feabhra 2023.**

Thacaigh Comhairle Contae Chiarraí leis an tionscnamh seo faoin Snáithe Pobail de Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Mhair Cogadh na gCarad níos faide i gCiarraí ná mar a mhair sé in aon chuid eile den tír agus ba ansin a tharla cuid mhaith de na heachtraí ab fhoréigní, ba sheirbhe, ba chonspóidí, agus ba thrámaí i dtréimhse 1922-1923. Mar mhionchomóradh agus mar chomóradh níos mó, labhair raon éagsúil cainteoirí ag an gcomhdháil ar iliomad gnéithe de stair, cuimhní agus oidhreachtaí Chogadh na gCarad. Cuireadh béim ar leith ar thaighde bunaidh a rinneadh le déanaí ar Chogadh na gCarad i gCiarraí agus in Éirinn, cuid mhaith de bunaithe ar theistiméireachtaí, cuntais, agus ábhar neamhfhoilsithe ón tréimhse.

Sraith páipéar acadúla a bhí sa chlár trí lá, agus ina dhiaidh sin bhí díospóireacht phainéil ann ar thrí théama na staire, na cuimhne agus na hoidhreachta, chomh maith le sraith de chuir i láthair eile agus imeachtaí coimhdeacha. Bhí lucht éisteachta leathan ann agus tugadh seans do dhaoine ceisteanna a chur.

Chomh maith leis na gnéithe acadúla, chuir an chomhdháil clár imeachtaí poiblí éagsúla ar fáil. Ina measc sin bhí taispeántas le freagraí cruthaitheacha ar stair Chogadh na gCarad, a cuireadh ar fáil i gcomhar le Roinn na Meán Cruthaitheach agus na Teicneolaíochta Faisnéise i Scoil an Ghnó, na Ríomhaireachta agus na nDaonnachtaí in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan. Bhí ceolchoirm ann freisin a léirigh amhráin, filíocht agus scríbhinní drámata ó thréimhse Chogadh na gCarad, agus píosaí lena ndéanfar machnamh ar an tréimhse. Rinne grúpa comhairleach staraithe acadúla agus gairmiúla agus lucht eagraithe imeachtaí a bhfuil taithí acu maoirseacht ar chlár na comhdhála agus ar imeachtaí coimhdeacha.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar shuíomh gréasáin na comhdhála www.kerrycivilwarconference.ie



*Saighdiúirí ó arm an tSaorstáit i Lios Tuathail i mí Lúnasa 1922. Foinse: Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.*

## AN CHARTLANN NÁISIÚNTA

I ndiaidh clár mór comórtha in 2021 agus in 2022, ina bhfacthas taispeántais, foilseacháin agus imeachtaí a bhain leis an idirbheartaíocht i leith Chonradh Angla-Éireannach 1921, le léirscrios Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn, le dialanna póca Mhichíl Uí Choileáin agus le Coiste Bunreachta 1922, tá clár bríomhar á bheartú ag an gCartlann Náisiúnta don bhliain atá romhainn.

I gcroílár Chlár Comórtha 2023 na Cartlainne Náisiúnta tá taispeántas idirnáisiúnta chun comóradh a dhéanamh ar chéad bliain ó chuaigh Éire isteach i gConradh na Náisiún. Beifear ag tarraingt sa taispeántas ar thaifid atá sa Chartlann Náisiúnta, agus déanfar spriocanna tosaigh Stát nua na hÉireann a fhiosrú de réir mar a bhí a neamhspleáchas á chur in iúl i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Mar chuid den taispeántas, cuirfear an toscaireacht i láthair a chuaigh chun na Ginéive sa bhliain 1923 agus a d’oibrigh ansin le ballraíocht na hÉireann sa Chonradh a dheimhniú, agus déanfar cíoradh ar théamaí tábhachtacha a bhaineann le ról na hÉireann i gConradh na Náisiún sna 1930idí. Cuirfear an taispeántas i láthair san Eilvéis (sa Ghinéiv) agus in Éirinn i Meán Fómhair 2023 mar thoradh ar obair i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus le hAcadamh Ríoga na hÉireann (Cáipéisí ar Bheartas Eachtrach na hÉireann).

Mar chuid den tacaíocht a bheidh an Chartlann Náisiúnta ag tabhairt don smaointeoireacht chruthaitheach agus do na healaíona i gcónaí in 2023 beidh taispeántas mór leis an ealaíontóir cónaithe, John Beattie; beidh clár faisnéise dhá pháirt arna choimisiúnú i gcomhar le RTÉ ina ndéanfar plé ar scéal na tógála náisiúin le 100 bliain anuas; agus suiteálfar saothar nua le ANU ina leagfar béim ar an luach a bhaineann le taifid a choinneáil, ar thragóid na staire a chailltear agus ar ról an ealaíontóra dul i ngleic ar bhealaí cruthaitheacha lán samhlaíochta le heasnaimh agus bearnaí sa chartlann agus inár gcomhchuimhne.

Cuirfidh an Chartlann Náisiúnta sraith de chainteanna poiblí míosúla i láthair, freagra ó staraí ar Éilimh ar Chúiteamh a bhaineann le tréimhse Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad ar cheann acu, chomh maith le plé painéil chun céad bliain d’Oifig Scrúdóir Oifigiúil na Scannán a cuireadh de bhun leis an Acht um Scrúdóireacht Scannán, 1923.

Is é is aidhm dúinn i gClár Comórtha na Cartlainne Náisiúnta tionchar agus torthaí na n-eachtraí a thit amach sa tréimhse réabhlóideach a fhiosrú le beocht a chur sna bailiúcháin le go mbeidh acu leis an saol atá inniu ann. Tá an Chartlann Náisiúnta ag tacú le freagairtí atá scolártha, comhoibríoch agus cruthaitheach agus, dá thairbhe sin, tar éis leas a bhaint as bailiúcháin na cartlainne, nós a leanfar leis, le go mbeadh comóradh oscailte éagsúil ionchuimsitheach ann ar na blianta dúshlánacha deiridh de Dheich mBliana na gCuimhneachán in Éirinn.


*Le caoinchead ón gCartlann Náisiúnta.*



*Le caoinchead ón gCartlann Náisiúnta.*

TAISPEÁNTAIS

## Ó Riail na Breataine go Saorstát Éireann; Aistrithe na mBeairicí

Is taispeántas bunaithe ar ghrafaicí é seo ina mínítear aistriú na mbeairicí airm in Éirinn ó riail na Breataine go Saorstát Éireann agus a thábhacht.

*Fad an taispeántais*
*Ó: Lár 2022 go deireadh 2023*

Is suíomh é Dún Uí Choileáin (ar tugadh an Bheairic Ríoga air ag an am), a bhí ina iosta ag Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath, a bhfuil tábhacht mhór leis do chomórthaí céad bliain 2022. Ba é Dún Uí Choileáin an bheairic airm dheireanach a tugadh ar láimh, i mí na Nollag 1922, nuair a ghlac an t-ardcheannasaí ag an am, an Ginearál Richard Mulcahy, seilbh air. Ócáid thar a bheith suntasach i stair na hÉireann ba ea imeacht deiridh gharastún forghabhála na Breataine as Éirinn. Mar thoradh air sin, tá tábhacht nach beag le Dún Uí Choileáin in imeachtaí bhunú Shaorstát Éireann. Tagann an taispeántas seo go maith le taispeántas Scor Reisimintí na hÉireann a chuirfear ar fáil sa spás beag taispeántais sa Bhloc Thuaidh / Thiar, agus le chéile is ionchur fíorluachmhar iad ó Ard-Mhúsaem na hÉireann i gcomhar le hÓglaigh na hÉireann do chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2022 & 2023.

## Íomhánna den Choimhlint; grianghraif chogaidh de ré réabhlóideach na hÉireann 1913-1923

Dírítear sa taispeántas ar íomhánna Ard-Mhúsaem na hÉireann a chlúdaíonn ré réabhlóideach 1913 go 1923 in Éirinn, agus ar íomhánna d'fhir agus de mhná na hÉireann i gcoimhlintí thar lear (An Chéad Chogadh Domhanda). Scrúdaíonn sé táirgeadh agus tomhaltas íomhánna grianghrafadóireachta i gcásanna coimhlinte ag daoine ar leith, sna meáin, in eagraíochtaí míleata agus paraimíleatacha. Scrúdaíonn sé freisin ceisteanna a eascraíonn as íomhánna brúidiúla a úsáid amhail íomhánna den bhás agus den scrios sa chogadh agus mar is féidir iad a úsáid mar bholscaireacht chun tuairimí an phobail a láimhseáil.

*Fad an taispeántais*
*Ó: Deireadh Fómhair 2022 go Deireadh 2024*
*(i gcomhthráth le hoscailt Amharclanna Stair na hÉireann san fhichiú hAois)*

Léiríonn an taispeántas íomhánna a roghnaíodh ó bhailiúchán saibhir íomhánna grianghrafadóireachta an mhúsaeim a bhaineann le ré réabhlóid na hÉireann. Níor taispeánadh go leor de na híomhánna seo go poiblí agus cuirfidh na formáidí éagsúla a úsáideann Ard-Mhúsaem na hÉireann (roghbhlúirí finné súl, cártaí cuimhneacháin, grianghraif iarbháis, grianghraif ón bpreas agus radhairc chatha eagraithe) insint chaolchúiseach ar an tréimhse i láthair. Nochtann an insint sin an ról a bhí ag an ngrianghrafadóireacht i dtaifeadadh agus i gcur i láthair na coimhlinte a léiríonn an tionchar a bhí aige ar fhir, ar mhná agus ar leanaí na hÉireann agus ar an timpeallacht thógtha. Taispeántar an léiriú grianghrafadóireachta ar fhoréigean, scrios, sochraidí, comóradh agus foirmiú stáit de réir téamaí. Trí úsáid a bhaint as atáirgeadh, éascófar úsáid íomhánna grianghrafadóireachta nár cuireadh san áireamh (mar gheall ar fhormáid nó scála) i dtaispeántais roimhe seo. Cuimsíonn sé leathanaigh albam, roghbhlúirí, grianghraif ón bpreas, agus íomhánna ina bhfuil ábhar íogair freisin (grianghraif iarbháis, sochraidí). Taispeántar na rudaí sin in áit ar leith agus tugtar deis don lucht féachana machnamh a dhéanamh ar thionchar na coimhlinte. Clúdaítear an léiriú grianghrafadóireachta ar ról na hÉireann san Impireacht agus i gcoimhlintí domhanda níos leithne in éineacht le bunú stáit in Éirinn nua neamhspleách freisin. Cé go ndírítear ar bhailiúchán an mhúsaeim, úsáidtear ábhar institiúidí eile le cur leis an insint.

Tugann sé seo deis do phlé uathúil do dheireadh dheich mbliana na gCuimhneachán.

## An Tionscadal iCAN

Trí Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann (iCAN), oibríonn Ard-Mhúsaem na hÉireann le comhpháirtithe an Údaráis Áitiúil chun tacú le pobail a stair agus a n-oidhreacht áitiúil a dhigitiú agus chun an t-ábhar seo a dhéanamh inrochtana do lucht féachana áitiúil agus domhanda ar láithreáin ghréasáin cartlainne pobail.


Chruthaigh pobail iCAN naisc láidre lena bpobal áitiúil, scoileanna, grúpaí sainleasa agus diaspóra domhanda, chun teacht ar lucht féachana leathan spéise a bhfuil fonn orthu páirt a ghlacadh i bhforbairt na gcartlann áitiúla seo agus tionscnaimh ghaolmhara tionscadalbhunaithe. Idir 2020 agus 2023 tá an Tionscadal iCAN ag eagrú sraith de thionscadail chomórtha.

# Taispeántas buan amach anseo - *Dánlanna Stair na hÉireann san Fhichiú hAois*

Cuireadh tús leis an obair in 2021 ar mhórthaispeántas nua a beartaíodh, Dánlanna Stair na hÉireann san Fhichiú hAois. Tabharfaidh na Dánlanna (1900-2020) deis do chuairteoirí iniúchadh a dhéanamh ar na príomhimeachtaí i stair na hÉireann roimh imeachtaí cinniúnacha 1912-23, agus lena linn. Osclófar na dánlanna taispeántais buana seo um Cháisc 2024 i Músaem na nEalaíon Maisiúil & Staire, Dún Uí Choileáin.

Tá sé i gceist go mbeidh Dánlanna Stair na hÉireann san Fhichiú hAois ag feidhmiú mar thairiscint chultúir dhinimiciúil a bheidh ag athrú agus go mbeidh sí in ann freagairt do cheisteanna a bhaineann le hathrú fhéiniúlacht na hÉireann agus ár stair chomhaimseartha. Tá na dánlanna taispeántais seo lonnaithe sa Mhúsaem Náisiúnta agus beidh an-tionchar aige sin ar chúrsaí. Chomh maith leis sin is féidir ár mbailiúcháin náisiúnta a bhogadh thart ar bhealach comhoibritheach agus cuimsitheach chun iniúchadh a dhéanamh ar na gnéithe deacra agus lúcháireacha a bhaineann leis an 120 bliain deireanach. Cabhróidh sé sin le réimse insintí agus guthanna a dhlisteanú nach mbíonn sna leabhair chaighdeánacha staire go minic.

Tugann an próiseas forbartha a bhaineann leis an taispeántas deiseanna d'fhoireann Ard-Mhúsaem na hÉireann nasc a dhéanamh le comhpháirtithe in institiúidí acadúla, grúpaí sainleasa, músaeim áitiúla, grúpaí cartlainne áitiúla agus leabharlanna áitiúla. Cuireann an tionscadal iCAN gné áitiúil ar fáil don taispeántas atá beartaithe do Stair na hÉireann. Baineann an comhoibriú seo le pobail iCAN, comhpháirtithe an Údaráis Áitiúil agus a bhFoirne Cultúir a bheith ag obair go dlúth le foireann taispeántais an Mhúsaeim.




*Leagan amach an ghailearaí.*

## Lynn Scarff, Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann

Seo céad bliain ó bhí leathscór bliain ann a d'imir an-tionchar go deo ar shaol polaitíochta, sóisialta, geilleagrach agus cultúir na hÉireann sna blianta a tháinig ina ndiaidh, agus tá Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán ag teacht chun deiridh, clár a cuireadh le chéile le machnamh agus comóradh a dhéanamh ar an tréimhse seo dár stair. Tá an-oidhreacht fágtha ina diaidh mar thoradh ar thréimhse seo an mhachnaimh, idir shaothar agus phróiseas. Ar leibhéal náisiúnta, ní áibhéil a mhaíomh go bhfuil athrú ó bhonn tagtha ar an gcur chuige atá againn i leith an chomóraidh. Tá tuiscint níos doimhne againn ar ról an chomhoibrithe agus an ról atá ag pobail áitiúla mar chuid de chomóradh náisiúnta. Ar leibhéal na hinstitiúide, tá athrú tagtha ar Ard-Mhúsaem na hÉireann chomh maith, agus an músaem ag dul i dtreo próiseas coimeádaíochta agus cláreagraithe ina bhfuil béim níos mó ar bheith ionchuimsitheach, comhoibríoch agus daonlathach agus ina dtugtar aitheantas don phobal, do thaithí na ndaoine agus do na deiseanna a bhíonn ann dá bharr. Tá an oidhreacht ó infheistíocht an Stáit sa Chlár le feiceáil sa chartlann fhairsing éagsúil de thionscadail, taispeántais agus imeachtaí agus, ar a bharr sin, san aistriú ó bhonn ó thaobh próisis agus cur chuige de atá bainte amach le forbairt a dhéanamh ar gach ceann de na gnéithe sin.

Idir an ghéarchéim a bhain leis an Rialtas Dúchais, Fhrithdhúnadh Mór Bhaile Átha Cliath, Éirí Amach na Cásca, an ghluaiseacht ar son ceart vótála do mhná, Cogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad, tá taispeántais agus cláir phoiblí forbartha ag Ard-Mhúsaem na hÉireann a léirigh urraim ar bheatha na ndaoine a cailleadh agus ar an dul chun cinn a rinneadh le linn na tréimhse seo. Buaicphointí sa chlár iomlán a bhí sna taispeántais mhóra amhail *Poblacht a Fhógairt: Éirí Amach 1916* a d'fhág go raibh cuspóirí tábhachtacha ann ag na hearraí sa bhailiúchán, agus d'fhág sraith de chláir phoiblí agus de chomhoibriú poiblí go raibh deiseanna ann le bheith ag obair i gcomhar le dreamanna éagsúla agus tuiscintí nua ar an tréimhse seo dár stair a scaipeadh.

Tá léirithe againn sna taispeántais an dóigh a bhfuil earraí in ann freagraí cumhachtacha a mhealladh as grúpaí éagsúla. Is minic idir scéal tragóideach agus scéal coitianta ag baint leis na hearraí seo agus, dá bharr, is féidir aird a tharraingt ar bhearnaí sa stair oifigiúil agus béim a leagan ar na scéalta áirithe taobh thiar díobh. Cothaíonn siad baint mhothúchánach, phearsanta, chriticiúil leis an am atá thart, agus cíocras eolais ina thaobh, agus tugann siad deis gortú seanbhunaithe a leigheas.

Mar chuid de chláir phoiblí an mhúsaeim, rinne Ard-Mhúsaem na hÉireann forbairt ar chur chuige na heagraíochta ó thaobh ionchuimsitheachta agus rannpháirtíochta de. Tugadh cuireadh do réimse cleachtóirí, saineolaithe agus don phobal idirghabhálacha dúshlánacha machnamhacha a léiriú agus a chruthú a bhí bunaithe ar luachanna láidre. Mar shampla, reáchtáladh naoi gcinn de chomhdhálacha le linn Dheich mBliana na gCuimhneachán – idir *Mise Éire: an Dearadh mar áis le Náisiún a Mhúnlú in 2016* agus *Portráid de Náisiún: Ealaín, Polaitíocht agus an Conradh Angla-Éireannach in 2021*. Bhí taighdeoirí, ealaíontóirí, filí, scríbhneoirí agus scoláirí páirteach sna himeachtaí seo le tuiscintí agus léamha nua a thabhairt ar chúrsaí. Agus muid céad bliain ar aghaidh ón tréimhse sin, bhí an lucht féachana agus cuairteoirí in ann an t-am atá thart a chíoradh ar bhealaí nua mar gheall ar chur chuige seo an chomhoibrithe, agus bhí deiseanna ann dul i ngleic as an nua le tírdhreacha fisiceacha, sóisialta, síceolaíochta, stairiúla agus cultúir a bhfuil taithí againn orthu.

Chuir an Músaem foilseachán ar fáil in 2022, *Conairí chun Rannpháirtíochta*, inar caitheadh súil siar ar leathscór bliain den chláreagrú. Fuarthas píosaí scríofa ó mheascán daoine a bhí páirteach linn ar an aistear sin. Gné shuntasach den chomóradh mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán atá le feiceáil in *Conairí chun Rannpháirtíochta* ná an méid i iarradh ar ealaíontóirí i dtionscnaimh de chuid an Mhúsaeim obair a dhéanamh i gcomhar leis an bpobal agus seanchinnteachtaí a cheistiú. D'éirigh linn seilbh a ghlacadh arís ar bhríonna agus ar chuntais a bhí caillte agus léirmhíniú nua a thabhairt orthu mar chuid den phróiseas seo.

## Lynn Scarff, Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann

Baineadh leas as an gcomhbhá, solúbthacht agus spraoi ar leith a bhíonn ag ealaíontóirí sa phlé leis an bpobal i gclár comórtha an Mhúsaeim.

Tá luaite in Conairí chun Rannpháirtíochta go bhfuil an saothar atá bainte amach i gClár Dheich mBliana na gCuimhneachán tar éis cur le stádas an Mhúsaeim agus deiseanna go leor a thabhairt le bheith mar urlabhraí níos suntasaí don phlé ionchuimsitheach i bpobail. Léiriú atá ann ar an tábhacht a bhaineann leis an idirphlé idir guthanna agus cineálacha cleachtais éagsúla le saothar nua a chruthú. Deimhniú é chomh maith ar na próisis atá neadaithe i gcultúr an Mhúsaeim, próisis atá nuálach agus dearfach, agus ar ullmhacht agus acmhainn an Mhúsaeim ról a ghlacadh le scéalta na hÉireann a mhúnlú.




*Lynn Scarff (ar chlé) le Anthony Haughey, ealaíontóir cónaithe 'Sinne Údair ár Staire Féin,' agus Helen Beaumont (ar dheis).*

SPARÁNACHTAÍ AN ACADAMH RÍOGA NA hÉIREANN

# Scéim Sparánachta Dheich mBliana na gCuimhneachán

## In ómós don Dr Éamon Phoenix nach maireann

***Mar thoradh ar rath na scéime in 2022, d'oscail Sparánacht Dheich mBliana na gCuimhneachán d'iarratais nua ar an 15 Feabhra 2023. Tá an tionscnamh seo faoi stiúir Acadamh Ríoga na hÉireann.***

Tharraing an Sainghrúpa Comhairleach um Chomórthaí Céad Bliain aird ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna fiúntacha a chruthú chun cabhrú le buntaighde agus cúrsaí léinn. Is é aidhm Sparánacht Dheich mBliana na gCuimhneachán taighde áitiúil agus staidéir staire áitiúla nua a spreagadh, agus scrúdú fiúntach a dhéanamh ar imeachtaí áitiúla, réigiúnacha, agus náisiúnta le linn thréimhse streachailt na Saoirse agus Chogadh na gCarad. Is deis thráthúil í an scéim freisin aitheantas a thabhairt don méid suntasach a chuireann staraithe áitiúla réimsí staidéir chun cinn a bhaineann le himeachtaí áitiúla agus téamaí gaolmhara le linn na tréimhse seo.

Bronnadh 13 sparánacht Dheich mBliana na gCuimhneachán san iomlán in 2022 a chlúdaigh réimse éagsúil ábhar. Beidh an t-ábhar seo dírithe ar shiompóisiam a moladh agus seolfar é trí roinnt ardáin éagsúla in 2023.

**Sparánachtaí Dheich mBliana na gCuimhneachán a bronnadh in 2022:**

### 1. FAIGHTEOIR NA SPARÁNACHTA: JAMES DURNEY

Teideal an Tionscadail Taighde: **'Stand you now for Ireland's Cause. A biographical index of Co. Kildare activists 1913-23'**

Fuair James Durney maoiniú chun eolas a aimsiú ar gach gníomhaí aitheanta (fear, bean agus leanbh) a rugadh nó a raibh cónaí orthu i gCill Dara a ghlac páirt sa réabhlóid agus aitheantas a thabhairt dóibh. Tá an taighde seo bunaithe ar thaifid sa Chartlann Mhíleata, taifid daonáirimh agus bhreithe, tuairiscí nuachtáin agus tuairiscí báis chomh maith le heolas teaghlaigh.

Foilseofar an saothar seo ag Seimineár Míleata na hÉireann ar an 19 Bealtaine 2023, in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua. Táthar ag súil go gcuirfidh sé seo le feasacht an phobail agus go spreagfaidh sé rannpháirtíocht an phobail, agus go gcabhróidh sé sin leis cur leis na hiontrálacha agus iad a uaslódáil i mbunachar sonraí chuig suíomh leabharlainne Chomhairle Contae Chill Dara.

### 2. FAIGHTEOIR NA SPARÁNACHTA: KAREN MINIHAN

Teideal an tionscadail: **'Extraordinary, Ordinary Women 2: Untold Stories from the Founding of the State'**

Cuireadh maoiniú ar fáil do Karen Minihan chun leanúint lena cuid taighde ar shaol suimiúil 13 bean i gCorcaigh Thiar a ligtear i ndearmad go minic a bhfuil a scéalta mar chuid de ghréasán bhunú an Stáit. *"Ní raibh aon fhonn ar na mná seo labhairt ar a dtaithí, lean siad ar aghaidh leis an bpost idir lámha go cróga gan ghearán, ní raibh siad ag iarraidh aon aird ar leith".*

Nochtann taighde na scéalta seo scéalta a cailleadh nó nár insíodh ina n-iomláine, rud a léiríonn crógacht agus spiorad na mban in Iarthar Chorcaí céad bliain ó shin. Bhí tráma agus foréigean i ndán do go leor ban agus dá muintir, rud a chuaigh i bhfeidhm go mór ar a saol. Déanann Karen cur síos ar scéal amháin dá leithéid a d'aimsigh sí, faoi bhean i mBéal an Dá Chab a chuaigh ar imirce go dtí an Bhreatain Bheag agus a chaith fáinne séala a grá geal a maraíodh le linn na tréimhse sin. Scéal eile a roinneadh is ea scéal bhean Chumann na mBan a lámhachadh in Eadargóil in 1923, ar bhóthar tuaithe in áit álainn. Gníomh d'aon ghnó a bhí ann, de réir dealraimh, de bhrí gur ghortaigh sí oifigeach Saorstáit níos luaithe sa lá. Ghoill sé an oiread sin ar a máthair go bhfuair sí bás tamall gairid ina dhiaidh sin. Cuireann gach scéal lenár dtuiscint ar an tréimhse thrámach seo agus ar a hoidhreacht. Tá sé tráthúil go gcuimhneofar agus go dtugtar ómós do na mná sin.

## SPARÁNACHTAÍ AN ACADAMH RÍOGA NA hÉIREANN

Tá sé i gceist ag Karen na scéalta seo a fhoilsiú i Márta 2023, agus na scéalta a chur i láthair i gceithre ionad in Iarthar Chorcaí, chomh maith le léamh breise ar an dráma gearr. Bí ag faire amach di in Ionad Ealaíon Uillinn an Sciobairín, Halla Paróiste na Scoile, Stiúideo Ealaíontóirí Oibre Bhéal an Dá Cháb agus Ionad Oidhreachta Oileán Bhaile Chaisleáin Bhéarra.

### 3. FAIGHTEOIR NA SPARÁNACHTA: THOMAS EARLS FITZGERALD

Teideal an tionscadail: **'An examination of the impact of a rural and conservative base on the formation of the Irish State from 1922 -1926'**

Tá Thomas i mbun staidéar ar bhunú Stát na hÉireann ó 1922 -1926, idir deireadh Chogadh na gCarad agus teacht Fhianna Fáil isteach i nDáil Éireann, agus tráchtann sé nach féidir é sin a dhealú ó bhunú cultúir pholaitiúil choimeádaigh a múnlaíodh den chuid is mó ag deighilt Chogadh na gCarad. Roimhe seo rinneadh measúnú air sin den chuid is mó trí úsáid a bhaint as cur chuige ón mbarr anuas agus díríodh ar ghníomhartha na bpolaiteoirí De Valera agus Cosgrave. Mar sin féin, tá Thomas ag déanamh staidéar ar thaithí a mboinn taca thuaithe agus choimeádaigh, ar an iomlán, i ndáil leis an gcultúr polaitiúil seo a bhunú nach raibh riamh cheana ina ábhar staidéir scolártha.

Baintear úsáid sa tionscadal sin, a dhíríonn ar chás-staidéir in Iarthar Chiarraí agus i gConamara, as réimse leathan foinsí nach mbaintear mórán úsáide astu go hiondúil amhail cartlanna deoise agus nuachtáin áitiúla.

Chuir Thomas torthaí tosaigh a chuid thaighde i láthair ag comhdháil Chogadh na gCarad i gCiarraí san Amharclann Siamsa Tíre i dTrá Lí ar an 24 agus an 25 Feabhra agus tá sé i gceist aige, in am agus i dtráth, an saothar seo a fhoilsiú.

### 4. FAIGHTEOIR NA SPARÁNACHTA: SÍOBHRA AIKEN

Teideal an tionscadail: **'Languages of Forgetting: Multilingual Responses to the Irish Civil War (1922–1923)'**

Is é aidhm thionscadal Síobhra Aiken iniúchadh a dhéanamh ar na naisc idir teanga agus ligean i ndearmad. Ina cuid oibre fiafraíonn sí "How are the experiences and recollections of non-English speakers occluded from scholarly consideration of the Irish revolution? How were these events conceived and re-conceived in various languages at home and abroad? In an increasingly diverse Ireland, what is the role of local and public historical endeavours in remembering and recuperating this multilingual heritage?"

Áirítear leis an tionscadal seo bunachar sonraí a chruthú de scríbhinní ilteangacha Chogadh na gCarad in Éirinn agus siompóisiam lae dar teideal 'Multilingual Legacies' a bheidh ar siúl in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste ar an 24 Márta 2023. Déanfaidh an siompóisiam seo iniúchadh ar an gcaoi ar samhlaíodh agus ar athshamhlaíodh imeachtaí réabhlóid na hÉireann agus Chogadh na gCarad i dteangacha éagsúla sa bhaile agus thar lear ag pointí éagsúla agus le linn ócáidí polaitiúla éagsúla. Taispeánfar taispeántas taistil ar fhreagraí ilteangacha ar Chogadh na gCarad in Éirinn i leabharlanna poiblí i dTuaisceart na hÉireann agus i bPoblacht na hÉireann araon in 2023.



*Le caoinchead ó Emmet O'Connor.*

### 5. FAIGHTEOIR NA SPARÁNACHTA: EMMET O'CONNOR

Teideal an tionscadail: **'The Waterford farm strike of 1923'**

Scrúdóidh Emmet O'Connor stailc feirme Phort Láirge i mí Bealtaine 1923, nuair a chuaigh oibrithe feirme de chuid Cheardchumann Oibrithe Iompair agus Ilsaothair na hÉireann i gContae Phort Láirge in aghaidh iarrachtaí Cheardchumann Fheirmeoirí na hÉireann, faoi stiúir Sir John Keane, chun ciorruithe pá a thabhairt isteach. As sin a d'eascair an stailc is fadálaí agus is foréigní de chorraíl 1917-23, tréimhse neamhghnách mhíleatachta agus radacachais, a gcuimhnítear uirthi mar 'aimsir na Brataí Deirge'.

Tá sé i gceist ag Emmet a chuid taighde a fhoilsiú agus reáchtálfaidh sé comhdháil acadúil an bhliain seo chugainn freisin maidir le stailceanna feirme in Éirinn agus sa Bhreatain, 1917-1923. D'fhoilsigh sé

beathaisnéis le déanaí ar phríomhoifigeach na gceardchumann i stailc 1923, James Baird, a chuirfidh leis an taighde níos leithne seo.

### 6. FAIGHTEOIR NA SPARÁNACHTA: PATRICK MULROE

Teideal an tionscadail: 'The Ulster Special Constabulary (USC) in the Central Border Area: From Treaty to Civil War'

Fiosróidh Patrick ról Chonstáblacht Speisialta Uladh (USC) in 1922 le Sparánacht Dheich mBliana na gCuimhneachán. Fórsa póilíneachta ba ea an USC a d'earcaigh rialtas nua Thuaisceart Éireann. Tá rochtain ar leith faighte ag Patrick ar chartlann an fhórsa in Oifig na dTaifead Poiblí i dTuaisceart Éireann. Ní fhaca taighdeoirí na cartlanna seo riamh roimhe seo. I measc na dtaifead tá sonraí ann faoi chúlra na n-earcaithe.

Go dtí seo, tá taighde Patrick dírithe ar an gConstáblacht Speisialta 'A' lánaimseartha i bhFear Manach. Fuair sé amach gur 23 bliain d'aois aois airmheánach na n-earcaithe Speisialta 'A' seo agus gurbh as cúlraí lucht oibre iad den chuid is mó, gurbh as na 26 chontae 10% díobh, agus nach as Fear Manach ó dhúchas ach 25% díobh. Is réamhthorthaí iad sin ach meastar go bhfuil próifíl aoise na n-earcaithe thar a bheith tábhachtach. Is minic a léirítear an USC mar chomharba díreach ar Óglaigh Uladh (UVF) roimh an Chéad Chogadh Domhanda. I bhfianaise óige na n-earcaithe, áfach, is cosúil go bhfuil an cion a bhí ina n-iarshaighdiúirí UVF níos lú ná mar a shíltear go ginearálta. Tá taighde Patrick fós ina thús ach is mian leis tuilleadh scrúdú a dhéanamh ar shonraí an USC sna míonna amach romhainn.

Roinnfear torthaí le músaeim áitiúla lena n-áirítear Músaem Chontae Mhuineacháin agus roinnfear iad ar Scoilnet ionas gur féidir le múinteoirí úsáid a bhaint astu. Cuirfear na físeáin seo in oiriúint lena n-úsáid i Measúnuithe Rangbhunaithe na Sraithe Sóisearaí.

Cuirfear tuilleadh eolais faoin bpróiseas iarratais agus faoin gclár deiseanna for-rochtana tarraingteacha ar fáil trí shuíomh gréasáin RIA https://www.ria.ie/



*Le caoinchead ó Patrick Mulroe.*



*Curadh dornálaí trom-mheáchan éadrom an domhain, Battling Siki, i mBaile Átha Cliath taobh amuigh den óstán ar stop sé ann agus a chomrádaí speárála Eugene Stuber.*
*Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, HOG212.*

Stairiúil

## CLÁR SCOILEANNA SCAIRTE STAIR ÉIREANN 2023

Tá Scoileanna Scairte Stair Éireann ag cur beochta in ábhair stairiúla le díospóireachtaí bríomhara ar raon leathan ábhair idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla ó 2011 i leith. Éascaíonn Tommy Graham, eagarthóir Stair Éireann, an plé, ina labhraíonn ceathrar cainteoirí – gach cainteoir ina shaineolaí ar ghné amháin den ábhar, agus tarraingíonn sé aird ar ghrúpaí sainleasa agus meallann sé lucht éisteachta níos leithne chomh maith.

In 2020 thosaigh na Scoileanna Scairte ag taifead podchraoltaí, ag soláthar rogha inoibrithe in ionad imeachtaí le linn phaindéim COVID-19. Éisteann níos mó ná 75,000 duine leis na podchraoltaí, a chraoltar thar ardáin éagsúla agus ar shuíomh gréasáin Stair Éireann. Tá clár míosúil podchraoltaí Scoil Scairte le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, beartaithe don bhliain 2023.

Tá podchraoltaí Scoil Scairte ar fáil ar Stair Éireann agus ar SoundCloud na Roinne nó cibé áit a éisteann tú le podchraoltaí.

### FEABHRA - 2 Feabhra

***Machnamh ar Dheich mBliana na gCuimhneachán: spléachadh ar an stair agus ar an gcomóradh***

Cad é an gaol idir comóradh agus cúrsaí stairiúla léinn? Cad é mar a d'oibrigh sé sin ó thaobh na praiticiúlachta de i nDeich mBliana na gCuimhneachán? Cad iad na deiseanna a glacadh? Cad iad na deiseanna nár éirigh leo?

### MÁRTA - 2 Márta

***Céad bliain ar aghaidh - conas a fhéachaimid ar Chogadh na gCarad***

(IMEACHT BEO SPEISIALTA DO SCOILEANNA)

Conas a d'athraigh cúrsaí léinn le déanaí ár ndearcadh ar Chogadh na gCarad? Cad iad na foinsí nua atá ar fáil anois? Agus an ndeachaigh sé seo i bhfeidhm ar an gcaoi a ndéanaimid comóradh ar na himeachtaí sin?



*Na Ceithre Cúirteanna, an 30 Meitheamh 1922, cúpla nóiméad tar éis 'an phléasctha mhóir', dhá lá tar éis d'fhórsaí an tSaorstáit tús a chur leis an mbombardaíocht lenar tugadh le fios go raibh Cogadh na gCarad ina thús. Le caoinchead ó Chartlann Ailtireachta na hÉireann.*

### MÁRTA

***Cogadh na gCarad i gCiarraí***

Bhí an foréigean agus na deighiltí a thit amach i rith Chogadh na gCarad in Éirinn níos brúidiúla, níos seirbhe agus mhair siad níos faide i gContae Chiarraí ná mar a mhair in aon áit eile in Éirinn. Cén fáth?

### AIBREÁN (ÓCÁID BHEO)

***Amharclannaíocht agus stair - is mar a chéile iad: scannánú Chogadh na gCarad***

Athmhachnamh ar Michael Collins agus The Wind That Shakes the Barley.



*Deartháir in éadan a dhearthár—sa scannán The Wind That Shakes The Barley, tá Damien (Cillian Murphy) agus Teddy O'Donovan (Pádraic Delaney) ar an dá thaobh a bhí i gcoinne a chéile sa deireadh. (Joss Barratt @ Sixteen Films).*

### BEALTAINE - 12-14 Bealtaine

(ÓCÁID BHEO, PHIZZFEST)

***'Do chum glóire Dé agus onóra na hÉireann'- Séadchomharthaí Chogadh na gCarad***

Conas a chuimhnigh an dá thaobh ar Chogadh na gCarad?

### MEITHEAMH

***An Lucht Oibre agus an Conradh/Scoilt Chogadh na gCarad***

Bhí príomhról ag an obair a eagraíodh (stailceanna, baghcatanna, srl.) i réabhlóid na hÉireann agus léiríodh é sin i vóta suntasach in olltoghchán mhí an Mheithimh 1922. Ach bliain ina dhiaidh sin laghdaigh an vóta sin faoina leath beagnach. Cén fáth?



*Tom Johnson, Ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre. Le caoinchead ó Wordwell.*

### IÚIL

***Athrú agus leanúnachas—olltoghcháin 1922 agus 1923***

Cad a insíonn an dá thoghchán seo dúinn faoi thírdhreach polaitiúil na hÉireann roimh Chogadh na gCarad agus ina dhiaidh?




*Balla in Inis, Contae an Chláir agus póstaeir air d'olltoghchán 1923. Foinse: Central Press Photos Teo.*

### LÚNASA

***Geilleagar Shaorstát Éireann tar éis Chogadh na gCarad***

Cad iad na dúshláin eacnamaíochta a bhí roimh an stát nua sna 1920í? Cad é mar a bhí sé i gcomparáid le stáit nua neamhspleácha eile san Eoraip?

### MEÁN FÓMHAIR

***'Ag glacadh a háite i measc náisiúin an domhain'?***

An raibh ballraíocht Shaorstát Éireann i gConradh na Náisiún ag teacht go maith le huaillmhian Robert Emmet?



*Baint an fhómhair i gCionn Mhálanna, Contae Dhún na nGall, sula raibh neamhspleáchas ann. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.*



*Baint an fhómhair i gCionn Mhálanna, Contae Dhún na nGall, sula raibh neamhspleáchas ann. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.*

Stairiúil

TIONSCADAIL OLLSCOILE

## Digitiú a dhéanamh ar Pháipéir

# Richard Mulcahy


Cuireann bailiúchán páipéar Mulcahy bunús ar fáil chun an tréimhse réabhlóideach agus a hiarmhairt a thuiscint agus cabhróidh sé le húsáideoirí meas a bheidh acu ar chastachtaí na tréimhse réabhlóidí ó 1916 go 1923. Baineann scoláirí ar fud an domhain úsáid as páipéir Mulcahy, ach den chuid is mó is daoine as Éirinn, as an Ríocht Aontaithe, as SAM agus as an Astráil a bhíonn ann. Úsáidtear iad le haghaidh taighde, ní hamháin ar gach gné de stair na hÉireann le linn na tréimhse sin, ach chomh maith leis sin, stair chomparáideach na réabhlóide agus cogadh na gcarad, le haghaidh stair straitéiseach agus oirbheartaíochta i gcoláistí cogaidh Mheiriceá agus chun staidéar a dhéanamh ar stáit idirthréimhseacha ó réabhlóid go daonlathas.

Tá an bailiúchán mar chuid de chroíshraith na mbailiúchán i gCartlann UCD maidir le tréimhse réabhlóideach na hÉireann a chlúdaíonn Éirí Amach 1916, Cogadh na Saoirse, Cogadh na gCarad agus an t-aistriú chuig Saorstát Éireann. Áirítear sa bhailiúchán píosaí faoi mhná poblachtacha, seasamh daoine a bhí ar son an Chonartha agus seasamh daoine a bhí ina aghaidh agus dearcthaí daoine a thacaigh leis an gcomhdhearcadh agus iadsan a bhí gníomhach ina choinne le linn Chogadh na gCarad agus le linn bhunú agus fhorbairt an tSaorstáit.

Déanfaidh UCD, le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán digitiú ar an mbailiúchán fisiciúil agus cumasóidh sé rochtain saor in aisce agus oscailte ar na páipéir seo ar fud na hÉireann agus an domhain.

**“Trí uasghrádú na catalóige, trí dhigitiú agus tríd an soláthar ar líne de rochtain uilíoch ar Pháipéir Mulcahy, beidh deis ann d’imscrúdú nua agus do chineálacha nua taighde agus cuirfidh sé le rochtain an phobail ar cheann de na hacmhainní stairiúla is tábhachtaí i gCartlann UCD.”**

**An Dr. Sandra Collins, Leabharlannaí Ollscoile, UCD**



No. 1.

GENERAL ROUTINE ORDERS
BY
GENERAL RISTEÁRD UA MAOLCHATHA,
COMMANDER-IN-CHIEF.

General Headquarters, Portobello,
*WEDNESDAY, 1st NOVEMBER, 1922.*

DEPARTMENT OF CHIEF OF THE GENERAL STAFF.

**1.—Operations Involving Inquests.**

Cases have occurred in which, owing to the ordinary operation report not having been rendered at once, or in fact not having been rendered at all, verdicts have been returned at Inquests arising out of such operations which have reflected upon the army as a whole as well as upon individual Officers and men. Special care will be taken by Officers in charge of operations, especially where an Inquest may result, that a complete report upon the operation generally, and particularly upon the circumstances attending the cause of death, is forwarded without the slightest delay to their immediate superior Officer, who will see that copies of such reports are submitted immediately to the Adjutant of the Command concerned and the Adjutant General.

**2.—Duties.**

Each Department of the General Headquarters Staff will forward a report weekly, so as to reach the Office of the Adjutant General not later than 9 a.m. on Tuesdays, on the work of the Department.

The report should consist of a separate review of the work carried out in each of the sub-departments which should be prepared in that sub-department, together with a covering report from the office of the Chief Head of the department.

Six copies of each report shall be submitted, and these shall be prepared in the Office of the Department or sub-department in which the report itself is prepared.

The first reports under this order shall deal with the week ending Saturday, the 4th of November, 1922.

SEÁN MAC MATHGHAMHNA, GENERAL,
*Chief of General Staff.*

ADJUTANT GENERAL'S DEPARTMENT.

**3.—Recruiting.**

Except in so far as the General Officer Commanding any Command has specific authority given not later than the 10th of October, 1922, for the recruitment of men, recruiting shall forthwith be completely stopped, and no man shall be recruited in any circumstances or in any area without obtaining first the specific permission of the Director of Organisation.

**4.—Discipline.**

Officers and other ranks will not cross the Border into the Six-County area either armed or in uniform, nor will any rank proceeding on leave outside Ireland travel armed or in uniform.

GEARÓID Ó SÚILLEABHÁIN, MAJOR-GENERAL,
*Adjutant-General.*

[P.T.O.

*Ordú Gnáthaimh ón nGinearál (Uimh. 1), arna eisiúint ag an nGinearál Richard Mulcahy, Ardcheannasaí, ó mhí na Samhna 1922. D'eisíodh Ceanncheathrú an Ghinearáil na horduithe seo ón nginearál lena scaipeadh ar an bhfoireann agus ar an gceannas. Ó Pháipéir Mulcahy, P7/B/167. Le caoinchead ó Chartlann UCD.*



*An Ginearál Richard Mulcahy, Ceann Foirne, Arm Shaorstát na hÉireann, in éide, 1922. Ó bhailiúchán Desmond FitzGerald, P80/PH/163. Le caoinchead ó Chartlann UCD.*

## Tionscadal Taighde ar bhonn píolótach á threorú ag UCD

### Tréigtheoirí Míleata na Breataine agus Tréigean le linn Cogadh Domhanda agus Ceannairce (1912 - 1924)

Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag cur síolchistiú ar fáil chun tacú leis an Dr Eve Morrison agus an Dr Fionnuala Walsh sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath atá ag tabhairt faoi thionscadal taighde ar bhonn píolótach bunaithe ar liosta na dtréigtheoirí in 1917 agus 1918 ó *The Police Gazette*. Is é is aidhm sa tionscadal ar an iomlán scrúdú a dhéanamh ar an méid tréigthe agus neamhláithreachais a bhí le fáil sa Bhreatain agus in Éirinn ó 1912 go 1924, agus an tionchar a bhain leo, an Chéad Chogadh Domhanda agus tréimhse réabhlóideach na hÉireann san áireamh. Is iad na torthaí a bheidh ar an tionscadal taighde alt tosaigh irise agus bunachar sonraí ar líne a bheidh iomlán inchuardaithe agus saor in aisce a chuirfear i dTaisclann Dhigiteach na hÉireann.

## Tionscadal Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, chun Básanna i gCogadh na gCarad a léarscáiliú

Beidh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, ag tabhairt faoi bhásanna i gCogadh na gCarad in Éirinn a léarscáiliú go digiteach chomh maith le hacmhainn bhainteach a bheidh bunaithe ar an ngréasán agus clár for-rochtana a chur ar fáil leis an taighde a chur os comhair an phobail.

Déanfaidh foireann an tionscadail i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, forbairt ar bhunachar cuimsitheach de bhásanna i gCogadh na gCarad, ar léarscáil idirghníomhach a bhainfidh leis na básanna, agus ar phíosa chun comhthéacs a thabhairt agus scrúdú a dhéanamh ar thionchar na coimhlinte in áiteanna agus i gcéimeanna éagsúla de Chogadh na gCarad. Beidh an Chartlann Mhíleata agus RTÉ ag obair i gcomhar a chéile don tionscadal a reáchtálfar in dhá chéim thar thréimhse 18 mí ó Eanáir 2023. Tá an tionscadal á chistiú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.



*Tháinig na mílte daoine le chéile i Sráid Sackville (Sráid Uí Chonaill) i gcomhair shochraid Mhichíl Uí Choileáin. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, INDH303.*

## AN POST

Sa leabhar **Stair ar Stampa – An Post agus Deich mBliana na gCuimhneachán (2013 – 2022),** tugtar cuntas ar eachtraí suntasacha sa stair mar chuid de chomóradh an Stáit ar Dheich mBliana na gCuimhneachán, mar a aithrisíodh iad ar an gclár bliantúil stampaí, arna gcruthú ag An Post thar ceann an Stáit. Eagrán teoranta d'fhoilseachán atá ann, agus istigh ann tá aiste fadfhoirme leis an Staraí Ealaíne agus Cultúir an Dr Emily Mark-Fitzgerald chomh maith le gailearaí a bhfuil 26 eisiúint stampaí agus 55 stampa ann. Ar an gcéad topaic atá ann tá comóradh ar an bhFrithdhúnadh Mór agus an ceann deireanach ná comóradh ar bhás Erskine Childers i 1922.

Tá an cuntas curtha i láthair ar bhealach gleoite i sé cinn de chaibidlí gearra agus téama ag baint le gach ceann acu chun nasc a chruthú le freagairt chruthaitheach An Post ar an ré thábhachtach seo tríd an dearadh stampaí agus, san am céanna, chun an fhéiniúlacht náisiúnta agus saol ár linne a fhiosrú. Tá saothar leis an gcuid is fearr d'ealaíontóirí agus dearthóirí na hÉireann le fáil sa leabhar, taobh le raidhse eolais i dtaobh dhearaí na stampaí agus na dtopaicí a bhfuil siad bunaithe orthu. Earra inbhailithe luachmhar atá ann a bheadh fóirsteanach do chairde agus don teaghlach agus dóibh siúd a bhaineann taitneamh as bheith ag plé leis an stair, leis an ealaín agus le cultúr na hÉireann.

Ar fáil lena cheannach ar [anpost.com/shop](anpost.com/shop).




*Stair ar Stampa: An Post agus Deich mBliana na gCuimhneachán (2013-2022). Foilseachán nua ó An Post.*

## Saorstát Éireann a ligean isteach i gConradh na Náisiún i Meán Fómhair 1923

Ceann de na himeachtaí stairiúla suntasacha deireanacha atá le comóradh sa chlár do Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023 is ea Saorstát Éireann a ligean isteach i gConradh na Náisiún i Meán Fómhair 1923.

Bunaíodh Conradh na Náisiún ag deireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda mar eagraíocht idir-rialtasach leis an gcuspóir uaillmhianach síocháin a choinneáil trí chomhshlándáil, dí-armáil agus socrú síochánta easaontais idirnáisiúnta. Glacadh isteach go leor dá phrionsabail, chomh maith leis na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí atá mar chuid den Chonradh, sna Náisiúin Aontaithe ina dhiaidh sin agus tá sé fós mar chuid d'ollstruchtúr sin na Náisiún Aontaithe inniu.

Cé gur spreagadh ballraíocht na hÉireann i gConradh na Náisiún den chuid is mó ar dtús trí éileamh eile a dhéanamh ar an státacht ar an stáitse idirnáisiúnta, chuaigh an Rialtas i ngleic le bunús saincheisteanna freisin, ar bhonn prionsabail, agus é tiomanta don iltaobhachas bunaithe ar rialacha agus do riail an dlí – bunsraitheanna a neartú a bhí mar bhonn le polasaí eachtrach na hÉireann sna céad bliain ina dhiaidh sin.

Reáchtálfar roinnt imeachtaí sa dara leath de 2023 ina mbeidh an Rialtas, lucht acadúil, baill den phobal agus líonra Ambasáid na hÉireann thar lear, go háirithe na hAmbasáidí i Nua-Eabhrac agus sa Ghinéiv, áit a bhfuil foirgneamh an Chonartha anois ar cheann de Cheanncheathrú na Náisiún Aontaithe nua-aimseartha. Breithneofar na gnéithe stairiúla ag na himeachtaí a bhaineann le ballraíocht na hÉireann ach léireofar freisin cúrsaí mar atá sa lá atá inniu ann i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí na hÉireann ar fud chóras na Náisiún Aontaithe, agus féachfar leis an todhchaí i gcomhthéacs Éire Dhomhanda, tionscnamh an Rialtais chun scóip agus tionchar lorg Domhanda na hÉireann a dhúbailt.



*An chéad toscaireacht ó Éirinn chuig Conradh na Náisiún, an Ghinéiv, Meán Fómhair 1923. Le caoinchead ón gCartlann Náisiúnta, RGE/Luath/Conradh na Náisiún/258 (1). Rinne Éire iarratas ar bhallraíocht i gConradh na Náisiún i mí Aibreáin 1923. Ligeadh isteach í le linn an Cheathrú Tionól den Chonradh sa Ghinéiv ar an 10 Meán Fómhair 1923, agus an-suim agus díograis i measc an phobail ann. Chuaigh toscaireacht ardleibhéil chun na Ginéive chun suí i suíocháin na hÉireann i dTionól an Chonartha, Uachtarán na hArd-Chomhairle, William T. Cosgrave, agus an tAire um Ghnóthaí Coigcríche, Desmond Fitzgerald, i gceannas orthu. Tá an toscaireacht le feiceáil sa phictiúr anseo sa Ghinéiv.*

*Ina suí (ó chlé): Hugh Kennedy (Ard-Aighne), William T. Cosgrave (Uachtarán ar an Ard-Chomhairle), Eoin Mac Néill (Aire Oideachais)*

*Ina seasamh (ó chlé): Michael MacWhite (Ionadaí Buan thar ceann na hÉireann ar Chonradh na Náisiún), Desmond FitzGerald (Aire um Ghnóthaí Coigcríche), An marcas MacSwiney de Mhaigh Seanghlaise (Toscaire Ionaid), Kevin O'Sheil (Comhairleoir Cúnta Dlí), Ormond Grattan Esmond TD (Toscaire), Diarmuid Ó hÉigeartuigh (Rúnaí Comh-Aireachta), Gearóid McGann (Rúnaí Uachtarán na hArd-Chomhairle).*
*Le chaoinchead ón gCartlann Náisiúnta. Ref: National Archives, DFA/Early/League of Nations/258 (1).*

AN ROINN GNÓTHAÍ EACHTRACHA

# Sparánacht In Flanders Fields

**Le tacaíocht ón RTCEGSM, tá Ambasáid na hÉireann chun na Beilge i gcomhpháirtíocht le Músaem *In Flanders Fields* in Ypres, tar éis Scéim Sparánachta *In Flanders Fields* a reáchtáil ón mbliain 2015.**

Gach bliain, cuireann dhá sparánacht ar chumas mic léinn staire (comhaltaí) ó oileán na hÉireann oibriú ar thaifid saighdiúirí as Éirinn a fuair bás sa Bheilg le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Caitheann Comhaltaí 2-3 seachtaine ag obair in éineacht le foireann saineolaithe na cartlainne i Músaem *In Flanders Fields* (an Bheilg), áit a gcoinnítear taifid na hÉireann.

Is é aidhm an tionscadail sin an t-eolas atá ar iarraidh maidir leis an 50,000 saighdiúir Éireannacha a fuair bás a aimsiú. Roimhe seo, ní dearnadh ach páirtdoiciméad taifid de na daoine seo a maraíodh i leabhar a eisíodh in 1923. D'oibrigh Músaem *In Flanders Fields* leis an gcomhlacht staire agus oidhreachta ginealais Éireannach Eneclann agus Google chun suíomh gréasáin cuimhneacháin nua Éireannach a fhorbairt, agus anois tá liosta inchuardaithe cogaidh d'Éireannaigh a fuair bás ar fáil ar líne den chéad uair.

Seoladh an suíomh gréasáin in 2014 agus níl sé go hiomlán críochnaithe go fóill. Tá go leor ainmneacha in easnamh nó sonraí taifeadta go mícheart. Is é aidhm sparánacht na mac léinn staraithe óga Éireannacha a bheith páirteach san obair leanúnach chun na hearráidí a cheartú agus níos mó a fhoghlaim faoi thréimhse dár stair choiteann leis an mBeilg agus leis an gcuid eile den domhan.

Gach bliain, meallann an t-éileamh ar iarratais freagraí dearfacha agus ardchaighdeáin agus bhí áthas ar Ambasáid na hÉireann chun na Beilge sparánachtaí a thairiscint agus cothromaíocht ó thaobh inscne de mar thosaíocht, chomh maith le cur chuige uile-Oileáin a chinntiú agus mic léinn ón Tuaisceart agus ón Deisceart ag glacadh páirte. Tá an t-aiseolas a fuarthas uathusan a ghlac páirt sa tionscadal thar a bheith dearfach.

Ós rud é nach bhféadfadh an Scéim sparánachta feidhmiú le linn phaindéim COVID-19 mar gheall ar shrianta ar thaisteal, cuirfear tús arís leis in 2023 agus beirt mhac léinn ag taisteal san earrach, agus beirt mhac léinn eile ag taisteal san fhómhar.





*Íomhánna le caoinchead ó Mhúsaem In Flanders Fields, Ieper, an Bheilg.*

## Diarmuid Bolger, Comhalta In Flanders Fields, 2017

D'éirínn gach tráthnóna i mí Mheán Fómhair 2017 ón deasc a bhí agam sa Lakenhal (Halla Éadach) in Ieper. Agus mé ag imeacht amach, an mothú a bhíodh orm ná go raibh mé ag fágáil mhuintir na hÉireann a cailleadh sa Chéad Chogadh Domhanda i mo dhiaidh - na mílte acu nach bhfuarthas a gcorp riamh - agus amach liom i measc an bheo sa bhaile mór bríomhar gleoite seo.

Músaem 'In Flanders Fields' atá sa *Lakenhal* anois, áit a ndéantar scrúdú ar shaol na saighdiúirí ar gach taobh sa Chogadh agus ar shaol na sibhialtach sa bhaile. Beirt chéimithe staire ba ea mé féin agus Patrick McCarney a fuair cuireadh in 2017 le dul ansin chun taighde a dhéanamh ar mhuintir na hÉireann a d'éag sa Chéad Chogadh Domhanda mar pháirt den tionscadal 'Liosta Ainmneacha'.

Is é is aidhm don 'Liosta Ainmneacha' gach duine a fuair bás sa Bheilg le linn an Chogaidh a ainmniú agus taighde ginealais a dhéanamh lena bhféiniúlacht a thabhairt ar ais dóibh. Is é an cúram a bhí ormsa feidhm a bhaint as cibé foinsí a raibh teacht agam orthu le tuilleadh eolais a fháil ar shaol na ndaoine a bhí ar chúl na n-ainmneacha agus líon na reisimintí sna taifid oifigiúla do mhuintir na hÉireann a fuair bás sa Bheilg.

Rud ar chuir mé an-suim ann ná scéalta a bhí ligthe i ndearmad a chur ar ais le chéile arís, muintir Black as an mBaile Meánach, Contae Aontroma, cuir i gcás. Leascheannaire le Saighdiúirí Coise na nGarbhchríoch ba ea Robert Black nuair a fuair sé bás ar an 24 Deireadh Fómhair 1914 sa Bheilg. Ceannaire ba ea a dheartháir, William, sa chathlán céanna. Bhí William 22 bhliain d'aois agus Robert 18 mbliana d'aois de réir na dtaifead.

Nuair a rinne mé comparáid leis an daonáireamh agus taifid eile, áfach, fuair mé amach nach raibh Robert ach 17 mbliana d'aois nuair a fuair sé bás, bliain ní b'óige ná an aois liostála is ísle. B'fhéidir gur áitigh William ar Robert le liostáil nó gur inis Robert bréag faoina aois, nó b'fhéidir nach raibh a dháta breithe ar eolas aige fiú. Go tragóideach, fuair William bás i bhFlóndras trí seachtaine ina dhiaidh: beirt mhac caillte ag a dtuismitheoirí, Jeremiah agus Matilda Black, i dtréimhse ní ba ghiorra ná mí.

Stadainn in aice leis an Menenpoort (Geata Menin) beagnach gach tráthnóna: bealach áirseach cuimhneacháin é ina dtugtar ainmneacha 54,000 íospartach ón gcogadh sa Bheilg nach bhfuarthas a gcorp riamh. Ba tríd an mbealach seo isteach go Ieper - ní raibh ann ag an am ach droichead - a thagadh na mílte Éireannach chun aghaidh a thabhairt ar chéasadh gan doshamhlaithe. Bhí an taithí choiteann acu ligthe i ndearmad ar feadh na mblianta. Céad bliain ina dhiaidh, anois, tá a bhféiniúlacht á dtabhairt ar ais dóibh, duine ar dhuine.



*Íomhá le caoinchead ó Aoife Lawlor.*

## Aoife Lawlor, Comhalta In Flanders Fields, 2018


Bronnadh Sparánacht In Flanders Fields orm féin agus mé sa tríú bliain de chéim sa Stair agus sa Fhraincis i gColáiste na Tríonóide sa bhliain 2018. Bhí deis agam cur le 'Liosta Ainmneacha' digiteach inchuardaithe, liosta ina ndéantar taifead de mhuintir na hÉireann a fuair bás sa Chéad Chogadh Domhanda. Rinne mé cuardach ar chartlanna agus suíomhanna gréasáin éagsúla le cuntas beathaisnéise na ndaoine siúd a fuair bás a fhorbairt agus a chaomhnú. I measc na bpríomhfhoinsí is tábhachtaí a bhí agam bhí 'Irish Memorial Records', ocht gcinn d'imleabhair luachmhara a bhfuil 49,400 ainm iontu, iad maisithe ag Harry Clarke. Agus mé ag tabhairt faoin bpróiseas, mheas mé go raibh gach cuntas beathaisnéise a cuireadh leis an mbunachar sonraí mar bhealach le haitheantas a thabhairt don mhéid a chuir muintir na hÉireann leis an gCéad Chogadh Domhanda.

Chomh maith leis sin, d'fhreastail mé ar an gcomhdháil idirnáisiúnta staire 'To End all Wars?' Imeacht ceithre lá a bhí ann agus mar chuid de bhí cuir i láthair ó staraithe mór le rá, thugamar cuairt ar láithreacha catha, trinsí agus uaigheanna cogaidh, a thug léargas ar iarmhairtí fada na coimhlinte ar an tírdhreach agus ar phobail. Labhraítear go forleathan ar ról na saighdiúirí Éireannacha in Ieper agus sa cheantar máguaird. Bíonn siúlóid bhliantúil ann i gcuimhne ar William Redmond, deartháir John Redmond, ceannaire Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann.

Buaicphointe den tréimhse a chaith mé thall ná cuairt a thabhairt ar Pháirc Síochána Oileán na hÉireann, a tógadh cóngarach do láthair Chath Messines Ridge, mar ar throid Rannóg na hÉireann agus Rannóg Uladh taobh le taobh. An tUachtarán Mhic Giolla Íosa a d'oscail an Pháirc sa bhliain 1998, agus an Bhanríon Eilís II i láthair. Tá an pháirc mar léiriú ar ghealltanas leis an tsíocháin a chaomhnú idir an pobal Protastúnach agus an pobal Caitliceach.

Ar an iomlán, thug sé an-sásamh dom deis a fháil cur le taifead cuimsitheach digiteach le haghaidh na nglúnta atá le teacht. Agus muid ag teacht chuig deireadh Dheich mBliana na gCuimhneachán, caithfear aitheantas a thabhairt do gach gné dár stair chomhchoiteann le go mbeimid in ann cuimhne chomhchoiteann uilechuimsitheach a fhorbairt ina léireofar meas.






*Íomhánna le caoinchead ó Aoife Lawlor.*

ROINN OIDEACHAS

# Comórtas Uile-Oileáin Staire Dheich mBliana na gCuimhneachán




**Mar chuid den chlár comórtha do Dheich mBliana na gCuimhneachán, tugann an Roinn Oideachais cuireadh do scoláirí ag gach leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile ar fud oileán na hÉireann, sa scoilbhliain 2022-2023, cur isteach ar chomórtas bliantúil staire na scoileanna uile-oileáin. Tá nasc ar leith ag na téamaí a roghnaíodh le himeachtaí céad bliain ó shin ar fud oileán na hÉireann.**

Tá Comórtas Uile-Oileáin Staire na Scoileanna do Dheich mBliana na gCuimhneachán, don bhunscoil agus don iar-bhunscoil araon, á reáchtáil ag an Roinn Oideachais agus Scoil Staire Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Cuireann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus Stair Éireann tacaíocht ar fáil freisin.

Tá sé i gceist go gcuirfidh an comórtas seo leis an gcuraclam staire ag leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile araon. Tá duais ann do gach ceann de na catagóirí ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile, agus bronnfar duais bhreise ar fhíseán ag scoláirí idirbhliana. Seo a leanas na catagóirí –

- Réabhlóid agus Coimhlint in Éirinn – staidéar ar eachtra pholaitiúil/réabhlóideach ón tréimhse 1912–1923, gné ar leith ón ócáid, nó duine / grúpa/ eagraíocht a bhaineann léi.
- Éire agus an Chéad Chogadh Domhanda – staidéar ar eispéireas na hÉireann ar an gcogadh ó thaobh duine ar leith nó grúpa de. Is féidir béim a leagan ar chath ar leith, scéal rannpháirtí ar leith nó breithniú ar an tréimhse iomlán 1914–1918.
- Mná le linn na tréimhse réabhlóidí in Éirinn – staidéar ar dhuine ar leith / grúpa/ eagraíocht/ gluaiseacht ar leith a bhí ag iarraidh caighdeán maireachtála na mban a fheabhsú nó a raibh baint acu le gníomhaíocht réabhlóideach in Éirinn i dtréimhse 1912–1923.
- Athrú Cultúrtha nó Sóisialta in Éirinn – tionscadal ina sonraítear tionchar thréimhse 1912-1923 ar chultúr agus/nó ar shochaí na hÉireann. Is féidir leis seo díriú ar dhuine ar leith/ grúpa/ eagraíocht nó gluaiseacht, nó píosa/imeacht/aimsiú ar leith.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi chomórtas 2023 ag gov.ie - The 'Decade of Centenaries' All Island History Competition for Primary and Post-Primary Schools 2022/2023 (www.gov.ie)

Tá na hiontrálacha a bhuaigh comórtas 2022 ar fáil ar Scoilnet Scoilnet - All Island History Competition 2022 - Scoilnet.

ROINN OIDEACHAS

# Gníomhaíochtaí scoile

Tá tionscnaimh agus acmhainní éagsúla forbartha ag an Roinn Oideachais agus ag a seirbhísí tacaíochta chun tacú le daoine óga agus a gcuid múinteoirí dul i ngleic le castachtaí thréimhse Dheich mBliana na gCuimhneachán.

is Maoiníonn an Roinn Oideachais tairseach www.scoilnet.ie agus cuirtear ar fáil é tríd an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Teicneolaíocht san Oideachas. Tá níos mó ná 3,100 acmhainn digiteach ann a bhfuil nasc soiléir acu leis an gcuraclam staire ag leibhéil bunscoile agus iar-bhunscoile.

Cuireann scoilnet rochtain cheadúnaithe ar fáil laistigh de scoileanna agus rochtain do mhúinteoirí sa bhaile ar Chartlann Nuachtáin na hÉireann www.scoilnet.ie/scoilnet/tools-for-teachers/

Ardán ar líne is ea é Tairseach Foghlama Reilig Ghlas Naíon a thacaíonn an Roinn Oideachais leis, a chuireann ar chumas scoileanna/daltaí foghlaim faoi stair Reilig Ghlas Naíon. Tugtar léargas sa Reilig ar stair na hÉireann le dhá chéad bliain anuas. Dírítear ar bhlianta Dheich mBliana na gCuimhneachán sa tairseach agus tá naisc dhíreacha leis an gcuraclam ann. Is féidir le daltaí úsáid a bhaint as na hacmhainní sa tairseach ina bpróiseas fiosraithe agus cuireann sé bunús ar fáil do thaighde a dhéanamh ar réimse leathan ábhar a bhaineann le Deich mBliana na gCuimhneachán.

I measc na n-acmhainní tá:

- Amlíne agus Léarscáil idirghníomhach le foghlaim faoi shaol daoine aonair san am a chuaigh thart;
- Dánlann Scéalta ina bhfuil sraith gearrscannán agus bailiúchán d'íomhánna gailearaí a sholáthraíonn tuilleadh faisnéise; agus
- naisc do scoláirí idir a gceantar féin agus imeachtaí náisiúnta/idirnáisiúnta.

Tá an Tairseach Foghlama ar fáil as Gaeilge agus as Béarla ar https://www.dctrust.ie/ experience-glasnevin/education.html

ROINN DLÍ AGUS CIRT

D'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt clár táscach eile anuraidh a bhfuil sonraí ann don tréimhse idir 2022 agus 2024.

Ar cheann de na himeachtaí is tábhachtaí atá beartaithe do 2023 tá siompóisiam d'earnáil an cheartais ar an 22 Meán Fómhair 2023 sa Chlólann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Déanfar machnamh le linn an tsiompóisiam ar fhorbairt earnáil an cheartais choiriúil in Éirinn thar thréimhse fhada ó 1822 ar aghaidh, an bhliain a bunaíodh Constáblacht na gContaetha.

Mar chuid den siompóisiam cuirfidh scoláirí agus daoine de lucht earnáil an cheartais páipéir i láthair ar thopaicí a bhaineann leis an dá chéad bliain roimhe seo. Déanfar machnamh nach hamháin ar stair na póilíneachta in Éirinn i rith na tréimhse a bheidh á cíoradh ach stair na seirbhíse promhaidh agus chóras na bpríosún lena chois. Mar sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí breithniú mar shampla ar an ról fíorthábhachtach a bhí ag mná, ar nós Cathleen Gargan, a bhí ar an gcéad Oifigeach Promhaidh in Éirinn nuair a bunaíodh an tseirbhís promhaidh in Éirinn.



*Kevin O'Higgins, An tAire Gnóthaí Baile ag labhairt leis na Gardaí Síochána ar fhilleadh dóibh chuig Iosta Pháirc an Fhionnuisce. Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.*



*Grúpa na bainise agus aíonna: arna choimisiúnú ag an gCaptaen Thomas Hayes. Beairic na hAontachta, Cill Mhic Thomáisín. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, POOLEWP 3110.*

## An tOllamh Mary E. Daly, Sainghrúpa Comhairleach um Chomórthaí

Cinneadh uaillmhianach a bhí ann Deich mBliana na gCuimhneachán a eagrú le céad bliain de shaoirse na hÉireann a chomóradh, cinneadh a raibh baol ó chonspóid ag baint leis. Uaireanta músclaítear naimhdeas arís má dhéantar comóradh ar eachtraí ón am atá thart, go háirithe iadsan a bhí foréigneach agus a chruthaigh deighilt, agus is iomaí sampla de sin atá againn ó stair na hEorpa. Bhí seans ann chomh maith go n-éireodh an pobal tuirseach den chomóradh agus go gcaillfí suim ann agus comóradh céad bliain ar Éirí Amach na Cásca in 2016 thart. Bhí an t-amscála fada riachtanach, áfach, le léargas ceart a thabhairt ar chastacht na ndeich mbliana a raibh neamhspleáchas na hÉireann mar thoradh orthu. Bhíothas in ann aitheantas cuí a thabhairt sa tsraith leanúnach de chomóradh ar chomóradh céad bliain bhunú Óglaigh Uladh agus Óglaigh na hÉireann, de ról na hÉireann sa Chéad Chogadh Domhanda, de Fhrithdhúnadh Mór Bhaile Átha Cliath 1913, de cheart vótála do mhná agus ceart vótála na bhfear uile agus moll mór eachtraí eile. D'fhág an cur chuige seo go raibh deis ag daoine nach mbeadh luí acu leis an Éirí Amach in 1916 comóradh a dhéanamh ar eachtraí stairiúla eile a thug léiriú ar stair a dteaghlaigh féin nó ar na nithe a bhfuil suim acu féin iontu. Chruthaigh an clár mór spás le haghaidh imeachtaí a bheadh tábhachtach ag pobail áitiúla nó grúpaí a bhaineann le hábhar ar leith.




*Taispéantas 'From Turmoil to Truce'. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.*

D'fhéadfaí a rá go bhfuil Réabhlóid na hÉireann ar réabhlóid na linne seo is mó dá bhfuil taifead againn. Sprioc a bhí ag an Sainghrúpa Comhairleach um Chomórthaí cur le réimse an ábhair cartlainne atá ann agus é a chur ar fáil saor in aisce go digiteach. Le deich mbliana anuas tá fás millteanach tagtha ar an tuiscint atá againn ar na heachtraí tábhachtacha seo, fás atá ar bun fós, mar gheall ar leabhair agus ailt éagsúla a foilsíodh, drámaí, taispeántais, podchraoltaí agus meáin eile. Tá sciar maith den ábhar sin dírithe ar shaol an ghnáthdhuine, daoine a throid, nó a d'éag, nó a rinne cúram de dhaoine eile agus an Chéad Chogadh Domhanda, Éirí Amach na Cásca agus Cogadh na Saoirse ann, agus tionchar na n-eachtraí sin ar a muintir. Sibhialtaigh ba mhó a fuair bás in 1916 agus páistí a bhí i gcuid mhór acu. Is iomaí saighdiúir Éireannach a bhí i measc shaighdiúirí na Breataine a fuair bás le linn an Éirí Amach. Tá scéalta casta teaghlaigh tagtha chun cinn mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán: deartháireacha, duine

## An tOllamh Mary E. Daly, Sainghrúpa Comhairleach um Chomórthaí

acu in arm na Breataine, duine eile acu in Ard-Oifig an Phoist. Tá deis i ndiaidh a bheith ann lena linn aitheantas ceart a thabhairt do mhná as an ról a bhí acusan, mar ghníomhaithe nó mar bhaill teaghlaigh, agus is iomaí deirfiúr agus baintreach a chomhlíon an dá ról.

Ceann de na gnéithe is suntasaí a bhaineann leis na deich mbliana ná an oiread daoine atá tar éis a bheith ag plé leo. Tá imeachtaí a d'eagraigh údaráis áitiúla i ndiaidh dul i bhfeidhm go mór ar na pobail sin, imeachtaí a thug seans leas a bhaint as saineolas na seirbhísí áitiúla oidhreachta agus leabharlainne. Bhí suntas ar leith ag baint leis na himeachtaí áitiúla seo le dul i ngleic le heachtraí a d'fhéadfadh a bheith corrach, cuir i gcás Sléacht Shulchóid Bheag nó dúnmharú Protastúnach in Iarthar Chorcaí, mar a raibh an urraim agus an meas a léiríodh ar na híospartaigh go léir le moladh. Ós rud é go bhfuiltear i ndiaidh díriú ar eachtraí áitiúla agus nithe pearsanta tá béim leagtha ar chuid den uafás i réabhlóid na hÉireann ach é sin déanta gan naimhdeas ná deighilt a chothú.

Táthar tar éis dul i mbun plé le muintir na hÉireann ar fud an domhain mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán agus imeachtaí á reáchtáil san Airgintín, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa Bhreatain agus i dtíortha go leor eile. Ó tharla béim ann ar chúrsaí idirnáisiúnta tá scéal dhiaspóra na hÉireann sa Chéad Chogadh Domhanda againn chomh maith leis an ról a bhí acu in Éirí Amach 1916. Cé gur fíor go bhfuil aitheantas á thabhairt le fada don ghné Mheiriceánach, táthar tar éis aitheantas ceart a thabhairt sa deireadh do ról na nÉireannach sa Bhreatain, sa Chéad Chogadh Domhanda agus i réabhlóid na hÉireann. Tá scrúdú déanta ar ghnéithe idirnáisiúnta eile mar chuid de chomhdhálacha eile, tionchar réabhlóid na hÉireann ar ghluaiseachtaí i dtreo an neamhspleáchais san India agus in áiteanna eile in Impireacht na Breataine ar cheann acu. Bhí tábhacht ag baint leis an gCéad Chogadh Domhanda ó thaobh an Éirí Amach agus eachtraí dá éis de, agus tá glacadh ginearálta leis an gcogadh i stair na hÉireann faoin am seo. Tuigtear anois go bhfuil bunú Stát na hÉireann agus Cogadh na gCarad mar pháirt de scéal ginearálta stair na hEorpa i dtús an fhichiú haois.

Ceann de na torthaí diúltacha a bhain le teacht Covid-19 in 2020 gur tháinig laghdú ar na deiseanna go mbeadh plé ann idir an Sainghrúpa Comhairleach agus an sainchoiste a bunaíodh le cothrom céad bliain de Thuaisceart Éireann a chomóradh. Mar sin féin, tá na deich mbliana i ndiaidh tuiscint níos fearr a thabhairt dúinn ar ghnéithe den tréimhse a bhaineann leis an oileán ar fad. An chéad imeacht oifigiúil a bhí againn mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán ná léacht le Peter Robinson, ceannaire an DUP ag an am, le céad bliain ó bunaíodh Óglaigh Uladh a chomóradh. Tá aitheantas tugtha do thoradh na críochdheighilte ar phobail thart faoin teorainn. Tuigtear gur eachtra a bhí sa Chéad Chogadh Domhanda a d'imir tionchar ar gach áit ar an oileán, ar aon dul leis an bhforéigean a bhain leis an gcríochdheighilt agus leis an neamhspleáchas.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an dearcadh níos fadréimsí atá glactha againn i nDeich mBliana na gCuimhneachán, an plé atá déanta le daoine ar fud na hÉireann agus go hidirnáisiúnta, go háirithe ós rud é go bhfuil lear mear daoine ina gcónaí in Éirinn nár rugadh sa tír agus an éagsúlacht oidhreachta atá ag cuid mhór de shaoránaigh óga na hÉireann. Tá súil againn go bhfuil Deich mBliana na gCuimhneachán tar éis na daoine sin a chur ar an eolas maidir leis an tréimhse thábhachtach seo i stair na hÉireann. Tá an comóradh i ndiaidh deis a thabhairt do dhaoine smaoineamh siar ar na heachtraí atá tar éis sochaí na hÉireann a mhúnlú le céad bliain anuas; ar an aistear dúshlánach a bhain le náisiún saor daonlathach a fhorbairt agus a chothú. Tá an méid sin bainte amach ar bhealach aibí ionchuimsitheach.

## OIFIG AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

In 2023, déanfaidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste comóradh ar chéad bliain ó bunaíodh go foirmiúil na hOifige a bhfuil príomhról aici i bpróiseas na freagrachta daonlathaí agus maidir le tuairisciú agus úsáid cistí poiblí in Éirinn.

Is éard atá i gceist leis an tionscadal comórtha céad bliain ná comhpháirtíocht leis an gCartlann Náisiúnta agus le hAcadamh Ríoga na hÉireann chun taighde cartlainne a dhéanamh ar pháipéir stairiúla na hOifige, a choinnítear sa Chartlann agus i leabharlann an Oireachtais. Díreofar sa taighde ar fhorbairt na hOifige agus ar imeachtaí suntasacha stairiúla a tharla le linn an chéid. Is é cuspóir an taighde tábhacht obair na hOifige a chur in iúl don Stát trí léargas a thabhairt ar an méid a chuir an obair sin le freagracht phoiblí agus feabhsúcháin ar riarachán poiblí le 100 bliain anuas. Tá sé beartaithe an foilseachán a eisiúint agus imeacht seolta a reáchtáil i R4 2023.

Tá an Oifig ag comhoibriú freisin le roinnt acadóirí ar ailt taighde ina ndírítear ar fhreagracht phoiblí agus riarachán in Éirinn. Áireoidh foilsiú an taighde seo eagrán iomlán d'Iris Riaracháin an Fhorais Riaracháin in 2023, agus tá imeachtaí eile beartaithe.

Soláthrófar sa taighde cartlainne nua seo agus san iniúchadh gaolmhar ar théamaí leathana rannpháirtíocht fhiúntach poiblí agus tuiscint níos doimhne ar imeachtaí suntasacha stairiúla lena n-áirítear bunú institiúidí Stát nua na hÉireann. Leathnófar ár n-eolas san obair agus cuideoidh sé le haschuir oidhreachta inláimhsithe agus inrochtana a mhairfidh ar feadh i bhfad chun eolas agus treoir níos fearr a thabhairt don fhionnachtain amach anseo.

# 3 Snáithe Pobail

Is príomhpháirtithe iad na húdaráis áitiúla i gClár Dheich mBliana na gCuimhneachán agus bhí príomhról acu maidir le comóradh cuimsitheach, measúil agus fiúntach faoi stiúir an phobail a thiomáint, chomh maith le haitheantas, tacaíocht agus rannpháirtíocht chuí Stáit. Cheadaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán leithdháileadh maoinithe €50,000 do gach údarás áitiúil in 2023, chun tacú le tionscnaimh chuimhneacháin chuí faoi stiúir an phobail a fhorbairt.

Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023 - comhordaitheoirí na n-údarás áitiúil.




*Foireann iomána Chill Chainnigh i bPáirc an Chrócaigh chun cluiche a imirt in éadan Bhaile Átha Cliath, Meán Fómhair 1923. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, HOG93.*

Pobail

## ÚDARÁIS ÁITIÚLA

**Tá ról tábhachtach fós ag na hÚdaráis Áitiúla ar fud na tíre maidir le cuimhneamh ar bhealach cuimsitheach ar imeachtaí agus téamaí a tharla ina gceantair féin ó 1921 -1923. Agus iad ag forbairt a gcláir féin do Dheich mBliana na gCuimhneachán 2023, cuirfidh údaráis áitiúla na nithe seo a leanas san áireamh:**

### 1. Tionscnaimh a thacaíonn le rannpháirtíocht leathan phoiblí

Tá tábhacht le scéalta agus le heispéiris áitiúla chun tuiscint a fháil ar na himeachtaí a tharla ar fud na tíre céad bliain ó shin. Glacfaidh údaráis áitiúla le cur chuige cruthaitheach agus cuimsitheach maidir le pobail a mhealladh trí:

- Tionscnaimh a spreagann agus a thacaíonn le taighde áitiúil, cúrsaí léinn agus rochtain phoiblí saor in aisce ar fhoinsí cartlainne áitiúla iontaofa, lena n-áirítear rochtain ar líne ar chartlanna áitiúla digitithe.
- Tacaíocht do 'Staraí Cónaithe' a spreagfaidh rannpháirtíocht an phobail i gClár Dheich mBliana na gCuimhneachán.
- Tacaíocht do leabharlanna poiblí chun cur ar a gcumas cur lena mbailiúcháin d'ábhair léitheoireachta a bhaineann le Deich mBliana na gCuimhneachán, ábhair do dhaoine óga san áireamh.
- Tionscadail Oidhreachta Digiteacha (m.sh. tionscnaimh gheo-
- Tionscnaimh chomhoibríocha leis na hInstitiúidí Cultúir Náisiúnta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí for-rochtana poiblí.
- Rannpháirtíocht le lucht féachana de gach aois ar líne, e.g. forbairt ábhar digiteach coimeádta, taispeántais ar líne, podchraoltaí, seimineáir ghréasáin, turais fhíorúla, iarrachtaí ealaíne agus cruthaitheacha, agus gníomhaíochtaí eile for-rochtana ar líne do dhaoine de gach aois.





*Mná100 i gcomhar leis an gclár Staraithe Cónaithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Le caoinchead ó Mná100.*

## 2.Ealaíontóirí agus Pobail Chruthaitheacha

Chuir Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2023 €15,000 ar a laghad ar fáil d'údaráis áitiúla ó Bhuiséad Dheich mBliana na gCuimhneachán, chun tacú le healaíontóirí agus le pobail chruthaitheacha tionscadail a fhorbairt a dhéanann machnamh ar na himeachtaí suntasacha a tharla ar fud a gcontaetha céad bliain ó shin.

Is féidir le tionscadail ealaíne agus chruthaitheacha ó gach seánra spás agus timpeallacht thacúil a chur ar fáil do phobail chun imeachtaí agus téamaí suntasacha áitiúla a tharla céad bliain ó shin a iniúchadh agus machnamh a dhéanamh orthu. Dearadh an tionscnamh seo chun gach cuid dár bpobail a mhealladh – lena n-áirítear daoine óga agus aosta, agus pobail nua, trí shaibhreas léirithe cruthaitheacha amhail scannáin; podchraoltaí; ealaíontóirí / scríbhneoirí / filí cónaithe; comórtais ealaíne; scríbhneoireacht chruthaitheach; agus coimisiúin ealaíne.




*Íomhá le caoinchead ó Chomhairle Contae Chorcaí.*

## 3.Tacaíocht do thionscnaimh nó comhoibriú faoi stiúir leabharlainne

Aithnítear leabharlanna mar spásanna inrochtana, iontaofa i gcroílár an phobail a chosnaíonn agus a chaomhnaíonn an chuimhne choiteann dá gcathracha nó dá gcontaetha faoi seach, i bhfoirm bailiúcháin uathúla leabhar, léarscáileanna, grianghraif, priontaí, cartlanna nuachtáin, agus lámhscríbhinní.

Le linn Dheich mBliana na gCuimhneachán, bhí ról speisialta ag leabharlanna maidir le nascadh agus teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla. Cuirimid fáilte roimh thionscnaimh faoi stiúir leabharlainne nó tionscadail chomhoibríocha a bhaineann leis na seirbhísí leabharlainne agus spreagaimid iad.

## 4.Tograí maidir le crainn chuimhneacháin a chur agus tionscadail ghaolmhara

Féadfaidh údaráis áitiúla cuid dá maoiniú a úsáid chun cabhrú le Coistí Bailte Slachtmhara nó le heagraíochtaí pobail sainleasa eile crainn a chur nó garráin chuimhneacháin, gairdíní, nó tionscadail eile dá samhail a chruthú, chun na himeachtaí suntasacha a bhfuil muid ag cuimhneamh orthu le linn chéim dheiridh Dheich mBliana na gCuimhneachán a chomóradh.

Tacaíonn an Roinn freisin le *Tionscnamh Gairdíní Cuimhneacháin agus Machnaimh an Phobail*, atá faoi stiúir an tSeanadóra Mark Daly, i gcomhpháirtíocht le gach ceannaire páirtí agus grúpa Seanaid, agus a dhear an dearthóir gairdíní Éireannach, Diarmuid Gavin.


## Fóram machnaimh ar Ghné an Phobail i gclár Dheich mBliana na gCuimhneachán

Agus Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán ar siúl, tá aitheantas tugtha againn don tábhacht a bhaineann leis an gcomóradh pobalbhunaithe agus ról ceannasaíochta atá ag na húdaráis áitiúla.

San fhómhar i mbliana reáchtálfar imeacht le léargas a thabhairt ar an méid mór atá déanta ag na húdaráis áitiúla ó thosaigh an Clár.

Tabharfar cuireadh do na comhordaitheoirí ar Dheich mBliana na gCuimhneachán sna húdaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara eile le machnamh a dhéanamh ar an méid atá bainte amach faoi ghné an phobail den chomóradh, chomh maith leis na nithe a foghlaimíodh agus na dúshláin a bhí romhainn.

Spás oscailte macánta a bheidh anseo don phlé neamhfhoirmiúil agus beidh deis ann na tionscnaimh a bhí mar chuid de Ghné an Phobail a chur os comhair an phobail, tionscnaimh a bhí an-uaillmhianach, taitneamhach, cruthaitheach agus éagsúil. I dteannta a chéile, labhróimid ar an taithí a bhí againn, ar an méid atá foghlamtha againn, agus ar thorthaí tábhachtacha an chláir, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar na nithe sin.




*Íomhá le caoinchead ó Chomhairle Contae Chorcaí.*

COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ

# Comóradh Chontae Chorcaí 1923:2023

## Bhí ról suntasach ag contae Chorcaí i gCogadh na gCarad in Éirinn.

Bliain ghnóthach i gcontae Chorcaí a bheidh in 2023 ó thaobh comórtha de. Ar an 4 Feabhra, déanfar comóradh ar chéad bliain ó maraíodh triúr fear ó Bhaile Níos a fuair bás i bpléascán mianaigh le linn Chogadh na gCarad, agus go díreach 10 lá ina dhiaidh sin, ar an 14 Feabhra, gabhadh go leor ball de Chumann na mBan – 17 díobh i gcontae Chorcaí. Ócáid chomh tábhachtach sin ba ea bás Liam Lynch ar an 10 Aibreán, díreach 12km ó theorainn Chorcaí, go gcreideann go leor gurbh é a bhás a chuir deireadh le Cogadh na gCarad mí ina dhiaidh sin, ar an 24 Bealtaine 1923.

Mar sin féin, níorbh ionann deireadh Chogadh na gCarad agus deireadh na corraíola sibhialta in go leor áiteanna sa tír, contae Chorcaí san áireamh.

Maraíodh daoine i mí Iúil (i nDún Mánmhaí) agus i mí Lúnasa (sa Chaolchoill), agus tharla Stailc mhór Ocrais ón 13 Deireadh Fómhair go dtí an 23 Samhain, 1923. Bhásaigh triúr de bhunadh Chorcaí ar an stailc ocrais ar ghlac thart ar 400 príosúnach páirt ann i bPríosún Mhuinseo, ar na laethanta deireanacha; ba iad sin Denis Barry, George Bourke agus Andrew Sullivan.

I rith 2023 tabharfaidh Comhairle Contae Chorcaí faoi réimse tionscnamh chun a chinntiú go gcuimhneofar ar na heachtraí suntasacha sin, go háirithe trí Scéim Deontais Chomórtha Chontae Chorcaí, a fheictear, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Chorcaí agus an RTCEGSM, go dtugann an iliomad grúpaí faoi thionscadail agus imeachtaí comórtha éagsúla.



*Comóradh Chorcaí - Searmanas i mBéal na Blá. Le caoinchead ó Chomhairle Contae Chorcaí.*

In 2022 agus 2023, tá an t-ealaíontóir Dolores Lyne ag tabhairt faoi thionscadal ar a seanuncail Liam Lynch, atá indéanta mar thoradh ar thacaíocht ó Choiste Comórtha Chomhairle Contae Chorcaí agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM).

Scaradh daoine agus teaghlaigh de thoradh Chogadh na gCarad in Éirinn, agus fuair os cionn 150 duine bás i gCorcaigh. Cé go raibh formhór na ndaoine a fuair bás ar thaobhanna contrártha de choimhlint, léirigh an stair gur beag is féidir iad a scaradh óna chéile agus iad ag troid ar son na hÉireann ar chreid siad inti.

**Conor Nelligan**
***Comhairle Contae Chorcaí***

## Conor Nelligan, Comhairle Contae Chorcaí

**1912 go 1923 - tréimhse an-ghearr ar fad i gcomparáid leis na mílte bliain de stair agus réamhstair ar an oileán seo. Bíodh sin mar atá, tréimhse iontach go deo suntasach a bhí ann do gach duine arb as an dúiche seo iad: san am atá thart, san am atá i láthair agus san am atá le teacht. Bhí ról tábhachtach ag muintir Chontae Chorcaí le linn na haimsire seo agus ba as an gcontae seo cuid mhaith de na pearsana ba thábhachtaí sa tréimhse: Tom Barry, Micheál Ó Coileáin, Tomás Ceannt, Diarmuid Lynch, Liam Ó Loingsigh, Tomás Mac Curtain, Toirdhealbhach Mac Suibhne agus neart eile. Tréimhse a bhí ann inar cailleadh 750 duine i gContae Chorcaí: fir, mná agus páistí, ar an dá thaobh den choimhlint chomh maith leo sin nach ndeachaigh le ceachtar den dá thaobh.**

Go luath i dtús Dheich mBliana na gCuimhneachán, ba léir go raibh daoine ar fud na tíre agus Gaeil thar lear ag iarraidh go mór comóradh a dhéanamh ar na pearsana agus ar na heachtraí ba thábhachtaí ón tréimhse. Bhí bród ar Chontae agus Diaspóra Chorcaí ról a ghlacadh agus ba chóir do gach duine a bhí páirteach ann a bheith an-bhródúil as leibhéal agus caighdeán an chomórtha. Thug Comhairle Contae Chorcaí agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán tacaíocht i gcás cuid mhór de na himeachtaí agus tionscadail.

In 2016, bhí breis agus 500 imeacht ar Chlár Chontae Chorcaí don Chomóradh Céad Bliain chun cuimhneamh ar Éirí Amach na Cásca in 1916. Grúpaí pobail a reáchtáil an chuid is mó acu. Reáchtáladh an t-aon Imeacht Searmanais Stáit sa bhliain a raibh na hÚdaráis Áitiúla páirteach ann le chéile in 2016. Mar chuid den imeacht, tháinig corradh le 7,000 duine le chéile le comóradh a dhéanamh ar Luan na Cásca 1916. Is iad Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae Chorcaí a d'eagraigh an t-imeacht agus tacaíocht acu ón Rialtas.

Bíonn tús áite ag an gcomóradh i gContae Chorcaí i gcónaí agus chuir Comhairle Contae Chorcaí an Coiste um Chomórthaí ar bun sa bhliain 2015. Bhí an rud céanna ag tarlú in Údaráis Áitiúla go leor eile – iad spreagtha le déanamh amhlaidh ag Rialtas na hÉireann a chuir Oifig an Tionscadail, Éire 1916, ar bun, agus a dheimhnigh go mbeadh Aonad ar dóigh um Chuimhneacháin ann le tacaíocht, comhairle agus cuidiú a chur ar fáil i dtaca le haon tograí comórtha.



*Comóradh in 2016 ar Éirí Amach na Cásca i gCaisleán Ó Liatháin, Co. Chorcaí. Grianghraf le caoinchead ó Conor Nelligan.*

Rinneadh an cinneadh in 2016 i gContae Chorcaí leanúint ar aghaidh le hobair Choiste an chontae um Chomórthaí. Bliain ghnóthach sa chontae a bhí sa bhliain 2017 agus comóradh 150 bliain ar Éirí Amach na bhFíníní ann. In 2018, rinneadh comóradh ar an gcéad ionsaí a rinne Fórsaí na Breataine i ndiaidh Éirí Amach na Cásca - ionsaí a rinneadh i mBéal a' Ghleanna i nGaeltacht Mhúscraí. Bhí an chéad chruinniú dátheangach oifigiúil ag Comhairle Contae Chorcaí in Eanáir 2019. Cruinniú speisialta a bhí ann le cothrom céad bliain go díreach de chéad chruinniú Dháil Éireann a chomóradh.

Le linn na tréimhse ina ndearnadh comóradh ar 1912 go 1923, bhí scéimeanna deontais comórtha ag Comhairle Contae Chorcaí, agus tacaíocht ann ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, ionas go bhféadfadh na céadta grúpaí pobail páirt a ghlacadh sa chomóradh. Thug Comhairle Contae Chorcaí aghaidh ar shraith tionscadal chomh maith, cláir faisnéise físe, taispeántais agus foilseacháin ina measc. Thug an Chomhairle tacaíocht i gcás imeachtaí tábhachtacha comórtha céad bliain chomh maith a bhí á reáchtáil ag grúpaí áitiúla pobail, comóradh céad bliain ar Mhicheál Ó Coileáin, Seán Hales agus Dick Barrett in 2022 san áireamh, mar aon le comóradh ar Liam Lynch in 2023.

Ócáidí comórtha ionchuimsitheacha a bhí iontu seo, agus bhain idir óg agus aosta taitneamh astu. Léiriú maith ar Dheich mBliana na gCuimhneachán i gContae Chorcaí a bhí iontu. Agus sinn ag súil leis an am atá le teacht, bímis chomh dúthrachtach i gceann céad bliain agus atáimid anois i dtaobh cuimhneamh orthu siúd a bhí bainteach le blianta cinniúnacha 1912-1923 agus comóradh a dhéanamh orthu.

## COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALL

Leanfaidh Rannán Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall ag comóradh dheich mbliana na gCuimhneachán in 2023, agus fiosrófar imeachtaí 100 bliain ó shin trí réimse leathan gníomhaíochta lena n-áirítear taispeántais, cainteanna agus stair na ndaoine. Tabharfar aitheantas iomlán sa chlár ar chastacht na n-imeachtaí stairiúla agus a n-oidhreachta, ar iliomad insintí na staire, agus ar na féiniúlachtaí agus na traidisiúin iomadúla atá mar chuid de stair Dhún na nGall.

Is deis í an bhliain 2023 chun machnamh a dhéanamh ar dheich mbliana na gCuimhneachán agus ar an tionchar a bhí aige ar phobail i nDún na nGall. Tá sé in am freisin machnamh a dhéanamh ar na hathruithe a tháinig chun cinn sa Saorstát agus ar an tionchar a bhí aige sin ar shaol na ngnáthdhaoine. Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall seimineár a reáchtáil ina bhfiosróidh cainteoirí áitiúla agus náisiúnta na hábhair sin.

Beidh taispeántas ann freisin a fhéachann ar imeachtaí Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad i nDún na nGall ag baint úsáid as íomhánna, déantáin agus cartlanna chun an tréimhse ríthábhachtach seo sa stair a fhiosrú. Mar chuid den taispeántas beidh scéal Mhairtírigh Dhroim Bó, ceathrar fear ó na Fórsaí Frith-Chonartha a cuireadh chun báis ar an 14 Márta 1923 - Charlie Daly, Timothy O'Sullivan agus Dan Enright as Ciarraí agus Seán Larkin as Doire.

Mheabhraigh Joseph Sweeney, ceannaire na bhfórsaí ar son an Chonartha i nDún na nGall, an méid seo ina dhiaidh sin.

*"Bhí orm an jab a dhéanamh mé féin, páirtí lámhaigh a ordú don chur chun báis, agus bhí sé an-deacair de bhrí go raibh mé féin agus Daly an-chairdiúil nuair a bhí muid inár mic léinn, agus is rud uafásach é fear a bhfuil aithne agat air a mharú gan trua gan taise, má tá tú ar théarmaí cothroma leis. Is rud amháin é a bheith ag troid le fear sa chath, ach is rud eile ar fad é a chur chun báis."*

Eagróidh Comhairle Contae Dhún na nGall clár imeachtaí le dul leis an taispeántas ina mbeidh cainteanna agus athléirithe na staire beo. I measc na dtionscadal freisin beidh clár Leabharlainne lena n-áirítear imeachtaí do leanaí le linn Wainfest. Oibreoidh Comhairle Contae Dhún na nGall le healaíontóirí freisin chun freagraí cruthaitheacha a thabhairt ar an mbliain dheireanach de Dheich mBliana na gCuimhneachán.

**Judith McCarthy, *Comhairle Contae Dhún na nGall***

## COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

Díreoidh Plean Cuimhneacháin Chomhairle Contae Fhine Gall don bhliain 2023 ar naisc áitiúla idir Cogadh na gCarad agus a iarmhairt agus Fine Gall ansin déanfar iniúchadh orthu. Bhí ról mór ag Óglaigh Fhine Gall i dtroid na hÉireann ar son na saoirse i rith na mblianta réabhlóideacha. Scrúdófar raidhse acmhainní stairiúla ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon, rud a thabharfaidh léargas dúinn ar an saol sóisialta agus polaitiúil i bhFine Gall ag an am.



*Stáisiún Garda Cósta Bhaile Brigín, 1923. Foinse: Bailiúchán Grianghraf Benton Curtis. Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall.*

Mar chuid den Chlár Comórtha beidh taispeántas, forbairt amlíne áitiúil imeachtaí a chlúdaíonn Deich mBliana na gCuimhneachán, agus sraith cainteanna mar chuid d'Fhéile Stair Fhine Gall 2023. Tarraingeoidh an amlíne aird ar eachtraí áitiúla agus ar an nasc a bhí acu leis an méid a bhí ag tarlú ar leibhéal náisiúnta. Cuirfear ar fáil é ar líne agus mar fhoilseachán. Beidh roinnt imeachtaí comórtha pobalbhunaithe ann i rith na bliana freisin.

Leanfar le clár digitithe Chomhairle Contae Fhine Gall i gceart. Is é aidhm an chláir sin go mbeidh rochtain phoiblí ar roinnt bailiúcháin uathúla ó Léann Áitiúil Fhine Gall agus ó Bhailiúcháin Chartlanna a chlúdaíonn Deich mBliana na gCuimhneachán. Thosaigh an clár seo le sracfhéachaint ar na trí lá cuimhneacháin a reáchtáil Comhairle Contae Fhine Gall mar chuid dá Chlár Cuimhneacháin in 1916. I measc na bpíosaí sin bhí boinn, grianghraif, réada agus cáipéisí a thug baill den phobal dúinn a bhain le rannpháirtíocht a muintire in imeachtaí ó 1912- 1922. Cuirfear an bailiúchán seo chomh maith le bailiúcháin stairiúla uathúla eile ar fáil don phobal trí chomhpháirtíocht Chomhairle Contae Fhine Gall le Taisclann Dhigiteach na hÉireann.

Is é Stáisiún Gharda Cósta Bhaile Brigín in 1923 atá sa ghrianghraf a ghabhann leis seo. Tógadh é in 1864 agus bhí lóistín ann d'ochtar fear agus dá dteaghlaigh taobh leis, pléascadh é go luath sa lá ar an 31 Eanáir 1923. D'fhan an fothrach ina sheasamh ar feadh blianta fada agus leagadh é sa deireadh chun spás a dhéanamh le haghaidh clós súgartha do pháistí. Is rud íorónta é sin mar gur úsáid na páistí áitiúla na fothracha mar chlós súgartha roimhe sin.

**Catherine Keane, *Leabharlannaí Sinsearach***
agus
**Lilian Whelan, *Comhairle Contae Fhine Gall***

## Pauline Brennan, Leabharlannaí Contae, Comhairle Contae Liatroma

Bhí an-tionchar ar fad ag tionscadal amháin ar thugamar faoi anuraidh anseo i gContae Liatroma. Bhí ealaíontóir áitiúil páirteach ann, Sinéad Guckian, a rinne taighde sa leabharlann staidéir áitiúil seo againne agus é mar aidhm aici torthaí an taighde sin a léiriú ar bhealach físiúil. Roghnaigh Sinéad taifeadtaí staire béil de mhná agus iad ag caint ar thionchar Chogadh na gCarad. Rinne sí crostagairt idir na taifeadtaí agus an tréimhse chéanna sa stair chlóite (nuachtáin áitiúla Liatroma agus ábhar cartlainne eile). Bhain sí feidhm as na gnéithe ar fad den taighde, idir thaifeadtaí béil agus an taifead clóite le léiriú amhairc a chruthú. An teideal a chuir Sinéad ar a píosa sise ná 'When an Older Person Dies, A Library Burns Down'.

Faighimid an-léargas as na scéalta féin ar an tslí ar chaith muintir Liatroma a saol, an obair a rinne siad, an grá a bhí acu agus na daoine a chaill siad. Ós rud é go minic neamhshuim déanta sa stair oifigiúil de ghlórtha na ndaoine a mhúnlaigh na pobail, glórtha na mban go háirithe, bhíothas ag díriú go sonrach sa taighde ar ghlórtha na mban a mhair sa tréimhse chorrach seo i stair na tíre, Cogadh na gCarad. Tréimhse bearnaí agus scéalta faoi cheilt a bhí i gCogadh na gCarad féin.

Sa taifead luachmhar seo ar shaol na mban seo, arna aithris ag na mná iad féin, fuaireamar blaiseadh de scéalta pearsanta an chrá agus an uafáis a chonaic na mná a bhí faoi agallamh agus iad ina bpáistí. Mheabhraigh go leor acu ar an eagla a bhí sna tithe le linn na tréimhse seo agus ba mhinic an-eagla ar na daoine fásta a bhí thart orthu leis. Chuimhnigh cuid eile acu ar an ról a bhí acu i dtóraíocht na tíre ar son na saoirse, iad ag gníomhú go baolach ag iompar teachtaireachtaí, in uair mharbh na hoíche, agus ar an oiliúint a cuireadh orthu le cúram a thabhairt, le cóireáil gharchabhrach a chur ar dhaoine agus le fir chneáite a iompar go fiú.

Níor tráchtadh páipéir chlóite na linne ar scéalta na mban ach amháin nuair a bheadh bean le pósadh, nuair a fuair bean bás nó dá mbeadh sí os comhair na cúirte ar chúis éigin. Tugadh orainn smaoineamh ar na mná seo agus iad ag éisteacht le tuairiscí faoin Rialtas nua agus ansin faoi Chogadh na gCarad agus iad beo lena linn. Nuair a taifeadadh iad, staraithe ar a saol féin a bhí sna mná. Bhí an méid sin iontach go deo cumhachtach - gan na taifeadtaí ní bheadh a stair siadsan againn.

Tugtar ómós sa phíosa péintéireachta do ghlórtha na mban, dá saol agus dá scéalta, mná a mhair le linn tréimhse a bhí millteanach dúshlánach i stair na tíre, Cogadh na gCarad. Tráth a bhí ann nuair ba mhinic Éire á léiriú mar bhean, bean láidir mhisniúil nó gaiscíoch mná, Ériu nó Róisín Dubh.



*'When an Older Person Dies, a Library Burns Down', Pictiúr péintéireachta le Sinéad Guckian. Le caoinchead ó Chomhairle Chontae Liatroma.*

## COMHAIRLE CHATHAIR AGUS CHONTAE LUIMNIGH

Tá raon éagsúil tionscadal beartaithe ag Comhairle Chathair agus Chontae Luimnigh don bhliain dheireanach de Dheich mBliana na gCuimhneachán. Áireofar i gclár 2023 taispeántais, seimineáir, cuimhneacháin, scannáin faisnéise, drámaí, foilseacháin agus tionscadail dhigiteacha.

I measc buaicphointí chlár 2023 tá:

**Bealtaine** *An Cogadh Cathartha i gContae Luimnigh.* Reáchtálfar seimineár i Leabharlann Chill Mocheallóg bunaithe ar 'The Inevitable Conflict', a foilsíodh le déanaí agus beidh údair roinnt de na haistí atá san fhoilseachán i láthair.

**Meitheamh** Beathaisnéis Liam Lynch. Taispeántas ar líne faoi Liam Lynch (1892-1923), a rugadh i nGleann na gCreabhar, Co. Luimnigh. Le linn cuid mhór den Chogadh Cathartha, bhí sé ina Cheann Foirne ar an IRA.

**Lúnasa** *Digitiú an Iris Náisiúnach, The Leader.* D'eagraigh agus d'fhoilsigh D.P. Moran The Leader san 20ú haois, príomh-irisleabhar seachtainiúil náisiúnach. Tá cnuasach den irisleabhar seo i Leabharlann Chathair agus Chontae Luimnigh ina bhfuil 282 eagrán, a chuimsíonn na blianta idir 1906 agus 1922. Déanfar an bailiúchán iomlán a dhigitiú agus a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin staidéar áitiúil Leabharlann Chathair agus Chontae Luimnigh.

**Deireadh Fomhair** **The Protestant Experience of Revolution in Limerick (1912-1923).** Cuimseoidh an foilseachán nua seo cnuasach de dheich n-aiste bhunaidh a cuireadh in eagar faoi thaithí réabhlóideach Phrotastúnaigh Luimnigh sa tréimhse idir 1912 agus 1923.

**Deireadh Fómhair** *Siompósiam 'Legacy of a Decade of Commemoration'.* Beidh staraithe a chuidigh le Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán do Luimneach ó 2012 le chéile chun tábhacht na tréimhse atá á comóradh agus oidhreacht Dheich mBliana na gCuimhneachán a mheas.

**Mike Maguire,** ***Comhairle Chathair agus Chontae Luimnigh***



*Barricades on O'Connell Street, Limerick, during the Civil War.*
*Courtesy of Limerick Museum.*

# Bás Sir Henry Wilson agus Cogadh na gCarad



*Henry Wilson. Foinse: Wikimedia Commons. Le caoinchead ó Chomhairle Chontae an Longfoirt.*

Eachtra mór millteach ba ea feallmharú an Mharascail Mhachaire Sir Henry Wilson MP ar an 22 Meitheamh 1922, taobh amuigh dá theach cónaithe i Londain. Beirt Óglach de chuid an IRA, Reginald Dunne agus Joseph O'Sullivan a mharaigh é, beirt a rugadh agus a tógadh sa Bhreatain, ach a raibh fréamhacha Éireannacha acu. Bhí an bheirt acu, dála Wilson, ina n-iarshaighdiúirí de chuid an Chogaidh Mhóir. Mar thoradh ar an lámhach chuir na Sasanaigh brú mór ar an Rialtas Sealadach gníomhú i gcoinne áititheoirí frith-Chonartha na gCeithre Chúirt. Nuair a d'ionsaigh an rialtas an t-ionad níos lú ná seachtain ina dhiaidh sin, ba é tús Chogadh na gCarad an toradh a bhí air.

Ba é suí chlann Wilson Teach Churrach Gránna, Béal Átha na Lao, Contae an Longfoirt. Labhair an Marascal Machaire le blas Éireannach agus ba mhinic a chuireadh sé síos air féin mar Éireannach. Ní hamháin go ndearna sé seirbhís ag an leibhéal is airde in arm na Breataine, bhí sé ina Aontachtach dílis freisin agus thacaigh sé le rialtas Thuaisceart Éireann.

Tá sé beartaithe ag *Harp Media* (Robert Higgins agus Patrick McGivney), comhlacht scannánaíochta áitiúil an-rathúil, clár faisnéise a dhéanamh ina ndéanfar iniúchadh ar an tábhacht a bhaineann le feallmharú Wilson. Scrúdóidh an léiriú go hachomair an ceangal atá aige leis an Longfort agus a shlí bheatha. Breithneoidh sé na heachtraí tragóideacha a thit amach in Éirinn tar éis a bháis, nuair a scoilt cogadh cathartha teaghlaigh agus nuair a cruthaíodh oidhreacht fhada ainnise. Beidh agallaimh le staraithe ann a chuirfidh imeachtaí i gcomhthéacs agus a chuirfidh peirspictíochtaí éagsúla ar fáil ar Wilson agus ar Chogadh na gCarad.

Chuimsigh Wilson agus a fheallmharfóirí cuid de chastachtaí agus contrárthachtaí dealraitheacha na tréimhse Réabhlóidí. Beidh an léiriú seo thar a bheith luachmhar maidir leis na ceisteanna seo a scrúdú agus beidh sé ina thionscadal mór oidhreachta de chlár Chontae Longfoirt in 2023.

**Martin Morris**
***Comhairle Contae an Longfoirt***



*Seanascal Shaorstát Éireann ag bualadh le cuid de na mná ó Oibrithe Tionsclaíocha Chontae an Longfoirt ar an gcéad lá de Sheó Capall Bhaile Átha Cliath. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, HOG204.*

## COMHAIRLE CONTAE LÚ

Tarraingítear aird leis an seisear óglach de chuid an IRA in aghaidh an Chonartha a cuireadh chun báis i nDún Dealgan i mí Eanáir 1923 ar an idirghníomhaíocht idir an duine áitiúil agus an náisiúnach ba chóir a bheith i gcroílár Dheich mBliana na gCuimhneachán. Cuireadh na fir chun báis faoi fhorálacha an Achta um Shábháilteacht Phoiblí, 1922 a cheadaigh pionós an bháis i leith cionta amhail airm a bheith ina seilbh nó cabhrú agus neartú le hionsaithe ar fhórsaí rialtais ar son an Chonartha. Cé gur thacaigh formhór na ndaoine leis an gConradh, agus gur cháin an Eaglais Chaitliceach na frith-Chonarthaí, bhí polasaí forghníomhaithe thaobh an Chonartha ar cheann de na gnéithe ba chonspóidí de Chogadh na gCarad agus ba ábhar cráite é ar feadh blianta fada.

Cuireadh seisear chun báis i rith na míosa sin i nDún Dealgan, seisear as an gceathrar is tríocha a cuireadh chun báis ar fud Shaorstát Éireann agus ba léir go raibh siad mar chuid de phróiseas náisiúnta. I mí Eanáir 1923 bhí airí rialtais ar nós Kevin O'Higgins agus Patrick Hogan ag cur brú ar bhearta níos láidre a dhéanamh i gcoinne na bhfrith-Chonarthaí.

Lámhachadh triúr fear: Thomas McKeown, John McNulty agus Thomas Murray, i bPríosún Dhún Dealgan ar an 13 Eanáir. Lámhachadh triúr fear eile: James Melia, Thomas Lennon, agus Joseph Ferguson, i mBeairic Airm Dhún Dealgan ar an 22 Eanáir. Ciontaíodh gach duine as airm a bheith ina sheilbh seachas páirt a ghlacadh in aon ionsaí. Gabhadh Melia agus Lennon i gcarr goidte i éineacht le triúr eile, Annie Mulhern ina measc. Briseadh suas léirsiú a rinne lucht tacaíochta poblachtánach den chuid is mó, maidin an 22ú nuair a scaoil saighdiúirí an Airm Náisiúnta thar a gceann. Cháin Dundalk Democrat óige na bhfear a cuireadh chun báis, óige a léirigh an pictiúr náisiúnta.



Cuireann freagra an IRA frith-Chonartha i gCo. Lú maidir leis an gcur chun báis fírinne an chur síos a rinne Michael Hopkinson ar na céimeanna deireanacha de Chogadh na gCarad i gcuimhne dúinn, is é sin 'vendetta on a national scale'. Scriosadh sé theach mhóra seachtain ina dhiaidh sin agus rinneadh iarracht scrios a dhéanamh ar theach agus ar ghnó Peter Hughes TD, an pearsa is mór le rá i nDún Dealgan ar son an Chonartha.

Léirítear trí chás na ndaoine a cuireadh chun báis i nDún Dealgan i mí Eanáir 1923, agus trí fhreagra an IRA áitiúil air, an ainnise lenar troideadh Cogadh na gCarad in 1923. Rinne an ainnise sin dochar don athmhuintearas agus chinntigh sé nach raibh aon chuimhne chomhchoiteann ar Chogadh na gCarad. Déantar iarracht i gclár Chomhairle Contae Lú do Dheich mBliana na gCuimhneachán tuiscint a chur chun cinn ar ár stair choiteann trí na himeachtaí agus foilseacháin bheo atá mar chuid de, trínar tugadh aird ar leith i gcónaí ar mhiondifríochtaí áitiúla agus ar an gcaoi a bhfuil siad fite fuaite i bpatrúin náisiúnta níos leithne.

**Amanda Branigan**
***Comhairle Contae Lú***

*An Bheairic, Dún Dealgan, Contae Lú. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, EB_1967.*

COMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN

# Bordering Realities

In 2023 bogfar Músaem Chontae Mhuineacháin chuig Campas na Síochána i mBaile Mhuineacháin. Osclófar an músaem ag an suíomh aitheanta seo agus beidh taispeántas nua spreagúil ann; *Bordering Realities*. Bainfear úsáid sa taispeántas nua suimiúil dúshlánach seo as téamaí éagsúla a bhaineann leis an gceantar chun na cuairteoirí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar fhírinní na teorann agus ar an gcaoi a bhfuil peirspictíochtaí éagsúla ag daoine sa réigiún ar an stair choiteann. Ceann de na príomhthéamaí a bheidh ann ná *Streachailt ar son na Síochána*, lena ndéanfar iniúchadh ar scéalta pearsanta ó dhaoine a raibh baint acu leis na himeachtaí éagsúla a ndearnadh comóradh orthu le linn Dheich mBliana na gCuimhneachán. Cuimseoidh na scéalta pearsanta seo téama foriomlán an taispeántais, téama fhírinní na teorann. Scrúdófar an bealach agus an fáth a ndearna daoine as ceantar sa tír atá leagtha amach le teorainneacha ón gCré-umhaois an méid a rinne siad agus iad gafa le ruaille buaille na coimhlinte fíochmhaire agus féiniúlachtaí polaitiúla contrártha a bhí mar chomhartha sóirt le linn na tréimhse seo de stair na tíre.




Beimid ag díriú ar mhuintir na háite a shínigh Cúnant agus Forógra Uladh, a chuaigh isteach in Óglaigh Uladh agus san IVF, a throid sa Chéad Chogadh Domhanda agus san Éirí Amach, a throid ar son an neamhspleáchais, a bhí ina mbaill de Chonstáblach Ríoga na hÉireann, a bhí ina mbaill den Gharda Síochána agus a throid agus a mharaigh a gcomharsana féin ina gcoimhlint féin ar son na saoirse náisiúnta.

Sa tionscadal comhoibrithe ildisciplíneach, *Freagra Óige Iladánach ar "Our Bordering Realities"*, a mhairfidh dhá bhliain, déanfaidh Comhairle Contae an Chabháin, BOO an Chabháin agus Mhuineacháin, Glúin an Cheoil agus Comhpháirtíocht Áitiúil Ealaíona san Oideachas daoine óga a mhealladh trí cheol, drámaíocht, damhsa, scríbhneoireacht chruthaitheach agus ealaíona agus iad ag freagairt don chríochdheighilt agus d'fhírinní shaol na teorann nó brí an fhocail 'teorainn' do dhaoine óga sa lá atá inniu ann. Ag deireadh 2023, beidh léirithe ar siúl ar fud an dá chontae agus le linn sheoladh thaispeántas nua Mhúsaem an Chontae Bordering Realities.

**Deirdriú McQuaid, *Comhairle Contae Mhuineacháin***

## Deirdriú McQuaid, Comhairle Contae Mhuineacháin

Tá Deich mBliana na gCuimhneachán i gcontae Mhuineacháin tar éis deis faoi leith a thabhairt dúinn dul i mbun cur agus cúiteamh ar ghnéithe den stair nach bhfuil i bhfad caite, a bhfuil tuairimí éagsúla ina leith ag brath ar an gcuid den phobal lena mbaineann tú féin. Is dúshlánach an pobal go léir a mhealladh má bhíonn comóradh conspóideach céad bliain ann agus tá an-obair déanta againn lena dheimhniú go ndearnadh gach cuid den scéal a chíoradh agus a léiriú. Os a choinne sin, áfach, tá an dúshlán céanna i ndiaidh faill a thabhairt dúinn plé go díreach le codanna den phobal a mbíonn leisce orthu plé linn de ghnáth.

Dúinne, an teachtaireacht is tábhachtaí a bhí ann i gcaitheamh Dheich mBliana na gCuimhneachán ná an stair atá againn i gcoitinne. Ní féidir eachtra a thuiscint ina hiomláine ach amháin má dhéantar mionscrúdú ar gach cúis taobh thiar di. An toradh atá ar an méid sin i Muineachán ná gur baineadh leas as an gcomóradh mar spreagadh le caidreamh idir daoine a neartú go háitiúil. Creidimid gur éirigh linn plé a dhéanamh ar bhealach iontach fiúntach le gach earnáil dár bpobal sa tsraith de thaispeántais agus imeachtaí a d'eagraíomar ar bronnadh duaiseanna orthu. Cé nár thángthas ar chomhaontú de thoradh an phlé agus na díospóireachta i gcásanna áirithe, tá eolas níos fearr ag gach duine ar a stair agus a n-oidhreacht chomhchoiteann. Tá súil againn go mbeidh sochaí níos aontaithe againn dá bharr sa chontae agus sa réigiún sna blianta atá le teacht. Is é sin a bheidh mar oidhreacht ag Deich mBliana na gCuimhneachán Céad Bliana i Muineachán.

Agus na hócáidí comórtha éagsúla ag teannadh linn, bhainimis feidhm as na meáin shóisialta agus as fógraíocht le teagmháil a dhéanamh leis an bpobal chomh maith le teagmháil go díreach le grúpaí agus eagraíochtaí pobail, agus le heagraithe sa phobal, leis na scéalta a bhí le hinsint againn a phlé agus a chur chun cinn. Bhíomar ag obair le scoláirí agus le hinstitiúidí tríú leibhéal le cruinneas staire an taighde a bhí déanta againn a dheimhniú. Chuireamar an taighde sin i láthair ar bhealaí éagsúla, imeachtaí móra poiblí, taispeántais, cainteanna, turais agus ceardlanna den chuid is mó. Rinneamar cinneadh ó thaobh coimeádaíochta de an t-eolas a chur ar taispeáint go díreach mar a bhí sé agus deis a chur ar fáil don phlé ar an mbunús sin seachas léirmhíniú a thabhairt. D'fhág sé sin go raibh saoirse intinne agus mothúchán ag an bpobal le go bhféadfaidís plé leis an gclár ar bhealach ionchuimsitheach oscailte.


Ceann de na torthaí ba mhó bhí ann ná an plé agus caibidil ar fud an chontae a tháinig as na himeachtaí éagsúla a reáchtálamar. An toradh a bhí air sin ná go raibh grúpaí pobail agus daoine ag teacht chun na Comhairle agus scéalta dá gcuid féin acu chomh maith le rudaí a bhain leis na heachtraí sin. Aiseolas diúltach a bhí ann cuid den am cionn is gur chuir sé isteach ar chuid daoine gur tugadh léargas ar dhaoine nó ar eachtraí áirithe. Bhí an t-eolas sin go léir tábhachtach mar gur foinse eolais a bhí ann le himeachtaí amach anseo a fhorbairt. Chuir sé leis an scéal chomh maith agus le bailiúcháin an chontae don am atá le teacht. Is fearr a dhéanaimid cinntí agus an t-eolas ar fad os ár gcomhair. Caithfimid tuiscint iomlána a bheith againn ar an gcúlra as ar thángamar má táimid chun bogadh ar aghaidh mar phobal faoi bhláth. Tá súil againn gur oidhreacht mhór i Muineachán a bheidh ann agus, in imeacht ama, go mbeimid ag féachaint siar ar an tréimhse seo i stair an chontae mar chor cinniúna, tréimhse inar stopamar le machnamh a dhéanamh agus, de thairbhe an mhachnaimh sin, gur leanamar ar aghaidh i dtreo saol a bheadh ní ba chothroime a mbeadh ní ba mhó den ionchuimsitheacht ann.




*Le caoinchead ó Deirdriú McQuaid*

Tá an taithí seo go léir tar éis a bheith mar bhunús leis an tionscadal mórscála Fíorscéalta cois Teorann. Mar bhailchríoch leis an tionscadal beidh mórthaispeántas nua nuair a osclófar Músaem Chontae Mhuineacháin ina ionad nua in 2023, Campas na Síochána. Is éard a bheidh sa mhórthaispeántas ná taispeántais cheoil agus drámaíochta ónár ndaoine óga agus cleachtóirí cruthaitheacha, arna gcoimisiúnú go speisialta don ócáid.

# Dubhghlas de hÍde (1860-1949) - Tionchaire Cultúir




*Comhairle Contae Ros Comáin: Painéal - Taispeántas Dhubhghlais de hÍde, Ionad Léirmhíniúcháin Dhubhghlais de hÍde, An Portach Ard, Dún Gar, Contae Ros Comáin.*

Rugadh Dubhghlas de hÍde ar an 17 Eanáir 1860 i gContae Ros Comáin agus fuair sé bás i dTeach Ráth an tSratha i bPáirc an Fhionnuisce in aice le hÁras an Uachtaráin ar an 12 Iúil 1949. Bhí de hÍde ina chéad Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge (1893-1915), ina chéad Ollamh le Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (1909-1932) agus ceapadh é mar chéad Uachtarán ar Stát neamhspleách na hÉireann (1938-1945) faoi Bhunreacht 1937, trí chomhaontú idir na páirtithe polaitiúla go léir. Déantar cur síos ar de hÍde mar thionchaire cultúir ar chabhraigh a thógáil i gContae Ros Comáin leis a bheith ina náisiúnaí cultúir a raibh ról lárnach aige i gcruthú Éire an lae inniu.

Fear é de hÍde a raibh go leor buanna aige – béaloideasóir, file, drámadóir, staraí liteartha, ollamh ollscoile, ceannaire ar athbheochan na Gaeilge, ársaitheoir, ceannródaí d'athbheochan liteartha na hÉireann, seanadóir shaorstát na hÉireann agus céad Uachtarán na hÉireann. Thar aon rud eile, fear as Ros Comáin a bhí ann, agus ba é a thógáil i gContae Ros Comáin a chabhraigh leis an mbunús a leagan faoin gcaoi ar fhéach sé air féin, ar dhaoine eile, ar an domhan agus ar an todhchaí.

Tabharfaidh Comhairle Contae Ros Comáin, trí Choimisiún Ealaíontóirí Dheich mBliana na gCuimhneachán 2023, cuireadh d'ealaíontóirí freagra a thabhairt ar an téama 'Dubhghlas de hÍde, Tionchaire Cultúir' agus iad ag obair le pobail áitiúla agus náisiúnta agus comhlachtaí cultúir ar nós Ionad Dhubhghlas de hÍde i nDún Gar, Co. Ros Comáin, chun éagsúlacht freagraí a bhreithniú i bhfoirm léirithe, taispeántais, comhráite agus scríbhinní.

**Rhona McGrath**
***Comhairle Contae Ros Comáin***

## Susan McKay, Scríbhneoir Cónaithe, Comhairle Chontae Shligigh

Bhí seal caite agam ag obair i Sligeach sna 1980idí agus mé faichilleach faoin Tuaisceart, a bhí faoi scread asail dínn agus, san am céanna, tír a bhí coimhthíoch. Bhí "the cloud of contagion" mar a thugadh an file John Hewitt air ina luí ar an áit agus bhí eagla nach luaití ann dá dtiocfadh athrú ar threo na gaoithe go séidfeadh sé anoir aduaidh agus anuas ó fhánaí Bhinn Ghulbain.

Ina dhiaidh sin, mar iriseoir sa Tuaisceart, áit a raibh corraíl Hewitt "in airde fraochta", ba mhinic mé ansin chun an méid nach luaití a thaifeadadh. Daoine a chaill daoine muinteartha leo go foréigneach sa choimhlint, deiridís rudaí ar nós, *"Ní labhraíodh mo thuismitheoirí air." "D'éag m'fhear céile den tost"* arsa bean amháin go fiú.

Tháinig mé ar ais go Sligeach in 2021 chun glacadh leis an ról mar Scríbhneoir Cónaithe mar pháirt de Dheich mBliana na gCuimhneachán, mé díograiseach le torthaí na críochdheighilte a fhiosrú. Bhí iontas bocht orm a laghad eolais a bhí agam ar stair na críochdheighilte sa cheantar, agus a mhéad a plúchadh an stair sin, fiú i measc na dteaghlach sin a ndeachaigh cúrsaí i bhfeidhm go mór orthu.

Bhí lúcháir orm nuair a thoiligh Fergal Keane an chónaitheacht a sheoladh. Chuir mé agallamh air i dtaca lena leabhar 'Wounds' a scríobh, leabhar a bhfuil plé ann ar stair a theaghlaigh féin in aimsir na Críochdheighilte agus Chogadh na gCarad. Ó tharla tacaíocht agam ó Leabharlanna Shligigh a bhí fial, cruthaitheach agus díograiseach, d'éirigh liom grúpa éagsúil scríbhneoirí a chur le chéile, an chuid is mó acu nár foilsíodh saothar leo roimhe in. Ar sh ar chlár de cheardlanna, agus bhí scríbhn ar cuairt againn, na staraithe áitiúla Mich Farry agus Joe McGowan, na filí Mary Br agus Jean Bleakney, agus an t-údar cuiml cinn Michael P McDonald ina measc. Scé cumhachtacha corraitheacha a tháinig as Rinneamar plé ar 'Guests of the Nation' l Frank O'Connor, agus bhíomar ag smaoir air nuair a thug Frank Fagan, a bhíonn ag póirseáil sna cartlanna go díograiseach o muid ar thuras allamuigh chuig áit a thais seanfhear dó, muid ag siúl ar lána lán taib chun na háite ar phortach ar maraíodh be phóilíní.

Bhí na rannpháirtithe go mór sa tóir ar thuilleadh eolais, chun dul i ngleic le dólá bliain ar bheag aitheantas a tugadh dó fiú Bhí an seisiún le Mary, de bhunadh teagh poblachtach i gContae Shligigh, agus Jea de bhunadh teaghlach aontachtach i bhF Manach, dochreidte corraitheach. Bhí sia adharca a chéile agus a léamha ar an stai teacht salach ar a chéile. Ach nuair a léigh dán léi, 'A Pinch of Snow in a Black Velvet a bhaineann le pósadh a seantuismitheoi ar a dteitheadh le linn Chogadh na gCara agus ansin léigh Jean dán léi féin dar teid 'Postcard' bunaithe ar iarmhairtí bhuama na hÓmaí i 1998, mhothaigh mé cumhacl chneasaithe na healaíne ag dul gcion ar g duine againn.

Bhain mé pléisiúr millteanach as an obair tá mé ag dúil go mór leis an leabhar atá le



*Filí teorann Mary Branley (ar chlé) agus Jean Bleakney. Le caoinchead ó Susan McKay.*

## COMHAIRLE CONTAE AGUS CATHRACH PHORT LÁIRGE

Beidh machnamh, comóradh agus iniúchadh ar imeachtaí stairiúla 1923 i gceist leis an gclár deiridh do Dheich mBliana na gCuimhneachán i gContae agus i gCathair Phort Láirge in 2023. Fiosróidh an clár, go sonrach, na hionchais mhóra a bhí ag rialtas nua an tSaorstáit. In 1923 bhí Port Láirge faoi smacht ag corraíl thionsclaíoch agus tuaithe agus bhí stailceanna agus easaontais ainnise ann faoi phá agus faoi choinníollacha agus dearcthaí a tháinig salach ar a chéile maidir leis an méid a bheadh indéanta sa Saorstát nua, chun freastal ar riachtanais a shaoránach. Bhí Corparáid Phort Láirge agus Comhairle Contae Phort Láirge gnóthach ag atógáil an infreastruchtúir a ndearnadh damáiste dó ó dhamáistí 'seanchogaidh' i gCogadh na Saoirse agus i gCogadh na gCarad. Chomh maith leis an atógáil fhisiciúil sin, tógadh stát neamhspleách nua agus forbraíodh fís don todhchaí i bPort Láirge.

Bhí an Saorstát agus na húdaráis áitiúla ag iarraidh bonn a aimsiú agus bealach a chruthú i dtreo dul chun cinn d'ainneoin tuairimí an-difriúla faoin gcuma a bheadh ar Éirinn nua. Tugann sé seo deis clár a fhorbairt a dhéanfaidh iniúchadh freisin ar na cosáin a tógadh in 1923 agus iad siúd nár leanadh. Déanfaidh príomhghnéithe an chláir machnamh ar 10 mbliana anuas agus déanfar ceiliúradh ar theacht aniar, diongbháilteacht agus dóchas mhuintir Phort Láirge nuair a bhí dúshláin rompu i rith thréimhse Dheich mBliana na gCuimhneachán agus déanfaidh siad ceiliúradh freisin ar mhuintir Phort Láirge sa lá atá inniu ann agus ar a dteacht aniar, dóchas agus cur chuige i leith na ndúshlán reatha agus na ndúshlán amach anseo.

**I measc bhuaicphointí an chláir do 2023 tá;**

| | |
|---|---|
| **Eanáir** | Seoladh Léarscáil Scéil Chóras Faisnéise Geografaí ar Chogadh na gCarad i bPort Láirge. |
| **Feabhra** | Seoladh Dráma Faisnéise ar bhás Liam Lynch agus Cogadh na gCarad. |
| **Márta** | Seoladh Phacáiste Oideachais na Scoileanna ar Chogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad i bPort Láirge. |
| **Bealtaine** | Seimineár ar Chomóradh Céad Bliain ó Stailc Oibrithe Feirme Phort Láirge 1923. |
| **Meán Fómhair** | Foilseachán an Dr. Pat McCarthy *Civil War and Social Strife - Waterford 1922-1923.* |
| **Deireadh Fómhair** | Comhdháil Céad bliain neamhspleáchais – Céad bliain de Dhul Chun Cinn? Polaitíocht, Eacnamaíocht agus an tSochaí ó 1923. |

**Bernadette Guest,** ***Comhairle Phort Láirge***



*Atógáil Tharbhealach Iarnróid Bhaile Uí Bhaoill, Port Láirge.*
*Le caoinchead ó Mhúsaem Contae Phort Láirge, EK 273.*

# Eileen Morrissey,

## Comhordaitheoir Dheich mBliana na gCuimhneachán i Loch Garman, Leabharlannaí Chontae Loch Garman

Agus daoine ag amharc go grinn ar na grianghrafanna tréigthe séipia ó go luath san fhichiú haois, na nithe coitianta a thugann siad faoi deara seachas na difríochtaí. Feiceann siad an chosúlacht teaghlaigh san aghaidh nó an imlíne d'fhoirgnimh nó sainchomharthaí ina ndúiche féin. Bíonn siad ag breathnú ar na grianghrafanna agus aithníonn siad na mionsonraí beaga bídeacha a thugann spléachadh ar an am atá thart, blúiríní beaga dár saol a thugann na daoine a chuaigh romhainn chun cuimhne agus an tslí ar chaith siad a saol. Má léimid litir shimplí ón tréimhse sin feicfimid léargas ar chaidreamh teaghlaigh agus ar chruatan agus cailliúint phearsanta in amanna.

Bhí Gné an Phobail i gclár Dheich mBliana na gCuimhneachán i gContae Loch Garman ag teacht le cíocras na ndaoine faoi shaol na ngnáthdhaoine áitiúla a mhair i dtréimhse eisceachtúil, a chonaic agus a bhí páirteach agus ár náisiún ag teacht chun cinn in am a bhí an-suaite. Mar chuid den chlár, rinneadh cur síos ar thaighde atá déanta ag staraithe áitiúla agus náisiúnta a thug tuiscint dúinn, ar bhealach níos caolchúisí, ar an gcomhthéacs taobh thiar den choimhlint agus ar fhorbairtí sóisialta níos ginearálta.

Níos tábhachtaí fós, b'fhéidir, ná go raibh deis againn scéalta na mban agus na bhfear sa chontae seo a bhailiú. Thug lear mór daoine scéalta, grianghrafanna, cártaí poist, litreacha, dialanna, boinn agus earraí cuimhneacháin eile chuig na trí lá de chartlannú pobail, agus bhí sé tábhachtach do na daoine sin go ndéanfaí na déantáin seo agus scéalta pearsanta a muintire a chaomhnú. Taifead luachmhar a bheidh i gcartlann agus taispeántas a mbeidh fáil ag taighdeoirí agus staraithe amach anseo orthu.

Bhí daoine ag féachaint ar áiteanna a bhfuil acu orthu as an nua trí spéaclaí na staire. Ghlac breis agus céad duine páirt i dturais siúil a thug an staraí cónaithe Barr Lacey in áiteanna tábhachtacha sa chontae, iad ina seasamh mar ar sheas na príomhphearsana ag baint leas as cuntais ón am sin le cuimhneamh ar na heachtraí, toradh an-taighde. I gcás daoine atá díreach i ndiaidh teacht chun an cheantair, fuair siad tuiscint úr ar stair an chontae mar gheall ar an gclár. Cuireadh béim ar an ngné áitiúil den chlár iomlán sna scórtha d'imeachtaí sna bailte móra agus sráidbhailte, cláir chultúir agus gairdíní machnaimh comórtha nuafhorbartha.



*Turas Coisíochta bunaithe ar Chogadh na Saoirse agus ar Chogadh na gCarad, an Staraí Cónaithe Barry Lacey mar threoraí. Le caoinchead ó Chomhairle Contae Loch Garman.*

Le go mbeadh deis ag páistí agus daoine óga páirt a ghlacadh sa chomóradh cuireadh leabhrán eolais ar fáil dar teideal *'Contae Loch Garman i gCogadh na gCarad agus i gCogadh na Saoirse: áis oideachais'*. Acmhainn do dhaoine óga idir rang a ceathair agus bliain a trí atá ann, a scaipeadh ar gach bunscoil agus iar-bhunscoil sa chontae. Thug an staraí cónaithe cuairt ar bhunscoileanna ar fud an réigiúin agus d'úsáid an leabhrán mar thúsphointe plé chun an stair a fhréamhú sa cheantar áitiúil a raibh taithí ag gach páiste air.

Sa chéad léacht a thug sé mar chuid de Machnamh 100, dúirt an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn *"trí bhíthin an chomórtha, tá an stair in ann saoránaigh atá gníomhach agus páirteach a fhorbairt agus a chothú"*. Tá súil againn go mbeidh an tsaoránacht ghníomhach leathan chéanna sin mar oidhreacht ag Snáithe Pobail de chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán, sinn spreagtha ag an gcuimhneachán ionchuimsitheach eiticiúil ar eachtraí a thit amach céad bliain ó shin.

# 4 Snáithe na Samhlaíochta Cruthaithí

**In 2023, leanfaidh clár Dheich mBliana na gCuimhneachán de bheith ag spreagadh léiriú ealaíonta agus cruthaitheach. Beidh ról tábhachtach ag iarrachtaí ealaíne agus cruthaitheachta maidir le machnamh, iniúchadh agus díospóireacht a spreagadh, rud a ligfidh do dhaoine de gach traidisiún ceisteanna deacra agus dúshlánacha a chur.**

**Cuireann rannpháirtíocht chultúir spás sábháilte ar fáil freisin chun iniúchadh a dhéanamh ar insintí casta a eascraíonn as críochdheighilt an oileáin agus Cogadh na gCarad.**

**Beidh ról mór ag an gComhairle Ealaíon, údaráis áitiúla, Institiúidí Cultúir Náisiúnta, Eagraíochtaí Náisiúnta Ealaíon agus institiúidí cultúir áitiúla faoin Snáithe seo. Aithníonn treoir an tSainghrúpa Chomhairligh um Chomórthaí Céad Bliain a ról suntasach mar idirghábhálaithe cultúir – comhráite a bhainistiú agus pobail a mhealladh ar bhealach fiúntach trí léiriú cruthaitheach.**




*An taispeántas 'Dóibh Siúd nach Sceitheann aon Rún' le Dara McGrath, Gailearaí Ealaíne Crawford, 2021. Grianghraf © Jed Niezgoda.*

## GAILEARAÍ EALAÍNE CRAWFORD

Tionscadal idirghníomhach ar líne is ea é **Building as Witness** a dhíríonn ar Ghailearaí Ealaíne Crawford (ar tugadh Scoil Ealaíne Chorcaí air roimhe seo) a bhí ann le linn imeachtaí staire a bhí tábhachtach go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta le linn tréimhse Chogadh Cathartha na hÉireann.

Tar éis tosú ar an 6 Nollaig 2021 – comóradh céad bliain an Chonartha Angla-Éireannaigh – clúdaíonn **Building as Witness** tréimhse Chogadh Carthartha na hÉireann agus cuirfear i gcrích é ar an 17 Aibreán 2024, céad bliain tar éis do Choiste Tiomnachta Gibson cinneadh a dhéanamh pictiúr cáiliúil *Men of the South* le Seán Keating a cheannach do bhailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford.

Díreoidh an tionscadal ar stair bhailiúcháin agus chartlann Ghailearaí Ealaíne Crawford a ndearnadh dearmad orthu, mar aon le himeachtaí agus daoine polaitíochta, tráchtála agus pobail agus grúpaí sósialta a raibh baint acu leis an bhfoirgneamh agus leis an gceantar mórthimpeall. Tabharfaidh coimisiúin cuireadh do 6 ealaíontóirí saothar a dhéanamh faoin bhfoirgneamh agus a chuid staire céad bliain ó shin.




*Foirgneamh mar Fhinné, Gailearaí Ealaíne Crawford, 2021-2024.*

Tá sé mar aidhm ag **Building as Witness** léargas nua a thabhairt ar an saol laethúil, ag baint úsáide as réimse cartlann lena n-áirítear grianghraif, nuachtáin, miontuairiscí coiste, cláir theagaisc agus mic léinn, agus cáipéisí eile ina dtugtar léargas ar shráid-dreach na ndaoine a bhí ina gconaí agus a d'oibrigh i gceantar an fhoirgnimh cháiliúil seo i gCorcaigh sa tréimhse idir 1921 agus 1924.

Conas a chuir Scoil Ealaíne Chorcaí tús lena haistear chun í féin a shaoradh ó scáth oideachais impireachta chóras South Kensington? Cén tionchar a bhí ag cuirfiúnna ar fud na cathrach le linn Chogadh Cathartha na hÉireann ar cheachtanna? Cén caidreamh a bhí ag daoine cosúil leis an ngabha geal Barry Egan le Scoil Ealaíne Chorcaí agus cén ról a bhí aige i dtáirgeadh earraí airgid Phoblacht na hÉireann a raibh tóir mhór orthu? Cén imeachtaí poiblí a chonaic an foirgneamh agus conas a mhúnlaigh siad Saorstát Éireann?

Cuirfear stair ar fáil gach seachtaine trí shuíomh gréasáin agus mheáin shóisialta Ghailearaí Ealaíne Crawford crawfordartgallery.ie

## Dawn Williams agus Michael Waldron,
### Gailearaí Ealaíne Crawford

*“Má theipeann ar ár gcomhlachtaí poiblí freagra a thabhairt, d’fhéadfadh achomharc a dhéanamh chuig saoránaigh phríobháideacha agus chuig ionaid shóisialta maidir leis na bealaí chun an cuimhneachán seo a chaomhnú do na glúnta le teacht i gCorcaigh ar thréimhse a labhrófar fúithi le bród ar feadh i bhfad ar shráideanna ár gcathracha agus i dtithe ár muintire.”*

Is é sin a scríobh Macalla maidir le péintéireacht íocónach John Keating, *Men of the South* (1921-22), in *Evening Echo* ar an 22 Aibreán 1922. Léiríonn an méid sin a dúradh céad bliain ó shin an dúil – agus an pholaitíocht – a bhaineann le comóradh go díreach cúpla mí roimh thús Chogadh na gCarad. Cheannaigh Coiste *Gibson Bequest* an pictiúr ón ealaíontóir sa deireadh agus tá sé fós ina shaothar a bhfuil an-tóir air laistigh de bhailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford.

Agus muid ag machnamh ar Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán agus é ag druidim chun deiridh, chuir na tionscnaimh chuimhneacháin i nGailearaí Ealaíne Crawford ar chumas na dtaispeántas agus na bhfoirne oideachais taighde domhain a dhéanamh ar stair a ndéantar dearmad uirthi trí lionsa na hamharcealaíne. Ag comóradh céad bliain Éirí Amach na Cásca, thug *Conair 1916*, *Éire san Ealaín Chomhaimseartha 1916*, agus *Físeanna Coimhlinte in Aois Achrannach, 1900-1916*, ealaíontóirí, coimeádaithe, staraithe, aisteoirí agus lucht féachana le chéile agus iad ag foghlaim faoin saol laethúil, castacht pholaitiúil agus shóisialta, agus scéalta troma an duine.

Trí na scéalta sin a aimsiú, cuireadh peirspictíochtaí comhaimseartha ar fáil maidir leis an am atá thart, rud a chuireann ar chumas lucht féachana nascadh ar bhealach mothúchánach, inláimhsithe, agus fiúntach le príomhphearsana amhail Terence MacSwiney, Muriel Murphy MacSwiney, agus Seán Moylan, gan ach cúpla duine a lua. Ghabh duine de mhuintir pearsa shuntasach stairiúil amháin buíochas as ‘díograis agus cruthaitheacht’ chlár comórtha an Ghailearaí.

Chuir taispeántais le déanaí *Mise Éire (2020)*, *Citizen Nowhere, Citizen Somewhere* | *The Imagined Nation (2020-21)*, *Dara McGrath: For Those That Tell No Tales (2021)*, agus *As They Must Have Been: Men of the South, 1922-2022* comhoibriú agus rannpháirtíocht an phobail chun cinn ar bhealaí nach rabhthas ag súil leo.

Leanann spiorad seo an chomhoibrithe agus na freagartha cruthaithí ar aghaidh in *Building as Witness* (6 Nollaig 2021 – 17 Aibreán 2024), tionscadal ar líne agus ar an láthair a rinneadh trí thaighde bunaidh agus a fuair sé Ghradam Tionscadail, a chruthóidh oidhreachtaí a mhairfidh agus modhanna nua tuisceana.



*Radharc an tsuiteáin ó Mise Éire, Gailearaí Ealaíne Crawford, 2020. Grianghraf © Jed Niezgoda.*




*Saoránach Áit ar Bith, Saoránach Áit éigin | An Náisiún a Cumadh i nGailearaí Ealaíne Crawford, 2020. Grianghraf © Jed Niezgoda.*



*Aloysius O'Kelly, Corpus Christi Procession [Mórshiúl Chorp Chríost], c.1908. An bailiúchán i nGailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh.*

## Gríosú na bhFilí: An Féinchinntiúchán, Dearcadh Domhanda

San fhómhar, tá Áras Nua-Ealaíne na hÉireann le taispeántas ar fud an mhúsaeim a chur i láthair, ***Gríosú na bhFilí: An Féinchinntiúchán, Dearcadh Domhanda***, mar pháirt de chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán. Déanfar comóradh ar chothrom céad bliain ó cuireadh críochdheighilt in Éirinn agus bunú Shaorstát Éireann ina dhiaidh sin sa bhliain 1922. Sa taispeántas seo, táthar ag díriú ar ról na healaíne agus ról ealaíontóirí i dtaca leis an tógáil náisiúin agus státaireacht. Tá réimse saothair ann, idir shaothar Éireann agus saothar idirnáisiúnta, idir nua agus chomhaimseartha, ina ndéantar an taithí a bhí ag daoine sa dá stát a fhiosrú agus a léiriú, dhá stát a bunaíodh agus an Chéad Chogadh Domhanda díreach thart. Tá Gríosú na bhFilí mar chuid de thionscnamh trí bliana a bhfuil tacaíocht ann dó ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán mar chuid de Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023, agus i measc na nithe spreagúla a bheidh ag titim amach beidh coimisiúin nua ó ealaíontóirí, cónaitheacht chomh maith le clár mór don phobal.

Is as litir ó Art Ó Gríobhtha a fuarthas teideal an taispeántais seo, litir a scríobh seo i bPríosún Gloucester sa bhliain 1919 inar thathantaigh sé ar a chomhghleacaithe *"na filí a ghríosú"* an argóint a dhéanamh ar son neamhspleáchas na hÉireann go hidirnáisiúnta. Thug Ó Gríobhtha aitheantas ina litir don tionchar a imríonn an ealaín agus an cultúr ó thaobh comhar idirnáisiúnta a fhorbairt de agus i dtaca leis an argóint a dhéanamh ar son cheart na hÉireann, i measc náisiúin bheaga eile, an féinchinntiúchán a bhaint amach. Léiriú atá sa ghairm seo ar na filí na deiseanna nua a bhí ag ealaíontóirí prionsabail nua-aimseartha radacacha an daonlathais a chur in iúl go luath san fhichiú haois, ré ina raibh impireachtaí ag titim as a chéile agus athruithe geopholaitiúla millteacha ag titim amach.

Taispeántas is ea ***Gríosú na bhFilí*** a bhfuil saothar nua-aimseartha agus comhaimseartha le feiceáil ann, taispeántas ina ndéantar scrúdú ar an oidhreacht choiteann chultúir atá ag an dá stát nua a cuireadh ar bun agus an Chéad Chogadh Domhanda díreach thart. Tháinig náisiúnstáit amhail an Fhionlainn (1917), an Eastóin (1918), an Pholainn (1918), an Úcráin (1917), an Tuirc (1923) agus an Éigipt (1922) chun cinn i gcomhthéacs na gluaiseachta idirnáisiúnta i dtreo an fhéinchinntiúcháin, gluaiseacht arb é an cur síos a thug Woodrow Wilson uirthi i gConradh na Náisiún in 1919 is cáiliúla. Cén tuiscint a bhí ag tíortha éagsúla ar bhunú an stáit nua? Cén léamh a bhí ag na healaíontóirí agus filí ar chúrsaí? Cén bhaint a bhí idir an méid sin agus an comhthéacs idirnáisiúnta? Cé mar a théann ealaíontóirí na linne seo i ngleic le hoidhreacht na tréimhse seo atá faoi chaibidil?

Tháinig castacht chultúir chun cinn i ngach ceann de na stáit nua ó go raibh traidisiúin, stair agus tionscadail dá gcuid féin i ngach ceann acu a bhí le samhlú as an nua ar bhealach a mbeadh ag teacht le riachtanais na haimsire. Sa taispeántas *Gríosú na bhFilí*, déantar plé ar straitéisí agus modheolaíochtaí coitianta a d'fhorbair ealaíontóirí, cleachtóirí cultúir agus daoine eile i mbunú stáit nua sa chéad leath den fhichiú haois.

Beidh Áras Nua-Ealaíne na hÉireann ag obair don taispeántas mór idirnáisiúnta seo i gcomhar le músaeim agus forais ar fud an domhain, muid ag baint leas as an saineolas atá ag líonra comhairleoirí agus na saothair is tábhachtaí ar iasacht againn ó bhailiúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá an clár i mbliana ag teacht sna sála ar chomhdháil iontach i mí na Samhna 2022, 100 Bliain den Fhéinchinntiúchán, comhdháil as ar eascair réimse mór deiseanna le tuilleadh taighde a dhéanamh. Tá an tsraith podchraoltaí a rinneadh le gairid, IMMA Past Futures, mar chuid de chlár an mhúsaeim le haghaidh Dheich mBliana na gCuimhneachán.

## IMMA - ÁRAS NUA-EALAÍNE NA hÉIREANN



*Grianghraf 1: Radharc den suiteán le Banu Çennetoglu, 2022, le caoinchead ón ealaíontóir agus ó Mhúsaem Ealaíne Carnegie, grianghraf le Sean Eaton i Meán Fómhair 2022.*



*Grianghraf 2: Radharc den suiteán le Banu Çennetoglu, 2022, le caoinchead ón ealaíontóir agus ó Mhúsaem Ealaíne Carnegie, grianghraf le Sean Eaton in Eanáir 2023.*



*Kuno Veeber, Kartulivõtjad [Fómhar Prátaí], olaphictiúr ar chanbhás, 1918. Bailiúchán Kumu.*
*Íomhá le caoinchead ó Mhúsaem Ealaíne Kumu, an Eastóin.*

## EALAÍN:2023

Is éard is EALAÍN:2023 ann gairm ar ealaíontóirí agus ar eagraíochtaí ealaíon saothar nua spreagúil a chruthú agus, san am céanna, léargas a thabhairt ar na téarmaí a bhaineann le Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023. Beidh an clár ar siúl i rith 2023 agus go luath in 2024.

Clár náisiúnta ealaíon atá in EALAÍN:2023 mar fhreagairt ar an gcéim dheiridh de chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023 atá á reáchtáil ag an gComhairle Ealaíon i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Ardán don phobal agus don Stát atá sa chlár nua seo, deis ar leith ag ealaíontóirí samhlaíocht mhuintir na hÉireann, dearcthaí nua acu agus iad ag breathnú ar Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Tá an clár seo ag cur lena raibh sa chlár EALAÍN:2016, arna chur os comhair an phobail ag an gComhairle Ealaíon agus tacaíocht ann ón Rialtas. Léiriú é an clár seo ar mhéid suntasach infheistíochta ón gComhairle agus ón Roinn.

arts council an chomhairle ealaíon

EALAÍN:2023

Comhthionscadal Dheich mBliana na gCuimhneachán

Seo an méid atá sa chlár:

**Gairm Oscailte 2023 - Gairm ar Ealaíontóirí**
Ós rud é go bhfuil Gairm Oscailte 2023 ann tá deis ar leith ag ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon tionscadail agus cláir nuálacha a chruthú ar leibhéal náisiúnta mar shlí chun plé le Deich mBliana na gCuimhneachán agus freagra a thabhairt don tréimhse.

Féachtar sa tionscnamh le daoine a spreagadh modhanna nua a thriail i ngach disciplín de chuid na n-ealaíon, chun tacú le healaíontóirí saothar nua poiblí a chruthú a mbeidh tionchar, scála agus uaillmhian ag baint leis. Tá an dioscúrsa, gríosú agus/nó freagairt ar áit agus ar fhéiniúlacht in Éirinn na linne seo á spreagadh sa chlár.

Mar thoradh ar ghairm tograí, seo na dreamanna atá le dámhachtain a fháil faoin gclár seo:

- Amharclann Damhsa CoisCéim
- Ionad Ealaíon Draíocht
- Féile Ealaíon Clonmel Junction
- Smashing Times
- Ionad Ealaíon Solstice

**EALAÍN 2023 - Dámhachtain Rannpháirtíochta**
Sa tsnáithe seo den chlár tá béim ar an gcomhoibriú, ionchuimsitheacht agus éagsúlacht. Cruthaíodh an tsnáithe go sonrach do chlár EALAÍN 2023. Tá an tír ar fad á clúdach i raon na gníomhaíochta a bhfuil dámhachtainí bronnta ar a shon, léiriú ar an stair choiteann eadrainn agus sinn ag féachaint don am atá le teacht le chéile againn. Tugtar tús áite agus dámhachtainí á mbronnadh don tsármhaitheas ealaíne, do chaighdeán an chleachtais ealaíne ó thaobh é a bheith comhoibríoch agus rannpháirteach de chomh maith leis an gcaidreamh leis an bpobal. Beidh na healaíontóirí agus na pobail ag obair le chéile chun dearcthaí nua a fhorbairt mar fhreagairt ar an téamaí a bhaineann le Deich mBliana na gCuimhneachán. Is é an toradh a bheidh ar an dámhachtain seo go ndéanfar clár uaillmhianach thar cionn de shaothar poiblí a fhorbairt, ina spreagfar an ionchuimsitheacht, éagsúlacht, rannpháirtíocht, gríosú agus dioscúrsa a spreagadh i dtaca le féiniúlacht ó thaobh áite, spás agus pobail de.

Mar thoradh ar ghairm tograí, seo na dreamanna atá le dámhachtain a fháil faoin gclár seo:

- Féile Ealaíon Cairde, Sligeach
- Féile Ealaíon Cheatharlach
- Amanda Coogan
- Helium Arts
- The Ark

EALAÍN:2023

EALAÍN:2023

Comhthionscadal Dheich mBliana na gCuimhneachán

### An Chéad Ghlúin eile – Dámhachtainí, Siompóisiam agus Foilseachán

Tá ealaíontóirí i ndiaidh sochaí na hÉireann a mhúnlú, a léiriú agus a threorú le céad bliain anuas. Tá aitheantas á thabhairt don ról fíorthábhachtach sin sa chlár seo agus ceiliúradh á dhéanamh ar na hEalaíontóirí ón gCéad Ghlúin eile atá ag teacht chun cinn.

Bunaíodh Dámhachtain na Chéad Ghlúine Eile d'Ealaíontóirí sa bhliain 2016 mar chuid de chlár EALAÍN:2016 chun tacú le healaíontóirí a bhfuil gealladh fúthu i ngach disciplín agus iad ar chéim luath chinniúnach dá saol gairmiúil.

Fógrófar dámhachtaithe na bliana seo sa samhradh in 2023. Faoin am sin beidh aitheantas tugtha do bhreis agus 150 ealaíontóir mar Ealaíontóirí ón gCéad Ghlúin eile agus cuireadh do gach duine acu páirt a ghlacadh i siompóisiam san fhómhar in 2023 ina ndéanfar machnamh ar ról an ealaíontóra i sochaí na hÉireann ó bunaíodh an Stát.

Tá eolas faoin gclár iomlán ar fáil ar [artscouncil.ie/ART2023](artscouncil.ie/ART2023)



*Seoladh Ealaín:2023 i mí Feabhra 2023. Grianghraf le Julian Behal Photography.*

## Jim Culleton, Stiúrthóir Ealaíne, Fishamble


INSIDE THE GPO le Fishamble. Ó chlé: Don Wycherley, Ronan Leahy agus Gavin Fullam. Grianghraf le Dan O'Neill agus Publicis.

Tá ríméad ar Fishamble: The New Play Company ceithre léiriú a thaispeáint mar chuid de chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán de chuid an rialtais.

Cuireadh INSIDE THE GPO le Colin Murphy ar stáitse in Ard-Oifig an Phoist féin ar chomóradh céad bliain an Éirí Amach, agus deis a bhí ann d'ealaíontóirí agus do lucht féachana teacht le chéile agus iniúchadh a dhéanamh ar imeachtaí 100 bliain ó shin sa seomra inar tharla na himeachtaí sin.

Ag tús an dráma sin, iarradh ar an lucht féachana seasamh d'amhrán na bhFiann, ansin chan na haisteoirí God Save the King. Bhí atmaisféar corraitheach ann, agus bhí sé míchompordach do chuid den lucht féachana, chomh maith le cuid de na haisteoirí, gan trácht ar dhaoine ar Shráid Uí Chonaill, a chuala muid agus iad ag siúl thart. Is cuimhin liom bualadh leis an drámadóir iomráiteach Tom Murphy sa scuaine don léiriú oíche amháin. Taispeánadh a dhráma féin The Patriot Game den chéad uair 25 bliain roimhe sin chun comóradh 75 bliain an Éirí Amach a cheiliúradh. Nuair a dúirt muid leis gan bacadh leis an scuaine, d'áitigh sé go bhfanfadh sé cosúil le gach duine eile, i ngníomh dlúthpháirtíochta leis an gcuid eile den lucht féachana. Nuair a léigh Ronan Leahy mar a léigh Pádraig Ó Piarais ón bhForógra taobh amuigh d'Ard-Oifig an Phoist, bhí sé chomh ciúin leis an uaigh agus an lucht féachana agus an fhoireann aisteoirí ag éisteacht ón taobh istigh.

D'oibrigh muid le Colin arís ag deireadh 2022, chun THE TREATY a chur i láthair, agus muid ag comóradh céad bliain ón gConradh Angla-Éireannach. Bhí tábhacht arís le suíomh an léirithe sin, a reáchtáladh i Seomra Ceadail Kevin Barry sa Cheoláras Náisiúnta, áit ar tharla díospóireachtaí na Dála faoin gConradh, agus in Ambasáid na hÉireann i Londain, gar don áit ar tharla an idirbheartaíocht.

Léirigh Fishamble an dráma EMBARGO le Deirdre Kinahan in 2020, i gcomhpháirtíocht le Iarnród Éireann agus le Comhlacht Chalafort Átha Cliath. Bhí sé suite le linn lánchosc arm 1920, gníomh neamhghnách easumhlaíochta sibhialta ó oibrithe iarnróid agus dugairí le linn Chogadh na Saoirse. Craoladh beo é le linn na paindéime ó Theach Caidéil Chalafort Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh an dara dráma a rinne Deirdre ar stáitse go luath in 2022, ag an Teach Caidéil freisin, agus i dTeach Cúirte Cheanannas Mór. D'fhéach OUTRAGE ar ról na mban le linn Chogadh na gCarad, agus díríodh ar úsáid an fhoréigin ghnéasaigh mar uirlis le linn na tréimhse sin, nuair a bhí 'outrages', mar a tugadh orthu go minic, ag go leor ban.

Tugadh lucht féachana le chéile mar phobal sna ceithre léiriú chun chuimhneacháin ónár stair a roinnt, agus d'fhoghlaim muid go leor faoin tréimhse. Tá sé de chumas ag an amharclannaíocht - agus ag an ealaín i gcoitinne - an dráma a aimsiú taobh thiar de na himeachtaí poiblí, tuairimí contrártha a úsáid laistigh den phíosa oibre céanna, agus cabhrú le comhbhá agus tuiscint an lucht féachana a fhorbairt. Bhí mothú an-chorraitheach de chine daonna coiteann ag na léiriúcháin, agus muid san áit chéanna agus ag an am céanna (go díreach 100 bliain ina dhiaidh sin) leis na tírghráthóirí, agus na polaiteoirí, agus na gnáthdhaoine, a raibh baint acu leis.

Is comhlacht léirithe nua é Fishamble a léiríonn drámaí faoin saol comhaimseartha, mar sin ní minic a léirímid drámaí stairiúla. Mar sin féin, tríd an obair seo, mhothaigh muid go raibh muid ag féachaint ar phríomhimeachtaí chun tuiscint a fháil ar an méid a tharla céad bliain ó shin, ach freisin chun ceisteanna a chur faoi oidhreacht na n-imeachtaí sin, agus féidearthachtaí don todhchaí a mheas.

Is í oidhreacht Fishamble go leanfaimid orainn ag fiosrú ócáidí tábhachtacha san am atá caite, lena n-áirítear Colin Murphy a choimisiúnú chun dráma a scríobh faoin idirbheartaíocht taobh thiar de Chomhaontú Aoine an Chéasta, 25 bliain ó shin. Táimid ag baint taitneamh as bheith ag obair le scoileanna freisin chun leaganacha áille scannánaíochta de na ceithre léiriú a thaispeáint do dhaltaí staire meánscoile.

Gabhaimid buíochas leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus lenár gcomhpháirtithe agus ár lucht tacaíochta go léir, as an deich mbliana oibre seo. Tá an-sásamh ag baint leis an obair seo agus lena mhothú go bhfuil an amharclannaíocht ag cur leis an gcomhrá Náisiúnta agus ag cabhrú le dul chun cinn a dhéanamh maidir lenár gcúlra, an t-am i láthair, agus an todhchaí.

## DUAIS NOBEL A BRONNADH AR WB YEATS

**Ba mhór an onóir don fhile agus d'Éirinn gur aithin Acadamh Nobel saothar WB Yeats in 1923. Bhí tábhacht ag baint leis an aitheantas a thug an tAcadamh do Shaorstát nua Éireann. Céim lárnach a bhí ann i dteacht chun cinn na hÉireann ar an stáitse domhanda, tar éis na gcéadta bliain faoi riail na Breataine.**

In 2023, is é aidhm Chumann Yeats i Sligeach sraith imeachtaí a chur ar fáil chun tuiscint níos doimhne a chur chun cinn ar an ról tábhachtach a bhí ag Duais Nobel maidir le stádas ár náisiúin nua a neartú agus chun aird a tharraingt ar an méid a chuireann príomhimeachtaí cultúir leis an stair.

### I measc buaicphointí féilire 2023 tá:

**GLAO SMYLLIE**
*Lá Yeats, Sligeach, 13 Meitheamh 2023*
Caint faoi Bertie Smyllie, iriseoir ón *Irish Times*, a glaoigh ar WB Yeats chun nuacht ghradam Dhuais Nobel a insint dó. Ní rabhthas ag súil lena fhreagra: 'Cé mhéad?'

**DUAIS NA FILÍOCHTA**
*Gradam le bronnadh ag Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Yeats, Sligeach, Iúil 2023*
Duais nua filíochta do chnuasaigh filíochta chomhaimseartha na hÉireann, a foilsíodh in 2022. Le seoladh i mí Eanáir 2023 in ómós do chomóradh céad bliain Nobel agus do thábhacht leanúnach na filíochta in Éirinn

**CAD IS DUAIS NOBEL ANN?**
*Seachtain Oidhreachta, Lúnasa 2023*
Cuirfear trealamh ar fáil do gach leabharlann, rud a ligfidh dóibh an scéal a roinnt faoin gcaoi ar chabhraigh éachtaí cultúir WB Yeats le féiniúlacht nua na hÉireann ar domhan. Beidh samplaí de bhuaiteoirí duaiseanna éagsúla ann.

**AN FEAR POIBLÍ GEALGHÁIREACH**
*Teach Laighean, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair 2023*
Tabharfaidh Seanad Éireann ómós do WB Yeats a bhí ina bhall den chéad seanad in Éirinn ag an am ar bronnadh Duais Nobel air. Tabharfaidh roinnt seanadóirí a bhí ann roimhe seo agus seanadóirí reatha ómós don fhile Nobel agus don obair a rinne sé sna sé bliana a chaith sé i Seanad Éireann.

**WB YEATS AGUS AN DUAIS LITEARTHA IS FEARR**
*Ar fud na tíre; Rang a 6, Meán Fómhair – Nollaig 2023*
Sraith cainteanna ó dhaltaí bunscoile rang a 6, faoi mhuintir Yeats agus béim á leagan acu ar Athbheochan Liteartha na hÉireann agus ar Dhuais Nobel.

**BAILIÚCHÁN NOBEL**
*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair – Nollaig 2023*
Beidh sraith cainteanna ar siúl sa Leabharlann Náisiúnta, i gcomhar le Cumann Yeats Shligigh, a bhaineann go díreach le cnuasach Yeats agus a chuirfidh in iúl na scéalta agus an fhilíocht ón Duais Nobel féin agus a tábhacht d'fhéiniúlacht na hÉireann.

**CRUTHÚ NA FILÍOCHTA MÓIRE**
*Cumann Yeats Shligigh i gcomhar le Seamus Heaney HomePlace, 30 Samhain - 1 Nollaig 2023*
I Sligeach, pléifidh roinnt filí mór le rá na hÉireann an inspioráid agus an tionchar a chabhraigh le traidisiún mór na filíochta Gaelaí a mhúnlú. Thar theorainneacha agus thar dhá lá, tiocfaidh filí le chéile agus cuirfidh siad filíocht chun tosaigh agus i lár an aonaigh.

**DUAIS NOBEL**
*Stócólm agus Baile Átha Cliath, Nollaig 2023*
Ócáid Nobel a reáchtálfaidh ambasadóir na hÉireann chun na Sualainne. Ceol, filíocht agus léamh (ó aisteoirí) den dá phríomhóráid a tugadh ag ócáid an tsearmanais bhronnta bhunaidh ar an 10 Nollaig 1923, le WB Yeats agus Per Hallstrom, cathaoirleach, Coiste Nobel Acadamh na Sualainne. Déanfar an ócáid seo a chraoladh ar líne.

## DUAIS NOBEL A BRONNADH AR WB YEATS




*Bhronn teaghlach Yeats an bonn duaise ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann in 2016 faoi alt 1003. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.*

FIGHTING WORDS

# Clár ‘Fighting Words’ 2023/2024

Agus cur chuige leathan agus cuimsitheach in úsáid, leanfar leis an gclár *Fighting Words* de bheith ag spreagadh samhlaíocht leanaí agus daoine fásta ar bhonn uile-oileáin, chun a gcuid scéalta a chruthú a nascann an saol in 1923/24 leis an lá atá inniu ann agus leis an todhchaí. I measc cuid de na príomhthionscnaimh a dtacaítear leo mar chuid de Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023, áirítear:

**1. An Tionscadal 100 Bliain –** Leanfar leis an mbéim ar cheardlanna le bunscoileanna agus iarbhunscoileanna in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann agus forbrófar iad. Cuimseoidh an tionscadal seo gné freisin chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide lena n-áirítear an saol a shamhlú 100 bliain uaidh seo agus an méid is gá dúinn a dhéanamh anois chun dul i ngleic leis an ngéarchéim.

**2.** Foilseofar dhá imleabhar eile de **Analecta** in 2023 – scéalta, drámaí agus dánta le daltaí meánscoile, baill an Chlub Scríbhneoireachta, agus drámadóirí óga. Cuirfear podchraoltaí ar fáil ina bpléifidh déagóirí téamaí agus smaointe.

**3.** Forbrófar **cartlann físe agus grianghraf** ó ré 2012-2022+ le húsáid i gceardlanna tionscadail speisialta amhail an Club Scríbhneoireachta (scríbhneoirí óga ar líne ar fud na tíre), agus freisin mar chuid de phacáiste acmhainní do mhúinteoirí, go háirithe múinteoirí iar-bhunscoile. Lena chois sin, reáchtálfaidh *Fighting Words* tionscadal scríbhneoireachta scripte scannáin i gcomhpháirtíocht le comhlacht léiriúcháin scannáin.

**4.** Cuirfear le chéile **Clár Drámaíochta** do dhaoine óga a bheidh bunaithe ar fhéidearthacht: ‘Dá mba rud é go?’ m.sh. Cad a tharlódh dá mba rud é nár tharla an Chéad Chogadh Domhanda, 1916, Cogadh na Saoirse, an Chríochdheighilt agus Cogadh na gCarad. Cén chuma a bheadh ar Éirinn anois?

**5. Tionscadal cuimhní cinn** le dugairí ar scor i mBéal Feirste, Baile Átha Cliath, Learpholl agus Corcaigh.



*An podchraoladh 100 Years - an t-údar Róisín Faughnan ag caint le Seán Farrelly. Íomhá le caoinchead ó Fighting Words.*




*An tionscadal 100 Bliain. Íomhá le caoinchead ó Fighting Words.*

## Rachel Thornton, Rannpháirtí an tionscadal Comóradh Céad Bliain le Fighting Words, Cill Dara

Agus mé ag obair leis an tionscadal don Chomóradh Céad Bliain le Fighting Words, tugadh deis ar leith dom le bheith ag obair le gairmithe cumasacha agus le tuilleadh eolais a chur ar ealaín na ceirde san earnáil chruthaitheach in Éirinn. Agus mé ag tabhairt faoi chúrsa Máistreachta i gColáiste na hOllscoile, BÁC, táim ag teacht ar thuiscint ar shaol an amharclannóra agus an ghairmí chruthaithigh i gcomhthéacsanna seachas an scoil agus an saol acadúil. Is minic meascán mearaí ann, an sceideal lán, ríomhphoist gan fhreagairt, léirmheastóirí gan trócaire, comparáid le daoine eile, uaireanta an chloig ag coimhéad Netflix agus díomá bhocht. Bíodh sin mar atá, creidim nach mbeadh sé de dhánacht ionam ábhar drámaíochta a scríobh ná a chruthú ach ab é an cuidiú a fuair mé ó Fighting Words i gcaitheamh m'óige.

Tá Fighting Words i ndiaidh deiseanna dochreidte a chur ar fáil dom i rith an ama le saothar a scríobh agus a stiúradh, le bheith ag taibhiú agus ag baint triail as cineálacha éagsúla meán cruthaitheach. Bíodh sin mar atá, creidim go bhfuil tionscadail reatha, an Comóradh Céad Bliain, mar shampla, ann mar thoradh feiceálach ar na hiarrachtaí seo ar fad. Léiriú atá iontu ar an méid atá daoine óga cruthaitheacha in ann a bhaint amach má thugtar an spás, an t-am, an spreagadh agus an gríosú dóibh lena dhéanamh. Agus an tionscadal don Chomóradh Céad Bliain á léiriú, baineadh geit asam an méid a bhíomar in ann a dhéanamh gan ach tréimhse theoranta againn lena dhéanamh, óir ní raibh ach lá amháin de chleachtadh againn. Le linn dom a bheith ag obair leis an stiúrthóir Claire O'Reilly agus leis na haisteoirí bhí mé spreagtha as chomh dícheallach agus chomh dúthrachtach a bhí gach duine den fhoireann i leith na scripte agus na scripte cruthaithí. Rinne mé féin agus Claire plé ar bhealaí éagsúla forbartha agus ar léamha malartacha ar an script. Ba léir dom go raibh suim ag aisteoirí sa script, ní hamháin ó thaobh an léirithe de ach suim chriticiúil acu chomh maith le naisc nua ó thaobh na comhairleoireachta amharclainne de a chruthú chomh maith le tuiscintí téacsúla acu nach ritheadh choíche liom. Lena chois sin, ba léir dúinn an gradam a bhain leis an léiriú deireanach in Amharclann na Péacóige, mothúchán a bhí le haireachtáil agus an cleachtadh ar bun, agus bhí mé tógtha le fáil amach an glacadh a bheadh ag an lucht féachana leis, a d'fhág go rabhamar níos díograisí ná riamh ionas go mb'fhiú an saothar ardchaighdeáin amharclannaíochta dá stáitse.

Agus mé ag amharc ar an léiriú féin, bhraith mé go raibh deighilt idir mé féin agus an lucht féachana thart orm, idir meoin agus mothúchán de. Tá an saothar a scríobh mé féin, *'The Adventures of Pops and Lil' Orla'*, an-speisialta dom féin ó gur chum mé é mar óid don chaidreamh atá agam le mo dhaid. Chreid mé go sáródh na mothúcháin mé agus bhí mé neirbhíseach sula bhfaca sé féin an saothar críochnaithe. Agus mé ag amharc ar léiriú de script a raibh sé mhí caite agam ag obair uirthi, a raibh neart eagarthóireacht mhionchúiseach agus an-chleachtadh déanta uirthi, bhí sásamh dochreidte agus lúcháir mhillteanach orm. Gach comhartha a rinne na haisteoirí, gach líne a fógraíodh, gach focal a aithrisíodh, bhí cuimhne ag baint le gach ceann acu. Bhí plé ann i gcuideachta stiúrthóra, chuathas a chuardach i dTeasáras, bhí taithí an tsaoil neadaithe i ngach gné den rud. An t-áthas a bhaineann le saothar críochnaithe de do chuid a fheiceáil á léiriú in Amharclann na Péacóige, ní mar gheall ar na focail a chruthaigh tú féin an t-áthas sin ach mar gheall ar na heachtraí faoi cheilt agus na roghanna nach gcloistear atá taobh thiar de na focail sin. Áthas mar gheall ar an manglam de chuimhní cinn as na sé mhí sin de scríbhneoireacht, léiriúchán agus meantóireacht, de gach duine a léigh an script agus a d'imir tionchar uirthi sula raibh an script ann fiú.

Téann sé deacair orm cur síos a dhéanamh ar an mothúchán a bhaineann le saol sé mhí a bhrú isteach i saothar deich nóiméad. Deacair in ainneoin na bhfocal go léir atá agam ó Fighting Words. Mothúchán é, ámh, a mbeidh mé sa tóir de shíor air mar amharclannóir. Mothúchán é atá lasta ionam mar thoradh ar an tionscadal comóradh céad bliain Fighting Words.

## Áindréas Fallon Verbruggen, Rannpháirtí an tionscadal Comóradh Céad Bliain le Fighting Words, Cill Mhantáin

Áindréas Fallon Verbruggen an t-ainm atá orm agus is é a tharla domsa mar gheall ar bhaint a bheith agam le tionscadal an Chomórtha Céad Bliain gur tháinig athrú agus feabhas ar mo chuid scéalaíochta féin agus gur tugadh mo dhúshlán tuairimí éagsúla ar eachtraí a chuardach.

Nuair a fuair mé cuireadh den chéad uair le bheith páirteach sa chlár Fighting Words don chomóradh céad bliain, bhí ríméad orm go mbeinn ag obair i gceardlanna agus i gcomhar le scríbhneoirí ó gach cuid den oileán, go háirithe ós rud é gur comóradh chomh stairiúil sin a bhí ann. Sa chéad treoir a tugadh dúinn, is cuimhin liom gur moladh dúinn féachaint ar ghrúpaí agus ar scéalta nár cuireadh san áireamh go dtí seo nó nach luaitear sna scéalta ón tréimhse. Bhí an dearcadh sin le bheith mar bhunchloch agam faoi mo dhráma gearr féin, *'Kingdom Come'*.

Ón tús ar fad fuair mé lear mór tacaíochta ó na meantóirí agus ó na comhordaitheoirí. Bhí sé ar líne ar dtús, ach bhí mé in ann triail a bhaint as smaointe éagsúla leis an ngrúpa le linn na gceardlann, mar a bhí siadsan agus a gcoincheapa féin á bplé againn. Rinne mé mo mhachnamh ar neart smaointe agus, sa deireadh, shocraigh mé go raibh mé ag iarraidh díriú ar ról Chonstáblacht Ríoga na hÉireann tar éis bhunú an tSaorstáit. Mheasfadh cuid daoine gur chonspóideach an rud é dráma a bhunú ar an gConstáblacht Ríoga ar neart cúiseanna. Mar sin, ghlac mé deis i ngach ceardlann script a chumadh ina dtarraingeofaí an scéal ab fhearr le chéile.

Chonacthas dom go raibh athrú tagtha ar mo chuid scileanna scríbhneoireachta le linn an chláir agus mé ag breathnú ar dhaoine eile sa ghrúpa liom agus ag foghlaim uathu. Thosaigh mé ar mo scéal a phleanáil agus struchtúr a chur air sular léim mé isteach leis an dialóg a scríobh. D'fhág sé sin nárbh éigean dom tinneas cinn a fhulaingt mar go raibh treoir don phlota agam am ar bith a d'éirigh mé caillte.

Agus muid tagtha chuig na dréachtaí deiridh de na drámaí, cuireadh in iúl dúinn go mbeimis ag obair le haisteoirí agus le stiúrthóirí leis an dráma a chur ar an ardán in Amharclann na Mainistreach mar pháirt de sheóthaispeántas. Bhí mé an-tógtha ar fad faoin rud go léir agus lúcháir orm go raibh sé seo eagraithe dúinn ag Fighting Words agus Amharclann na Mainistreach. Agus mé ag breathnú siar, creidim gur lig mé do na néaróga mar gheall ar stiúrthóir gairmiúil ag féachaint ar mo script cur as dom agus chuir mé athruithe i bhfeidhm a raibh aiféala orm ina dtaobh ina dhiaidh. Dá mbeadh an rud le déanamh arís agam, d'iarrfainn comhairle ar na meantóirí in Fighting Words maidir le nótaí agus athruithe sula ndéanfainn ar an script féin iad.

Mar achoimre, fuair mé scileanna agus deiseanna le linn mo chuid ama le Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán a bheidh agam go deo sa saol cruthaitheach.



*Drámadóirí an chomórtha céad bliain in Amharclann na Mainistreach. Íomhá le caoinchead ó Fighting Words.*

## AN FHILÍOCHT MAR CHOMÓRADH

**Spreagann *an fhilíocht mar Chomóradh* daoine ar oileán na hÉireann chun tuiscint níos fearr a fhorbairt ar an stair choiteann trí rannpháirtíocht chruthaitheach le hábhar cartlainne a bhaineann le Cogadh na Saoirse agus le Cogadh na gCarad.**

Is féidir le cartlanna áitiúla agus náisiúnta ar fud an oileáin muid a thabhairt ar aistear samhlaíoch trí shaol agus eispéiris na ndaoine a bhí ina gcónaí in Éirinn céad bliain ó shin. Trí rannpháirtíocht chruthaitheach leis na scéalta éagsúla atá le fáil sna taisclanna sin is féidir tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar ár stair choiteann chasta.

### Ceardlanna sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach

I rith 2023, leanfar de cheardlanna a reáchtáil lena gcuirfear deiseanna ar fáil do phobail inspioráid a fháil dul i mbun scríbhneoireachta trí fhéachaint ar cháipéisí bunaidh a choimeádtar i gcartlanna áitiúla agus náisiúnta. Is é Éigse Éireann atá i gceannas ar na ceardlanna agus reáchtáiltear iad i scoileanna, leabharlanna, cartlanna, agus músaeim ar fud an oileáin.

*'They say the sky bled a frosty red that night and the city lost the usual spliff like whiff of riches spilling from O'Callaghan's tobacconists and malt on the air from the Beamish Brewery – lost it to the insistent metallic smell of its centre burning'*

*Sliocht as 'Echo' tar éis Dhó Chorcaí, Nollaig 1920 le Cliona O'Connell, ceardlanna Leabharlann Leacsacan, Iúil 2022.*


Aiseolas:

*"I am really grateful to have participated in this project. My great-grandfather was Constable James McDonnell RIC, killed in Soloheadbeg in 1919. [...] This was about much more than one poem. I found it to be a cathartic and even therapeutic experience. Poetry drew me in to reconcile the family history in a meaningful way. Since completing my own poem, I am enjoying reading other poems on the Virtual Poetry Wall." (Anna O Laoghaire, duine a ghlac páirt sa cheardlann)*


*"What was truly refreshing about asking children to reflect imaginatively on events a century old, was their complete lack of political bias, their lack of cynicism and extraordinary compassion. There was no 'Them' or 'Us', simply an all encompassing 'The Lot of Us'." (Frank Galligan, Scríbhneoir & Éascaitheoir Éigse Éireann)*

*"All in all, a brilliant atmosphere of creativity and memory." (Thomas McCarthy, File & Éascaitheoir Éigse Éireann)*

*"The whole project was great to be involved in. It was wonderful to work with Lucinda [Jacob] and UCD and the children benefited greatly from the project. I think it gave their writing a real purpose, and their knowledge and interest in the Irish War of Independence and Civil War was greatly enhanced through the project." (Ms Fallows, Múinteoir Rang a 6)*




*'All This War,' le Joshua Firth.*




*'My Civil War,' le Clara Cotterell.*

## AN FHILÍOCHT MAR CHOMÓRADH

### Filíocht i spásanna poiblí

Ó mhí na Bealtaine 2022 i leith, tá dhá shuiteán fuaime a bhaineann le an tionscadal An Fhilíocht mar Chomóradh ag tarraingt aird ar shráideanna Bhaile Átha Cliath, Bhéal Feirste, Chorcaí, Phort Láirge, agus Dhún Garbháin. Ní gá ach cnaipe a bhrú agus is féidir éisteacht le 20 dán faoi Éirinn 100 bliain ó shin. In 2023, beidh Júcbhoscaí Filíochta le feiceáil sa Chóbh, i nDoire, i Luimneach, i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath.

In earrach na bliana 2023, beidh línte filíochta comórtha le feiceáil ar shráideanna agus ar chosáin ar fud an oileáin.

I bhfómhar na bliana 2023, beidh clár léamha poiblí ann agus ansin siompóisiam ar ábhar na Cartlainne Cruthaithí. Beidh *An Fhilíocht mar Chomóradh* ar siúl go dtí Nollaig 2023.

Poetry as Commemoration
Cuimhní Fileata

### Deich ndán nua a coimisiúnaíodh

Coimisiúnaíodh deichniúr filí chun dán nua a scríobh a spreagann stair ábhartha Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad. Foilseofar gach dán i bpreasleabhar breá a chum an t-ealaíontóir leabhar Jamie Murphy ag The Salvage Press agus níl ach líon áirithe eagrán ann. Dáilfear 100 cóip ar institiúidí poiblí ina gcaomhnófar iad i mbailiúcháin do na glúnta atá le teacht. Cuirfear taifeadtaí de na dánta ar fáil don phobal trí www.poetryascommemoration.ie, Júcbhoscaí Filíochta, agus Cartlann Léamha Filíochta na hÉireann.

**Is iad seo a leanas na filí:**

Aifric Mac Aodha
Chiamaka Enyi-Amadi
Bebe Ashley
Martina Evans
Seán Hewitt
Paul Muldoon
Nithy Kasa
Victoria Kennefick
Padraig Regan
Stephen Sexton



*Filí i láthair ar sheoladh Poetry Jukebox i gCorcaigh.*
*Íomhánna le caoinchead ó Chuimhní Fileata.*

## Clár Ealaíontóirí Cónaithe

**In 2021 agus 2022, d'oibrigh an Scéim Ealaíontóirí Cónaithe i gcomhpháirt le Músaem Náisiúnta na hÉireann, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, an Chartlann Náisiúnta, an Chartlann Mhíleata agus Beyond 2022| Tionscadal Státchiste Taifead Fíorúil na hÉireann. Rinne an 5 ealaíontóir a roghnaíodh machnamh ar na bailiúcháin shaibhre atá i seilbh a gcomhpháirtí óstach, agus chomhoibrigh siad leo, chun píosaí nuálacha agus saothar samhlaíoch a chruthú chun tacú leis an lucht féachana agus lucht féachana na mbailiúchán seo a mhéadú.**

**Mar gheall ar rath na gcomhpháirtíochtaí sin agus na saothair luachmhara a cuireadh le chéile go dtí seo, cuireadh síneadh leis an Scéim seo in 2023 chun deis a thabhairt do na healaíontóirí atá ann cheana leanúint lena gcuid oibre go dtí go mbeidh deireadh le Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán.**



## EALAÍONTÓIR CÓNAITHE BEYOND 2022 MAIRÉAD MCCLEAN

Le linn bliain an-ghnóthach d'Ealaíontóir Cónaithe Dheich mBliana na gCuimhneachán, agus muid ag scáthú foireann tionscadail Beyond 22 ina bhfuil saineolaithe ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an tIonad Oiriúnaithe, ár gCartlann Náisiúnta féin, Oifig na dTaifead Poiblí i dTuaisceart Éireann agus Cartlann Náisiúnta in Kew, Sasana, thuig mé nár leor an t-am a bhí agam chun scannán a dhéanamh ag machnamh ar an gcomhoibriú uathúil seo agus go raibh gá le hobair níos leithne.

Bhí an próiseas a bhí in úsáid chun na déantáin fhisiciúla sna cartlanna a athrú ina sonraí digiteacha trí obair foirne dochreidte agus fuair mé amach go raibh sé an-ábhartha do mo chuid oibre roimhe seo ar go leor bealaí. Mar shampla, agus mé ag déanamh físeáin den fhoireann Chaomhnaithe sa Chartlann Náisiúnta, d'aithin mé nach amháin go raibh siad ag tabhairt an tsaoil ar ais chun beatha sna cáipéisí dóite a sábháladh ón tine 100 bliain ó shin, ach go raibh comharthaí agus uirlisí na hoibre a úsáideadh sa phróiseas aisghabhála ag teacht leo siúd a d'úsáid mise agus mé i mbun eagarthóireacht scannáin 16mm nuair a ghlantar salachar agus deannach as stiallacha scannáin sula gcuirtear le chéile iad i spladhsálaí eagarthóireachta le bheith ina sheicheamh scannáin iomlán. Sa dá phróiseas déantar an déantús a aistriú agus ansin déantar é a athrú tuilleadh trí dhigitiú d'fhonn é a oscailt do lucht féachana níos leithne chun é a scaipeadh agus a úsáid.

Thit blúirí beaga bídeacha dóite d'imill na ndéantán a ndearnadh damáiste dóibh nuair a bhí siad á nglanadh agus anois is leitmóitíf thábhachtach den scannán nua é sin. Cad iad na scéalta is féidir a insint tríothu? Cad iad na rúin atá i bhfolach iontu? Agus maoiniú á chur ar fáil ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann chun scannán níos faide a dhéanamh, tabharfaidh mé faoin iarracht nua seo anois. Ba mhaith liom aird a tharraingt ar na comhlachtaí sa chartlann, iadsan a n-oibríonn léi agus iadsan a bhfuil a saol caomhnaithe laistigh di. Cuirfear an scannán i láthair ar fud Oileán na hÉireann agus níos faide i gcéin, agus rachaidh an t-ábhar i gcion ar dhaoine in go leor tíortha eile a ndeachaigh caillteanas cultúir trí chogadh i bhfeidhm ar a saol.




*Íomhánna le caoinchead ó Mhairéad McClean.*

Déanfaidh mo scannán nua iniúchadh ar dhomhan ina dtagann an t-am atá thart, an lá atá inniu ann agus an todhchaí le chéile. Déanfaidh sé iniúchadh ar an smaoineamh nach bhfuil an stair ina stad, gur rud corraitheach é an t-am atá thart. Is minic a luíonn an fhírinne sin i mblúirí beaga i mbun próca gloine.

***Mairéad McClean - Ealaíontóir Cónaithe Beyond 2022***



## EALAÍONTÓIRÍ CÓNAITHE NA CARTLAINNE MÍLEATA STUDIO 9

Is stiúideo beochan íomhá ar íomhá é Studio 9 atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Táimid ar bís go bhfuil cead againn fanacht arís sa Chartlann Mhíleata.

Anuraidh, i gcomhar le foireann na Cartlainne, rinne muid taighde ar dhéantáin ar leith agus rinne muid iniúchadh ar na scéalta a bhaineann leo trí scriptscríbhneoireacht agus scéalaíocht.

I mbliana, forbróimid an taighde sin ar fad agus cruthóimid gearrscannán beochana a inseoidh scéal Dheich mBliana na gCuimhneachán agus é dírithe ar pháistí 8-10 mbliana d'aois. Sa bheochan, leanfar rang bunscoile agus iad ag dul chuig an gCartlann ar thuras scoile. Agus iad ag caint leis an gcartlannaí, taispeánfaidh sé réimse déantúsán fíorspéisiúil dóibh agus léireofar scéal na ndeich mbliana sin don rang.

Meascán de bheochan íomhá ar íomhá agus beochan dhigiteach 2T a bheidh sa phíosa. Déanfaidh sé iarracht an tréimhse sin a thabhairt chun beatha in intinn lucht féachana níos óige, trí iniúchadh a dhéanamh ar chuid de na scéalta pearsanta atá ceangailte leis na déantáin sin.

Is é aidhm na beochana an tréimhse chasta ríthábhachtach seo dár stair a mhíniú ar bhealach inrochtana agus a gcuimhneofar uirthi.






*Íomhánna le caoinchead ó Studio 9.*

## EALAÍONTÓIR CÓNAITHE IN ARD-MHÚSEAM NA hÉIREANN ANTHONY HAUGHEY

Ó glacadh leis an gcónaitheacht in Ard-Mhúsaem na hÉireann in 2021, tharraing Anthony Haughey, ar ealaíontóir, grianghrafadóir, scannánóir agus oideachasóir sóisialta é, spéis breis is 300 duine arb ionadaithe iad ar réimse éagsúil cuairteoirí, pobail agus grúpaí Músaem ar fud na hÉireann. Leanfar leis an gcónaitheacht in 2023.

Tá an t-ealaíontóir ag obair chun saothair ina bhfuil doimhneacht agus uaillmhian a chomhchruthú le pobail, agus é ag glacadh inspioráide ó bhailiúcháin Ard-Mhúsaem na hÉireann agus ó na foirgnimh ina bhfuil siad lonnaithe, de bhrí go mbaineann siad le Deich mBliana na gCuimhneachán. Ina chleachtas comhoibríonn sé go forleathan le pobail spéise chun saothair ealaíne a chomhchruthú a bhfuil na cuspóirí céanna acu; dúshlán na héagothroime a thabhairt agus claochlú sóisialta a chur chun cinn. Tá a stiúideo ealaíne suite in Ard-Mhúsaem na hÉireann i nDún Uí Choileáin, agus samhlaítear é mar shaotharlann foghlama, áit a mbíonn comhráite dinimiciúla, ceardlanna, agus próisis fhada mar thoradh ar chomhchruthú saothar ealaíne atá ina léiriú ar am spreagúil inar tharla athrú in Éirinn. Is gné lárnach de chlár an Mhúsaeim í an chónaitheacht do bhlianta deiridh dheich mbliana na gCuimhneachán; sa chomhthéacs seo, tá suim ar leith ag Haughey sa chaoi a smaoinítear ar cheisteanna tábhachtacha i nDeich mBliana na gCuimhneachán in Éirinn maidir leis an gcaoi a dtuigimid agus a nglacaimid le féiniúlachtaí cultúir atá ag teacht chun cinn. Cuireadh saothar ealaíne dar teideal ‘ we make our own histories’ a chruthaigh Haughey agus daoine óga áitiúla an Mhúsaeim i nDún Uí Choileáin agus i bPáirc Thurlaigh i Maigh Eo ar taispeáint in Ard-Mhúsaem na hÉireann – na hEalaíona Maisiúla & Stair, Dún Uí Choileáin i mí na Samhna 2022.

Tá roinnt snáitheanna leis an gcónaitheacht uaillmhianach seo lena n-áirítear:

- Taispeántas saothar a cruthaíodh tríd an gcónaitheacht;
- Mórthionscadal taighde;
- Tionscadal ar Thionóil Scoileanna ina mbeidh an t-ealaíontóir ag dul amach chuig scoileanna ar fud na hÉireann chun sraith d’fhóraim chriticiúla a reáchtáil a dhéanfar a scannánú; agus
- Léiriú beo poiblí i nDún Uí Choileáin ar Lá Saothair (1 Bealtaine 2023).




*Sinne Údair ár Staire Féin.*
*Le caoinchead ó Ard-Mhúsaem na hÉireann.*

# Gradam Markievicz

Tá Gradam Markievicz fós ann le hómós a léiriú ar Constance de Markievicz – ealaíontóir í féin – agus le tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí ó gach cúlra agus atá ag obair i ngach seánra le forbairt a dhéanamh ar a gceird agus, sa deireadh, le saothar úr agus ealaín ardchaighdeáin a chur ar fáil ina n-aithnítear, ról na mban sa tréimhse a bhaineann leis an gcomóradh céad bliain agus ina dhiaidh, chomh maith le machnamh agus comóradh a dhéanamh ar an ról sin.

Is é is cuspóir leis an nGradam feabhas a bhaint amach ar an ionadaíocht ar róil, taithí agus uaillmhianta ban mar thoradh ar an saothar úr seo i réimse leathan foirmeacha ealaíne.

Tá Gradaim á mbronnadh faoin scéim ar suas le deichniúr (10) ealaíontóirí gach bliain sa tréimhse 2021-2023 (idir ealaíontóirí atá ag obair leo féin agus ealaíontóirí atá ag obair i gcomhar le daoine eile) suas le €25k an gradam ar a mhéad.

***Seo an cúigiú bliain den Ghradam agus tá 32 ealaíontóir atá ag obair i réimse seánraí i ndiaidh tairbhe a bhaint as sciar den €700,000 atá bronnta go dtí seo. Fógróidh an tAire Martin buaiteoirí na ngradam in 2023 i mí Aibreáin.***



*Na daoine ar bronnadh Gradam Markievicz orthu.*



*'Mar a Bhídís', comóradh céad bliain ar 'Fhir an Deiscirt' le Seán Keating, Gailearaí Ealaíne Crawford, 2022.*
*Grianghraf © Marcin Lewandowski.*

## RTÉ

D’oibrigh RTÉ leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar réimse tionscnamh i rith Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán. Clúdaíonn sé imeachtaí éagsúla Comórtha Stáit beo ar an aer agus táirgeann sé ábhar agus cláir chultúrtha ar ardchaighdeán, seirbhís phoiblí, a bhfuil stíl faisnéise acu de réir chuspóirí Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán. Cuireann RTÉ an-chuid taithí agus ábhar cartlainne ar fáil freisin a thacaíonn leis na cláir agus na comhpháirtithe éagsúla a bhfuil baint acu le Deich mBliana na gCuimhneachán.

D’fhorbair RTÉ clár cuimsitheach a chlúdaíonn blianta deiridh Dheich mBliana na gCuimhneachán ina bhfuil ábhar fíorasach agus cultúir araon a thugann aghaidh ar na cuspóirí agus na téamaí a leagadh amach sa chlár céad bliain. Meascán de léiriúcháin intí agus neamhspleácha is iad na cláir agus tá sé de chumas ag na tionscadail a roghnaíodh lucht féachana leathan a mhealladh ar iliomad ardán. I measc na mbuaicphointí do 2023 tá:

### The Silent Civil War [Cogadh Ciúin na gCarad]

Is éard atá i gceist leis seo dhá cheann de chláir faisnéise don teilifís agus ábhar nua ar líne a chuirfear ar fáil níos moille i mbliana. Tionscadal ilardán ildisciplíneach staire béil é seo i gcomhar le RTÉ agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD. Mar chuid den saothar cluinimid fianaise ó gharghaolta daoine a bhí páirteach i gCogadh na gCarad, taobh le cuimhní a cuireadh ar aghaidh i bpobail éagsúla ar fud na tíre. Rinneadh é a scannánú agus a bhailiú thar thréimhse bliana in áiteanna ar fud na hÉireann, agus déanfar cartlann mhór ar líne den bhunphíosa scannánaíochta a bheidh idir RTÉ agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD. Gné thábhachtach den chlár le linn Dheich mBliana na gCuimhneachán is ea saol shaoránaigh na hÉireann a thaifeadadh sa tréimhse réabhlóideach agus fad a mhair Cogadh na gCarad. Cuirfidh RTÉ sraith de chineálacha tacaíochta agus acmhainní ar líne le chéile mar aon le hábhar saincheaptha eile a ghabhfaidh leis an bpíosa don teilifís.



*Baill den fhoireann taighde acadúil ag obair ar Thionscadal Chuimhní Chogadh na gCarad. Le caoinchead ó RTÉ.*

### The County Measure [Slat Tomhais na gContaetha]

Tionscadal il-ardán é seo. Cuireadh tús leis in 2022 agus 8 n-eipeasóid ann agus sa deireadh beidh 32 uair an chloig de chláir ar Raidió 1 ag baint leis. Déantar iarracht ann ‘atlas raidió na hÉireann’ a fhorbairt, agus tugtar léargas ar shaol cultúir an oileáin, contae ar chontae, a fhágfaidh oidhreacht ina dhiaidh mar léiriú ar an bpobal atá ionainn i láthair na huaire. Tá blaiseadh de nádúr cultúir na gcontaetha féin ann 100 bliain ar aghaidh ó bunaíodh an stát agus, mar sin, beidh ábhar luachmhar fágtha ina dhiaidh a rachaidh chun tairbhe do na glúnta atá le teacht. Sna próifílí comhaimseartha seo, táthar ag tarraingt ar bhreathnú ar an láthair agus agallaimh as a bhfaightear moll mór scéalta pearsanta ó mhuintir gach contae, agus an méid sin fite fuaite le saothar nua arna choimisiúnú ó ealaíontóirí, ceoltóirí agus filí áitiúla.


### Éire 2023

Agus é ag dul isteach i gConradh na Náisiún in 1923, bhí Saorstát Éireann ag glacadh a áit i measc náisiúin an domhain. I mbliana mar chuid de Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán, agus le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, forbróidh RTÉ ócáid chultúir spreagúil mhórscála teilifíse agus tras-mheáin a chraolfar chun comóradh céad bliain a dhéanamh ar Éirinn ag dul isteach i gConradh na Náisiún. Beidh gnéithe den tsiamsaíocht, ealaíon agus cultúr, stair agus an Ghaeilge le feiceáil anseo agus beidh gné rannpháirtíochta poiblí acu. Tá sé i gceist go léireoidh an ócáid seo éachtaí chéad bliain tosaigh an Stáit agus muid ag súil go mór leis an dara céad bliain freisin agus is deireadh oiriúnach a bheidh ansin le Deich mBliana na gCuimhneachán.

## ARDÁIN RANNPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ

### rte.ie/history

Mar aon leis an gclár faisnéise, tá obair ar bun le go mbeidh clár suntasach ar líne dírithe go hiomlán ar Chogadh na gCarad ar fáil anuas ar an ábhar fiúntach atá ar www.rte.ie/history cheana féin a bhaineann leis an gCéad Chogadh Domhanda, le 1916, le Cogadh na Saoirse agus leis an nGorta Mór. Tá an tionscadal bunaithe ar Chogadh na gCarad ag cur leis an méid atá sa tionscadal ar Chogadh na Saoirse. Mar chuid den tionscadal tá ailt inléite tharraingteacha agus neart le foghlaim iontu scríofa ag staraithe ina dtugtar míniú agus anailís ar na himeachtaí agus ceisteanna ba thábhachtaí i gCogadh na gCarad, idir Aslonnú Fhórsaí na Corónach agus Chath Bhaile Átha Cliath, idir bhás Mhichíl Uí Choileáin, bhunú Shaorstát Éireann agus gach ar thit amach dá éis.



Samhlaíochta Cruthaithí

ARDÁIN RANNPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ

## Century Ireland


Is nuachtán stairiúil ar líne é tionscadal Century Ireland a insíonn scéal imeachtaí shaol na hÉireann céad bliain ó shin. Seoladh an tionscadal 10 mbliana seo i mBealtaine 2013 agus reáchtáladh é i rith Dheich mBliana iomlána na gCuimhneachán. Tá an suíomh gréasáin á fhoilsiú ag foireann taighdeoirí in Boston College Ireland, cuireann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maoiniú ar fáil dó agus is féidir é a fheiceáil ar www.rte.ie.

Tacaíonn raidhse ábhar físiúil, cartlainne agus comhthéacsúil le tuairisciú nuachta ar an saol in Éirinn 100 bliain ó shin chun tuiscint a fhorbairt ar chastachtaí shaol na hÉireann sna blianta idir 1912 agus 1923.

Cuireann sceideal craolta RTÉ agus ábhar ó chartlanna RTÉ go mór le hábhar Century Ireland freisin.

I gcroílár Century Ireland tá comhpháirtíocht chomhoibritheach idir na mórinstitiúidí cultúir agus oideachais in Éirinn. Trí oibriú le chéile, tá réimse ábhar nach bhfeictear go minic (nó riamh) ar fáil ag na comhpháirtithe a thugann beocht d'imeachtaí céad bliain ó shin. Bronnadh roinnt duaiseanna ar Century Ireland as a aschur agus tugadh ardmholadh dó mar acmhainn thábhachtach a léiríonn príomhthréimhse stairiúil Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Foilseofar leabhar nua de chuid Century Ireland ag deireadh 2023, agus beidh caibidil ann do gach bliain idir 1913 agus 1923. Beidh aistí, íomhánna agus doiciméid théamacha a bhaineann leis an mbliain i ngach caibidil, agus tabharfaidh sé blaiseadh de stair na tréimhse 1913-23 chomh maith leis na gníomhartha cuimhneacháin a tharla i dtréimhse 2013-23.


11 November 1918
Poland regains its independence after 123 years of occupation and repeated partitions.

11 November 1918
Allied powers agree an armistice with Germany at Compiégne, France, at 5am - hostilities cease at 11am.

14 November 1918
British Prime Minister, David Lloyd George, announces December 14 as the date of the Westminster general election. It will be the first since 1910.

28 November 1918
Kaiser Wilhelm II has abdicated the German Imperial throne and crossed the Dutch border.

**Constance Markievicz becomes first female MP**

**December 1918 - The results from the Dublin city and county divisions were announced in the Green Street Courthouse in Dublin on 28 December.**

Outside there were enthusiastic scenes as Sinn Féin supporters celebrated the results, most notably the historic election of Constance Markievicz in the St Patrick's constituency.

She is the first woman to be elected to the House of Commons, although she has pledged not to take her seat.

Constance Markievicz lapel badge printed for the 1918 general electionPhoto: National Library of Ireland

Madame Markievicz was of course not on hand to savour her moment of triumph as she is currently imprisoned in Holloway Jail, but Joseph Cleary offered thanks on her behalf, remarking that now that parliamentarianism had been routed in the city, 'the humbug is now over'.

For the *Belfast News Letter*, however, the historic result in the St. Patrick's constituency had conferred a 'doubtful distinction' on Dublin, the new MP serving as more a representative of 'militant Sinn Féin than of the gentler sex'.

The other female Sinn Féin candidate, Winifred Carney, polled poorly in the constituency of Victoria in Belfast.



26 Century Ireland: 2013–2023

**Ireland celebrates its first war-free Christmas in five years**

**December 1918 - For the first time in five years, the dark shadow of a destructive world war did not hang over Christmas in Ireland.**

There was an enthusiasm for the season that had been understandably absent in recent times. Churches were full, the shops were busy and sports and theatres were well patronised.

In Dublin, the congregations attending the various church services were enormous. In the Pro-Cathedral, the Most Rev. Dr Walsh presided over 12 o'clock High Mass on Christmas Day which was attended by the Lord Mayor and several members of Dublin Corporation.

Other city and suburban Catholic churches also reported large congregations, as did the churches of the protestant denominations. At Christchurch, carols were sung on Christmas Eve, and on Christmas Day, in his sermon, the Right Rev. Dr Bernard made reference to the re-establishment of peace and the promise of a benediction of peace as the ideal of the post-war conference.

More pointedly, and with an eye firmly fixed on the domestic political scene, Dr Bernard remarked: 'Let their Christmas resolve on the one side and the other side be at any rate to abstain from bitter words – too frequently on the lips of Irishmen in the past – words which serve no purpose either of righteousness or peace.'

Across the Christmas period, many of the shops reported an excellent trade and the crowds on the streets of Ireland's towns and cities were augmented by large numbers of soldiers and sailors home on leave.

9 December 1918
Richard Coleman, a political prisoner from Swords, Co. Dublin, dies of flu in Usk Prison, Wales.

13 December 1918
U.S. President Woodrow Wilson arrives in Paris for a post-war Peace Conference.

14 December 1918
Election Day:Irish and British voters go to the polls in unprecedented numbers as a result of an extended franchise.

17 December 1918
Charles Hurley from Charleville appears before a general court-martial at Cork Barracks. He is charged with plotting a 'second rebellion'.

28 December 1918
Results of the general election confirm the triumph of Sinn Féin and the demise of the Irish Parliamentary Party.

Armistice 27

*Sampla den fhoilseachán nua ón tionscadal Century Ireland. Le caoinchead ó Century Ireland.*

## Forlíonadh nuachtáin Irish Times 'Century'

Tá The Irish Times ag leanúint lena shraith forlíonta nuachtáin speisialta chun deich mbliana na gCuimhneachán 1912–1923 a chomóradh. Chomh maith le díolacháin mhiondíola, dáileadh na foilseacháin seo ar gach bunscoil in Éirinn, le tacaíocht ón Roinn Oideachais; agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

# Príomhtheagmhálaithe agus acmhainní

## An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

- www.gov.ie
- @DeptCultureIRL
- @DepartmentofCultureIRL
- tourism.culture.gaeltacht
- departmentofcultureirl

Comhordaíonn an Roinn forbairt agus seachadadh Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán de chuid an Rialtais go náisiúnta agus is féidir teagmháil a dhéanamh léi trí commemorations@tcagsm.gov.ie maidir leis an doiciméad seo nó aon ábhar eile a bhaineann leis an gclár

## Deich mBliana na gCuimhneachán

- www.decadeofcentenaries.com
- @Centenaries
- @decadeofcentenaries

Tá an acmhainn thiomnaithe seo á bainistiú ag History Ireland i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus cuirtear ar fáil leis eolas ar líne faoi Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán, clár an rialtais.

## Mná100

Is ardán ar líne ar leith é www.mna100.ie a leagann béim ar ról na mban sna príomh-chuimhneacháin ar gá smaoineamh orthu sa chuid eile de chlár na gCuimhneachán.

Tá scéalta nua ann faoi mhná a bhí gníomhach in Éirinn, chomh maith le mná thar lear a chabhraigh le hÉirinn san fheachtas ar son an neamhspleáchais le linn na mblianta cinniúnacha sin. Féachann an suíomh gréasáin ar an gcaoi ar mhúnlaigh imeachtaí na mblianta sin saol na mban a mhair le linn an ama sin agus iadsan a tháinig ina dhiaidh sin.

## Virtual Record Treasury of Ireland

- www.virtualtreasury.ie
- @VirtualTreasury

Rinne tionscadal Beyond 2022 atógáil fhíorúil ar Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann, a scriosadh sa chéad chuid den Chogadh Cathartha in 1922. Tá na milliúin focal ó dhoiciméid a scriosadh ar fáil le breathnú orthu ar líne, chomh maith le hatógáil thumthach 3-D den fhoirgneamh a scriosadh.

## Cartlann Mhíleata

- www.militaryarchives.ie/home
- @dfarchives
- dfarchives

Is í an Chartlann Mhíleata an áit oifigiúil éarlais do thaifid Óglaigh na hÉireann, na Roinne Cosanta agus Bhord na nArm-Phinsean.

## Bailiúchán Pinsean na Seirbhíse Míleata

- www.militaryarchives.ie/collections/online-collections/military-service-pensions-collection-1916-1923
- @mspcblog

Tugann an Bailiúchán, de bheagnach 300,000 comhad iarratais agus doiciméid tacaíochta, léargas mionsonraithe ar Óglaigh na hÉireann, ar Arm na hÉireann agus ar ghníomhaíochtaí fórsaí frithchonartha i rith na tréimhse ó Éirí Amach 1916 go deireadh Chogadh na gCarad in 1923.

## Century Ireland

- www.rte.ie/centuryireland/
- @CenturyIRL

Is nuachtán staire ar líne é tionscadal Century Ireland atá á fhoilsiú ag foireann taighdeoirí in Boston College Ireland agus a chuireann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maoiniú ar fáil dó . Is féidir é a fháil ar www.rte.ie.

D'aimsigh na taighdeoirí scéal-línte agus cartlanna tacaíochta do 2023 agus tá siad ag scríobh agus ag coimisiúnú anailíse agus gné-ailt chun tacú leis an tuarascáil stairiúil.

## Institiúidí Cultúir Náisiúnta

Cliceáil anseo

## Comhordaitheoirí údaráis áitiúla Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023

Cliceáil anseo